

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

*Leabhair Shamuél a thugaid na hÉabhraigh ar an leabhar so agus ar an leabhar 'na dhiaidh, óir is ar Shamuél atá cúntas iontu; agus ar an dá rí do úng Samuél, .i. Saul agus Dáivid. An chéad leabhar agus an tarna leabhar ríthe is ea is mó a thugaid na haithreacha orthu. I dtaobh cé a scríbh iad, is í an bharúil choiteann gurb é Samuél do scríbh an chéad leabhar acu, chómh fada amach leis an gcúigiú caibideal fichid, agus gurb iad an dá fháidh, Natan agus Gad, do chríochnaigh an chéad leabhar agus do scríbh an tarna leabhar. Feic 1 Paralipomenon alias Chronic 29:29.*

### Caib. a hAon

*Bhí Anna, bean Elcana, aimrid, agus le móid a dhéanamh, agus le guí, do fuair sí mac a bheith aici. Thug í Samuél mar ainm air. Agus thug sí suas chun seirbhíse Dé é i Síló, de réir mar a bhí móidithe aici.*

1 Bhí fear i Ramotaimsophim, de chnuc Ephraim, agus Elcana ab ainm do, mac do Iéroham, mac Eliu, mhic Tohu, mhic Suph, an tEphraimíteach<sup>1</sup>. 2 Agus bhí beirt bhan aige agus Anna ab ainm do mhnaoi acu agus Phenenna ab ainm don mhnaoi eile. Bhí clann ag Phenenna, ach ní raibh aon chlann ag Anna. 3 Agus théadh an fear san suas, an laethanta ceapaithe, ag adhradh agus ag ofráil íbirtí chun Tiarna na sló i Síló. Agus bhí ann, 'na sagartaibh don Tiarna Ophi agus Phinees, beirt mhac Héilí. 4 Ach tháinig an lá agus dhein Elcana an íbirt, agus thug sé dá mhnaoi, do Phenenna, agus dá chlaínn mhac agus dá chlaínn iníon go léir, míreanna. 5 Ach thug sé, go dúbh, aon mhír amháin d'Anna, mar bhí grá aige dhi. Agus bhí an Tiarna tar éis a bruinne do dhúnadh. 6 Agus bhíodh a tnúthach dhá crá, leis, agus ag cur uirthi go hana-mhór, chómh mór san go mbíodh sí dhá chasadh léi go raibh an Tiarna tar éis a bruinne do dhúnadh suas. 7 Agus dheineadh sí mar sin gach aon bhliain, nuair ' thagadh an t-am 'na dtéidís suas go dtí teampall an Tiarna: agus bhíodh sí dhá crá ar an gcuma san. Agus bhíodh Anna ag gol agus ní itheadh sí bia.

8 Agus duairt a fear, Elcana, léi: A Anna, cad 'na thaobh duit bheith ag gol? Agus cad 'na thaobh ná hitheann tú bia? Agus cad 'na thaobh duit do chroí ' bheith buartha agat? Nách fearra dhuit mise agat ná deichniúr mac?

9 Agus d'éirigh Anna tar éis bídh agus dí do chaitheamh<sup>\*</sup>: agus bhí Héilí, an sagart, 'na shuí ar shuíochán ar aghaidh dorais teampaill an Tiarna amach: 10 ó bhí a croí lán de bhrón ag Anna chuir sí a guí chun Dé agus í ag gol go faíoch, 11 agus dhein sí móid, dhá rá so: Ó a Thiarna na sló, má fhéachann tú anuas ar bhuaire do sheirbhísigh, agus má chuímhníonn tú orm agus gan dearúd a dhéanamh ded bhanóglach, agus go dtabharfair dod sheirbhíseach leanbh mic, tabharfadsa suas don Tiarna é laethanta a bheatha go léir agus ní raghaidh aon deímheas ar a cheann. 12 Agus thit amach, agus í ag iomadú a guíonna<sup>\*</sup>, gur thug Héilí fé ndeara a béal. 13 Agus is 'na croí a bhí Anna ag labhairt agus ná raibh ag corraí ach a beóil, ach nár hairíodh a glór in aon chor. Do mheas Héilí, dá bhrí sin, gur ar meisce a bhí sí, 14 agus duairt sé léi: An fada a bheidh tú ar meisce? Cuir díot beagán an fíon go bhfuil an iomad de ólta agat. 15 Agus d'fhreagair Anna: Ní hamhlaidh sin atá, a Thiarna, ach is bean ana-léanmhar me. Níl fíon ná aon deoch láidir ólta agam, ach tá m'anam curtha amach agam i láthair an Tiarna. 16 Ná háirimh do bhanóglach ar dhuine d'iníonachaibh Bheliail, óir as líonmhaire mo bhróin agus mo bhuartha atá labhartha agam go dtí anois. 17 Ansan duairt Héilí léi: Imigh i síocháin; agus go dtugaidh Dia Israél duit an tabharthas atá iarrtha agat air. 18 Agus duairt sise: Go dtugaidh Dia go bhfaighidh do bhanóglach fabhar id shúilibh, agus d'imigh an bhean agus chaith sí a cuid bídh agus ní raibh athrú gné a thuilleadh uirthi.

1 Caib. 1. véar. 1. "Ephraimíteach". De threibh Léví ab ea é (1 Par. 6:34), ach tugtar Ephraimíteach air, toisc é ' bheith 'na chónaí i gcnuc Ephraim.

19 Agus d'éiríodar ar maidin agus d'adhradar os cómhair an Tiarna agus d'fhilleadar agus thánadar chun a dtí féin i Ramata. Agus d'aithin Elcana a bhean Anna, agus do chuímhnigh an Tiarna uirthi. 20 Agus do thárla, nuair a tháinig an t-am, gur ghoibh Anna gein agus gur rug sí mac, agus thug sí Samuél<sup>1</sup> mar ainm air, mar is amhlaidh a d'iarr sí ar an dTiarna é.

21 Agus chuaigh Elcana, a fear, suas, agus a theaghlach go léir, chun na híbirte solmanta d'ofráil chun an Tiarna, agus a mhóid. 22 Agus níor chuaigh Anna suas; óir duairt sí lena fear. Ní raghadsa ann go dtí go ndeighilfar an leanbh agus go bhféadfad é ' bhreith liom agus go dtaispeánfar é os cómhair an Tiarna, agus go bhféadfaidh sé fanúint ann i gcónaí. 23 Agus duairt Elcana, a fear, léi: Dein mar a mheasann tú is ceart agus fan go ndeighlir an leanbh, agus guímse go gcómhlaíodh an Tiarna a bhriathar. Mar sin d'fhan an bhean sa bhaile agus bhí sí ag tabhairt bhainne cí' don leanbh go dtí gur dheighil sí é. 24 Ansan nuair a bhí sé deighilte aici, do rug sí léi é, agus trí gamhna, agus trí buiséil plúir, agus buidéal fiona, agus do rug sí go tigh an Tiarna i Siló é. Ach bhí an leanbh an-óg fós: 25 agus d'íbreadar an gamhain, agus tharraigeadar an leanbh do Héilí. 26 Agus duairt Anna: Aicim ort, a Thiarna, mar is beó t'anam, a thiarna, is mise an bhean úd a sheasaimh os do chómhair anso, ag cur mo ghuí chun an Tiarna; 27 is go bhfaighinn an leanbh so a bhíos ag guí, agus thug an Tiarna mo ghuí dhom, an rud a dh'iarras air. 28 Dá bhrí sin, tá sé tabhartha agamsa ar iasacht don Tiarna laethanta uile a bheatha, tabharfar ar iasacht don Tiarna é. Agus d'adhradar an Tiarna san áit sin. Agus bhí Anna ag guí agus duairt sí:—

## Caib. a Dó

*Cantic Anna. Mallaitheacht chlainne Héilí; agus gan an smacht ceart ag á n-athair dhá chur orthu. Targaireacht in aghaidh teaghlaigh Héilí.*

1 Do ghlac mo chroí áthas sa Tiarna,  
agus tá m'adharc<sup>2</sup> árdaithe im Dhia:  
do leathadh mo bhéal os cionn mo namhad  
toisc gur ghlacas áthas id shlánúsa.  
2 Níl aon naofa mar an dTiarna,  
óir níl éinne eile i t'éaghmais,  
agus níl éinne láidir mar ár nDiane.  
3 Ná hiomadaídh ag labhairt nithe árda ag maíomh.  
Imíodh sean-nithe as úr mbéalaibh,  
Óir is Dia gach eólais an Tiarna,  
agus is do a hollmhaítear smaointe.  
4 Cloítear bogha an chómhachtaigh,  
agus criostar le neart an lag.  
5 An mhúintir a bhí lán ar dtúis tá réitithe acu ar arán,  
agus táid lucht an ocrais líonta,  
i dtreó go bhfuil mórán berthas ag an aimrid,  
agus gur lagaigh an bhean go raibh mórán clainne aici.  
6 Is é an Tiarna a dheineann bású agus beóú,  
is é a bheireann síos go hifreann agus a thugann thar n-ais arís.  
7 Is é an Tiarna do bhochtaíonn, agus do shaibhríonn.  
Úmhlaíonn sé agus árdáíonn sé.  
8 Tógann sé an dealbh as an luaithrigh,  
agus árdáíonn sé an bocht ón gcárn-aoiligh,  
chun go suífeadh sé i bhfochair ríogra  
agus go sealbhódh sé cathaoir na glóire.

1 Véar. 20. "Samuél". Ciallaíonn an ainm, "iarrtha ar Dhia".

2 Caib. 2. véar. 1. "M'adharc". Ciallaíonn "adharc", sa scriptiúir, neart, nú cómhacht. Nuair a gheibheann duine breis nirt nú breis glóire, deirtear go n-árdaítear a adharc.

## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

Óir is leis an dTiarna tuisleanna an domhain,  
agus is orthu atá an chruinne socair aige.  
9 Cimeádfaidh sé cosa a naomh féin,  
agus beidh an lucht mallaithe ciúin sa doircheacht.

Óir ní bheidh éinne láidir as a neart féin.  
10 Scannróid a namhaid roimis an dTiarna,  
agus déanfaidh sé tóirthneach orthu in sna spéarthaibh.  
Tabharfaidh an Tiarna breith ar chríochoibh an domhain,  
agus tabharfaidh sé ímpireacht dá rí féin.  
Agus árdóidh sé adharc a Chríost.

11 Ansan chuaigh Elcana go dtí Ramata, chun a thí, agus bhí an leanbh ag friothálamh i radharc an Tiarna, os cómhair Héli, an sagart. 12 Clann do Bhelial, áfach, ab ea clann mhac Héli, gan aithne acu ar an dTiarna, 13 ná ar oifig na sagart chun na ndaoine: ach pé duine d’ofráladh íbirt, thagadh seirbhíseach an tsagairt, an fhaid a bhíodh an fheoil dá beiriú, agus adhal trí mbeann ’na láimh aige, 14 agus do shádh sé an t-adhal síos sa chiteal, nú sa choire, nú sa chorcán, nú san oigheann, agus thógadh an sagart chuige féin pé rud a thugadh an t-adhal aníos leis. Sin mar a dheinidís le hIraél uile a bhíodh ag teacht go Síló. 15 Ar an gcuma gcéanna, sara ndóithí an tsaill, thagadh seirbhíseach an tsagairt, agus deireadh sé leis an bhfear a bhíodh ag íbirt: Tabhair dom feoil le beiriú don tsagart; óir ní thógfad uait feoil leathbheirithe, ach feoil amh. 16 Agus deireadh an fear a bhíodh ag íbirt: Leog an tsaill a dhó ar dtúis, inniu de réir an nóis agus ansan tóg an méid is mó is maith leat. Ach deireadh seisean: Ní hea, ach tabhair dom anois í, nú tógfad ar éigin í. 17 Dá bhrí sin, bhí peaca na bhfear óg léanmhar thar na beartaibh os cómhair an Tiarna: mar bhíodar ag cimeád na ndaoine ó íbirt an Tiarna.

18 Ach bhí Samuél ag friothálamh os cómhair an Tiarna: agus é ’na leanbh agus *ephod* línéadaigh fan chuím air. 19 Agus do dheineadh a mháthair casóg bheag do a thugadh sí chuige na laethanta ceapaithe, nuair a théadh sí suas in éineacht lena fear chun na hÍbirte solmanta d’ofráil. 20 Agus chuir Héli a bheannacht ar Elcana agus ar a mhnaoi agus duairt sé leis: Go dtugaidh an Tiarna síol duit ón mnaoi seo thar cheann na hiasachta atá tabhartha agat don Tiarna\*. 21 Agus d’fhéach an Tiarna chun Anna agus do ghoibh sí, agus do rug sí triúr mac agus beirt iníon, agus do móradh an leanbh Samuél os cómhair an Tiarna.

22 Bhí Héli an-aosta, áfach, agus d’airigh sé na nithe a bhíodh ag á mhacaibh á dhéanamh le Israél go léir, agus conas mar a luídís leis na mnáibh a bhíodh ag faire ag doras an taibearnacail: 23 agus duairt sé leo: Cad chuige dhíbh bheith ag déanamh na nithe seo a dh’airím, nithe ana-mhallaithe, ó sna daoine, go léir. 24 Ná deinidh amhlaidh, a chlann ó: óir ní fóna an ráfla a dh’airím: go gcuireann sibh ’ fhéachaint ar phobal an Tiarna iomarbhas a dhéanamh. 25 Má dheineann duine peaca in aghaidh duine eile is féidir Dia ’ cheannsú dho: ach má dheineann duine peaca in aghaidh an Tiarna féin, cé ’ ghuífidh air? Agus níor éisteadar le guth a n-athar; óir b’ é toil an

1 Véar. 25. “Cé ’ ghuífidh air?” Do mheas Héli a chur ’na luí ar a mhacaibh, leis an gcainnt sin, go rabhadar dhá ngearradh féin amach ó aon fháil a bheith acu ar shíocháin a dhéanamh le Dia, mar go raibh an úsáid mhallaithe acu á dhéanamh de sna hÍbirtíbh, agus gan aon tslí eile ann chun síochána do dhéanamh le Dia ach na hÍbirtí céanna san. Bhí an doras chun na síochána acu á dhúnadh orthu féin. Go mór mór, ó b’ iad féin na hárdshagairt agus gurbh é a ngnó bheith ag guí ar dhaoineibh eile, ní raibh éinne chun íbirte d’ofráil ar a son féin acu, agus chun sásaimh a dhéanamh thar a gceann.  
—*Ibid.* “B’ é toil an Tiarna iad do chur chun báis”. Mar gheall ar na *sacriléigibh* mallaithe, iomadúla, a bhí déanta acu, níor thoil leis an grásta éifeachtach a bhogfadh a gcroí do thabhairt dóibh, ach iad d’ídiú.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

Tiarna iad do chur chun báis. 26 Ach chuaigh an leanbh Samuél ar aghaidh agus bhí sé ag fás, agus bhí sé taitheamhach i láthair an Tiarna agus i láthair daoine.

27 Agus tháinig duine ó Dhia ag triall ar Héilí agus duairt sé leis: Seo mar adeir an Tiarna: Nár thaispeánas-sa me féin go soiléir do theaghlach t'athar nuair a bhíodar san Éigipt, i dtigh Pharaó? 28 Agus do thoghas é amach a treabhaibh Israél uile chun é ' bheith 'na shagart agam, chun é ' bheith ag dul suas chun m'altórach ag dó túise chúm, agus chun an *ephoid* do chaitheamh im láthair; agus thugas do theaghlach t'athar ní d'íbertíbh clainne Israél uile. 29 Cad chuige go bhfuilid mo *victimi* teilgte uaim agaibh lenúr sálaibh, agus mo thabharthaistí, na nithe a dh'órdaíos d'ofráil im theampall; agus gur mó an onóir atá tabhartha agat dod mhacaibh ná dhómhsa, chun go mbeadh sibh ag ithe céadtorthaí gach íbirte dá ndeinid mo phobal Israél? 30 Dá bhrí sin, seo mar adeir Tiarna Dia Israél: Is fíor go nduart go mbeadh do theaghlach agus teaghlach t'athar ag friothálamh im radharc go deó. Ach anois, adeir an Tiarna; i bhfad uaimse sin: ach pé duine a thabharfaidh glóire dhom, tabharfadsa glóire dho: ach an mhuintir a thugann tarcaisne dhom, tabharfar tarcaisne dhóibh. 31 Féach, táid na laethanta ag teacht agus geárrfad díot do ghéag, agus géag teaghlaiigh t'athar, i dtreó ná beidh fear aosta id theaghlach. 32 Agus chífir do thnúthach<sup>1</sup> sa teampall, fé ádh uile Israel agus ní bheidh fear aosta id theaghlach go deó. 33 Ach 'na thaobh san, ní thógfad ó m'altóir, ar fad, duine leat: ach go lagódh do shúile agus go mbeadh t'anam caite: agus gheóbhaid mórán ded theaghlach bás, nuair a thiocfaid siad chun bheith 'na bhfearaibh. 34 Agus beidh so 'na chómharta agat, an rud a thiocfaidh ar do bheirt mhac, ar Ophni agus ar Phinees. Gheóbhaid siad araon bás aon lá amháin. 35 Agus tógfadsa suas chúm féin sagart dílis a dhéanfaidh rud de réir mo chroí agus de réir m'anama, agus cuirfead suas teaghlach dílis do, agus beidh sé ag siúl os cómhair m'Ungtha na laethanta go léir. 36 Agus tiocfaidh chun cinn, pé duine a dh'fhanfaidh id thighse, go dtiocfaidh sé chun go nguífí air, agus go n-ofrálfaidh sé píosa airgid agus rolla aráin, agus go ndéarfaidh sé: Cuir mise, aicim ort, chun ní éigin d'oifig na sagartachta i dtreó go mbeidh blúire aráin agam á dh'ithe.

### Caib. a Trí

*An Tiarna ag glooch cheithre huaire ar Shamuél, agus dhá nochtadh dho cad iad na huilc a bhí le titim ar Héilí agus ar a theaghlach.*

1 Ach bhí an leanbh Samuél ag friothálamh ar an dTiarna i láthair Héilí agus bhí briathar an Tiarna luachmhar<sup>2</sup> in sna laethibh sin, ní raibh aon aisling shoiléir ann. 2 Agus do thárla lá go raibh Héilí in' áit fein, agus a shúile gan puinn solais, agus ná féadfadh sé nithe d'fheiscint: 3 sara ndeigh lóchrann Dé in éag, bhí Samuél 'na chodladh i dteampall an Tiarna mar a raibh airc Dé. 4 Agus do ghlaiigh an Tiarna ar Shamuél. Agus d'fhreagair seisean: Táim anso. 5 Agus do rith sé ag triall ar Héilí agus duairt sé: Táim anso, mar do ghlaiis orm. Agus duairt seisean: Níor ghlaos. Imigh thar n-ais agus codail. Agus d'imigh sé thar n-ais agus chodail sé. 6 Agus do ghlaiigh an Tiarna ar Shamuél arís. Agus d'éirigh Samuél agus chuaigh sé go dtí Héilí agus duairt sé: Táim anso, mar do ghlaiis orm. Agus d'fhreagair seisean: Níor ghlaos ort, a mhic. Éirigh thar n-ais agus codail. 7 Níor aithin Samuél [fós]<sup>1</sup> an Tiarna, ámh, ná níor nochtadh do briathar an Tiarna. 8 Agus do ghlaiigh an Tiarna ar Shamuél an tríú huair, agus d'éirigh sé agus chuaigh sé go dtí Héilí 9 agus duairt sé: Táim anso, mar do ghlaiis orm. Ansan do thuig Héilí go raibh an Tiarna ag glooch ar an leanbh agus duairt sé le Samuél: Imigh agus codail: agus má ghlaonn sé arís ort abair: Labhair, a

1 Véar. 32. "Do thnúthach", .i. sagart de chine eile. Do cómhliónadh san, ar shlí, nuair a cuireadh ón sagartacht Abiatar, a bhí ar chine Héilí, agus do cuireadh in' inead Sadoc, fear de chine eile. Ach do cómhliónadh é níos iomláine fén dTiomna Nua nuair a cuireadh sagartacht Chríost in inead sagartachta Aaroin.

2 Caib. 3. véar. 1. "Luachmhar", .i. annamh.

## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

Thiarna, mar tá do sheirbhíseach ag éisteacht leat. Ansan d'imigh Samuél agus bhí sé 'na chodladh in' áit. 10 Agus tháinig an Tiarna, agus sheasaimh sé: agus do ghlacigh sé, fé mar a ghlacigh sé na huaireanta eile: A Shamuél, a Shamuél. Agus d'fhreagair Samuél: Labhair, a Thiarna, mar tá do sheirbhíseach ag éisteacht leat. 11 Agus duairt an Tiarna le Samuél: Féach, tá ní agamsa dá dhéanamh in Israél agus pé duine a dh'aireóidh beidh píoparnach 'na dhá chluais. 12 Sa ló san árdód in aghaidh Héilí gach ní dá bhfuil ráite i dtaobh a theaghlach. Tosnód agus críochnód. 13 Óir tá ínste agam do roim ré go dtabharfad breith ar a theaghlach go deó, mar gheall ar mhallaitheacht, toisc a fhios a bheith aige go raibh an mhallaitheacht ag á mhacaibh dá dhéanamh agus nár smachtaigh sé iad. 14 Dá bhrí sin, tá dearbhaithe agam do theaghlach Héilí ná déanfar sásamh i mallaitheacht a theaghlach go deó le *victimíbh* ná le hofralachaibh.

15 Agus do chodail Samuél ar maidin, agus d'oscail sé dóirse tí an Tiarna. Agus bhí eagal ar Shamuél an aisling a dh'insint do Héilí. 16 Ansan do ghlacigh Héilí ar Shamuél agus duairt sé: A Shamuél, a mhic: agus d'fhreagair seisean: Táim anso: 17 Agus d'fhiafraigh sé: Cad é an focal a labhair an Tiarna leat? Aicim ort ná ceil orm é. Go ndeinidh Dia so agus súd leat, agus go gcuiridh sé so agus súd 'na theannta má cheileann tú orm aon fhocal dá ndúradh leat. 18 Ansan d'inis Samuél dó na focail go léir agus níor cheil sé air iad. Agus duairt seisean: Is é an Tiarna é. Deineadh sé an ní is maith 'na radharc.

19 Agus d'fhás Samuél, agus bhí an Tiarna leis, agus níor thit aon fhocal dá fhoclaibh chun tailimh. 20 Agus bhí ' fhios ag Israél uile ó Dan go Bersabee go raibh Samuél in' fháidh a bhí dílis don Tiarna. 21 Agus do thaispeáin an Tiarna é féin arís i Síló óir do nocht an Tiarna é féin do Shamuél i Síló, agus tháinig focal Shamuél chun cinn in Israél go léir.

### Caib. a Ceathair

*Briseadh catha ar Israél ó sna Philistínigh. Fios ag na hIsraélítigh á chur ar airc Dé. Bristear cath arís orthu agus maraítear beirt mhac Héilí, agus tógtar an airc. Airíonn Héilí an scéal, agus titeann sé siar agus faigheann sé bás.*

1 Agus do thárla in sna laethibh sin gur chruinnigh na Philistínigh iad féin i dteannta ' chéile chun cómhraic. Agus chuaigh Israél amach chun cogaidh in aghaidh na bhFilistíneach agus champaíodar ag cloich an chúnta<sup>1</sup>; agus tháinig na Philistínigh go dtí Apech, 2 agus chuireadar a slua i gcóir chatha in aghaidh Israél. Agus nuair a dh'ionnsaíodar a chéile, thug Israél cúl leis na Philistínigh, agus do maraíodh sa chómhraic san, anso agus ansúd in sna páirceannaibh, tímpall cheithre mhíle fear. 3 Agus tháinig na daoine thar n-ais go dtí an longphort, agus duairt seanóirí Israél: Cad 'na thaobh gur chuir an Tiarna briseadh catha orainn inniu i láthair na bhFilistíneach? Tugaimís linn airc connartha an Tiarna ó Shíló, agus tagadh sí 'nár lár, i dtreo go sábhálfaidh sí sinn ó lámh ár namhad. 4 Ansan do chuir na daoine go dtí Síló agus thugadar as an áit sin airc connartha Tiarna na sló, 'na shuí ar na *cherubimibh*. Agus bhí beirt mhac Héilí, Ophni agus Phinees, in éineacht le hairc chonnartha Dé. 5 Agus nuair a bhí airc chonnartha an Tiarna tagaithe istech sa longphort do chuir Israél go léir liú astu, liú uathásach, i dtreo go raibh an talamh ag freagairt. 6 D'airigh na Philistínigh fuaim na búirthe sin agus dúradar: Cad é an fothram mór é seo, agus an liúireach so, i longphort na nÉabhrach? Agus thuigeadar gurbh í airc an Tiarna a bhí tagaithe istech sa longphort, 7 agus bhí eagla ar na Philistínigh agus iad dhá rá: Tá Dia tagaithe istech sa longphort. Agus dheineadar osna agus dúradar: 8 Is mairg dúinn: óir ní

1 Caib. 4. véar. 1. "*Cloch an chúnta*". "Eben-eser", san Éabhras. Do tugadh an ainm sin mar gheall ar an gcúnamh ba dheónaitheach leis an dTiarna ' thabhairt 'na dhiaidh san dá dhaoine san áit sin, trí ghuí Shamuél (caib. 7:12).

## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

raibh a leithéid sin de gháirdeachas inné agus arú 'nné: is mairg dúinn. Cé ' shaorfaidh sinn ó láimh na ndéithe árda san? Sid iad na déithe úd a bhuaile an Éigipt leis na pláigibh go léir sa díthreabh. 9 Glacaidh misneach agus deinidh go fearúil, a Philistíneacha, sara mbeadh sibh 'núr seirbhíseachaibh ag na hÉabhraigh, mar a bhíodar san agaibhse. Glacaidh misneach agus troididh.

10 Agus do throid na Philistínigh, agus do treascradh Israél, agus do theith gach fear abhaile chun a thí féin: agus bhí ár ana-mhór ar fad: óir do thit deich míle fichid troitheach d'Israél, 11 agus do tógadh airc Dé agus do maraíodh beirt mhac Héilí, Ophni agus Phinees. 12 Agus do rith fear de threibh Bheniamín as an slua agus tháinig sé go Siló an lá céanna, agus a chuid éadaigh stracaithe agus a cheann clúdaithe le luathrigh. 13 Agus nuair a tháinig sé bhí Héilí 'na shuí ar stól ar aghaidh na slí agus é ag faire chuige, mar bhí eagla a chroí air i dtaobh airce Dé. Agus nuair a tháinig an fear isteach sa chathair, d'inis sé é, agus do chrom an chathair ar olagón. 14 D'airigh Héilí glór an olagóin, agus duairt sé: Cad é an brí atá leis an bhfothram agus leis an gcallóid seo? Do bhrostaigh an fear agus tháinig sé chun Héilí<sup>1</sup>. 15 Ach bhí Héilí ocht mbliana déag agus cheithre fichid agus bhí a shúile lag, agus ní raibh sé ábalta ar rud a dh'fheiscint. 16 Agus duairt an fear leis: Is mise an té a tháinig ón gcath agus do theithead as an bpáirc inniu. Agus duairt Héilí leis: Cad a tharla, a mhic? 17 Agus d'fhreagair an té a thug na scéala leis: Do theith Israél roimis na Philistínigh agus do deineadh ár mór ar na daoine, 'na theannta san táid do bheirt mhac, Ophni agus Phinees marbh, agus do tógadh airc Dé. 18 Agus nuair a labhair an duine ar airc Dé<sup>1</sup>, do thit Héilí den stól, siar i ndtreó an dorais, agus do briseadh a mhúineál agus fuair sé bás. Óir ba dhuine aosta é, i bhfad amach i mbliantaibh. Agus bhí sé 'na bhreitheamh ar Israél daichead bliain.

19 Agus bhí bean a mhic, bean Phinees, ag iompar clainne, agus í ar bruach na clainne ' chur di, agus nuair ' airigh sí na scéala, go raibh airc Dé tógtha, agus go raibh athair a céile agus a fear marbh, do chrom sí í féin, agus tháinig breóiteacht clainne uirthi go hobann. 20 Agus nuair a bhí sí ag dul chun báis, do labhair an mhúintir a bhí 'na tímpall léi agus dúradar: Ná bíodh eagal ort: óir tá mac bertha agat. Níor thug sí aon fhreagra orthu ná níor chuir sí aon tsuím iontu. 21 Agus thug sí Ichabod<sup>2</sup> ar an leanbh agus duairt sí: Tá an ghlóire imithe ó Israél, toisc airc Dé ' bheith tógtha, agus mar gheall ar athair a céile agus ar a fear. 22 Agus duairt sí: Tá an ghlóire imithe ó Israél, toisc airc Dé ' bheith tógtha.

### Caib. a Cúig

*Dágon ag titim chun tailimh dhá uair, os cómhair na hairce. Pionós léanmhar dá chur ar na Philistínigh ins gach áit 'na dtéann an airc.*

1 Agus do thóg na Philistínigh an airc agus do rugadar leó í ó chloich an chúnta isteach in Asotus. 2 Agus do thóg na Philistínigh airc Dé agus do rugadar isteach í i dteampall Dhágoin, agus chuireadar in aice Dhágoin í. 3 Agus nuair ' éirigh na hAsotiánaigh go moch amáireach a bhí chúinn, féach bhí Dágon sínte, agus a aghaidh faoi, ar an dtalamh os cómhair airce an Tiarna amach. Agus thógadar Dágon agus chuireadar suas in' áit féin arís é. 4 Agus an lá 'na dhiaidh san, nuair ' éiríodar ar maidin, fuaradar Dágon sínte ar a aghaidh ar an dtalamh os cómhair airce an Tiarna, agus ceann Dhágoin agus a dhá dheárnain géarrtha dhe ar an dtáirsigh, 5 agus gan ach cabhail Dhágoin in' áit féin.

1 Véar. 18. "Nuair a labhair sé ar an airc". Ag féachaint isteach sa scéal, is féidir a mheas go bhfuair Héilí bás naofa, ar staid na ngrást, agus ó fhuilig sé an pionós a cuireadh air anso go ndeigh sé saor ó pionós thall.

2 Véar. 21. "Ichabod", .i. "níl aon ghlóire" nú, "ca bhfuil an ghlóire?" Chímíad as san an bhuaire a chuir cailliúint na hairce ar chlaínn Israél, bíodh ná raibh san airc ach cómharta ar chónaí Dé 'na measc. Nách mó go mór an bhuaire ba cheart a bheith ar an gCríostaí nuair a dhíbreann sé Dia féin amach as a anam leis an bpeaca?

## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

Mar gheall air sin, ní shatlaid sagairt Dhágoin, go dtí an lá so, ar tháirsigh Dhágoin in Asotus, ná éinne eile a bhíonn ag dul isteach sa teampall. 6 Agus bhí lámh an Tiarna trom ar mhuintir Asotuis, agus bhí sé dhá n-ídiú, agus do chráigh sé Asotus agus a chríocha go léir le *hemródaibh*. Agus in sna bailtibh agus in sna páirceannaibh, i lár na tíre sin, tháinig amach suaitheantas de luchuibh, agus bhí buaireamh báis go hana-mhór sa chathair.

7 Agus nuair a chonaic fir Asotuis an saghas pláige sin dúradar: Ní fhanfaidh airc Dé Israél againne: óir tá a lámh trom orainn agus ar Dhágoin ár ndia. 8 Agus chuireadar fios ar thiarnaibh uile na bhFilistéeach agus chruinníodar chúthu iad agus dúradar: Cad a dhéanfaimid le hairc Dé Israél? Agus duairt na Geturítigh: Beirtear timpall airc Dé Israél. Agus do rugadar airc Dé Israél timpall. 9 Agus nuair a bhíodar dhá breith timpall, tháinig lámh an Tiarna go trom ar gach cathair le hár ana-léanmhar ar fad, agus do bhuail sé fir gach cathrach idir bheag agus mór, agus bhí *emróidí* acu 'na n-áiteannaibh príobháideacha. Agus ghlac na Geturítigh cómhairle a chéile agus dheineadar dóibh féin suíochána de chroiceannaibh. 10 Dá bhrí sin, chuireadar airc Dé go dtí Accaron. Agus nuair a bhí airc Dé tagaithe go dtí Accaron do liúigh na hAccaronítigh agus dúradar: Tá airc Dé Israél tabhartha acu chúinne chun sinn féin agus ár ndaoine do mharú. 11 Dá bhrí sin, chuireadar teachtairí uathu agus bhailíodar i dteannta ' chéile tiarnaí uile na bhFilistéeach agus dúradar san: Cuiridh chun siúil airc Dé Israél agus téadh sí thar n-ais chun a háite féin agus ná maraíodh sí sinn féin agus ár ndaoine. 12 Óir bhí scannradh an bháis ins gach cathair agus bhí lámh Dé go hana-throm. Agus na fir ná fuair bás bhíodar dá gcrá leis na *hemródaibh*: agus bhí olagón as gach cathair ag dul suas chun neimhe.

### Caib. a Sé

*Curtar an airc thar n-ais go Betsames: faigheann a lán de mhuintir na háite sin bás mar gheall ar fhéachaint go fiafraitheach isteach inti.*

1 Ach bhí an airc<sup>\*</sup> i dtír na bhFilistéeach ar feadh seacht mí. 2 Agus do ghlac na Philistínigh ar na sagartaibh agus ar an lucht feasa agus dúradar: Cad a dhéanfaimid le hairc an Tiarna? Ínsidh dúinn conas is ceart dúinn í ' chur thar n-ais chun a h-áite féin. Agus dúradar san: 3 Má chuireann sibh airc Dé Israél thar n-ais, ná cuiridh uaibh folamh í, ach tugaidh do (.i. do Dhia Israél) an ní atá (aige) oraibh mar gheall ar pheaca, agus ansan leighisfar sibh: agus beidh ' fhios agaibh cad 'na thaobh ná scarann a lámh libh. 4 D'fhreagadar san: Cad é an ní is ceart dúinn a thabhairt mar gheall ar pheaca? Agus d'fhreagadar san: 5 De réir uimhre cúigí na bhFilistéeach, déanfaidh sibh chúig tóna óir, agus chúig luchuigh óir; mar is í an t-aon phláig amháin a bhí oraibh go léir agus ar úr ríogra. Agus déanfaidh sibh samhaltaisí dúr dtónaibh agus samhaltaisí de sna luchuigh a dhein scrios ar an dtír, agus tugaidh glóire do Dhia Israél: féachaint an dtógfaidh sé a lámh díbh féin agus dúr ndéithibh agus dúr dtír. 6 Cad chuige dhíbhse úr gcróithe do chruachtaint, mar a dhein an Éigipt agus Pharaó a gcróithe do chruachtaint? Nách é an uair a buaileadh é do leog sé uaidh iad agus d'imíodar? 7 Deinidh, da bhrí sin, trucail nua, agus tógaidh dhá shamhaisc a bheidh tar éis a ngamhan do bhreith, agus nár cuireadh cúing riamh orthu, agus ceanglaidh den trucail iad, agus cuiridh isteach a ngamhna sa bhaile. 8 Ansan tógfaidh sibh airc an Tiarna agus cuirfidh sibh ar an dtrucail í agus cuirfidh sibh isteach i mbosca bheag ag á taobh na háirthe óir atá díolta agaibh leis mar gheall ar pheaca: agus cuiridh uaibh í agus leog di imeacht. 9 Agus beidh sibh ag faire: agus má théann sí suas i dtreo a chríoch féin chun Betsames, is é a dhein an t-olc mór so dhúinn: ach mura dtéidh beidh ' fhios againn nách í a lámh san do bhain linn, ach gurb amhlaidh a thárla trí mhí-ádh. 10 Ansan do dheineadar amhlaidh sin, agus thógadar dhá shamhaisc go raibh dhá ghamhain dhá ndeól agus ghabhadar chun na trucaileach iad, agus

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

chuireadar na gamhna isteach, sa bhaile, 11 agus chuireadar airc Dé ar an dtrucail, agus an bosca beag go raibh na luchaidh óir ann agus samhaltaisí na dtón. 12 Agus thug na samhaiscí aghaidh, lom díreach, ar an slí chun Betsames, agus do ghluaiseadar fan na slí agus iad ag búirthigh, agus níor iompaíodar i leataoibh, deiseal ná tuathal, agus do lean ríogra na bhFilistíneach iad chómh fada le teórannaibh Betsames. 13 Ach bhí na Betsamítigh ag buaint crithneachtan sa ghleann: agus thógadar suas a súile agus chonacadar an airc agus bhí áthas orthu nuair a chonacadar í. 14 Agus tháinig an airc isteach i bpáirc Iósué, an Betsamíteach, agus do stad sí ar an áit sin. Agus bhí cloch mhór san áit sin, agus do ghearradar adhmaid na trucaileach agus chuireadar an dá shamhaisc air, mar *holocaust* chun an Tiarna. 15 Agus thóg na Levítigh airc Dé anuas, agus an bosca a bhí 'na haice agus go raibh na tóin\* óir ann, agus chuireadar ar an gcloich móir iad. D'íbir fir Bhetsames, leis, *holocaustí*, agus d'íbreadar *victimí* chun an Tiarna an lá san.

16 Do bhí cúigear priúnsaí na bhFilistíneach ag féachaint orthu, agus d'imíodar thar n-ais go hAccaron an lá céanna. 17 Agus sid iad na tóin óir a tugadh ó sna Philistínigh, de bhárr peaca, dón Tiarna: tón óir ó Asotus, tón óir ó Ghasa, tón óir ó Ascalon, tón óir ó Ghet, tón óir ó Accaron; 18 agus na luchaidh óir, de réir uimhre cathrach na bhFilistíneach, in sna chúig cúigibh, idir chathair dhaingean agus baile gan fallaí, chómh fada leis an Abel mór (an chloch), mar ar chuireadar airc an Tiarna, a bhí go dtí an lá san i bpáirc Iósué, an Betsamíteach. 19 Ach do chuir sé chun báis cuid d'fhearraibh Bhetsames, toisc gur fhéachadar<sup>1</sup> ar airc an Tiarna: agus do chuir sé chun báis deichniúr agus trí fichid de sna fearaibh (uaisle) agus caogad míle den choitiantacht. Agus bhí na daoine ag cáí, toisc gur chuir an Tiarna ar an bpobal ár chómh léanmhar. 20 Agus duairt fir Bhetsames: Cé ' fhéadfaidh seasamh i láthair an Tiarna, an Dia naofa so? 21 Agus chuireadar teachtairí go dtí muintir Chariatáirim, dhá rá: Táid na Philistínigh thar éis airce an Tiarna do chur thar n-ais. Tagaidhse anuas agus beiridh libh suas chúibh féin í.

### Caib. a Seacht

*Tugtar an airc go dtí Cariatáirim. Trí chómhairle Shamuél caithid na daoine uathu na hídail a bhí acu agus adhraid siad Dia amháin. Cuireann an Tiarna briseadh catha ar na Philistínigh le linn Samuél a bheith ag déanamh íbirte.*

1 Agus tháinig fir Chariatáirim agus do rugadar leó suas airc an Tiarna agus chuireadar isteach í i dtigh Abinadaib Ghabaa<sup>2</sup>: agus do naomhaíodar a mhac Eleasar chun é ' bheith i mbun airce an Tiarna.

2 Agus do thit amach, ón lá 'nar chónaigh airc an Tiarna i gCariatáirim, gur hiomadaíodh laethanta (óir bhí an fichiú bhliain ann cheana féin) agus bhí teaghlach Israél uile ar a suaimhneas ag leanúint an Tiarna.

3 Agus do labhair Samuél le teaghlach Israél uile agus duairt sé: Má táthaoi ag iompáil ar an dTiarna lenúr gcroí go hiomlán, cuiridh uaibh úr ndéithe iasachta, Baalim agus Astarot, agus ollmhaídh úr gcroíthe i gcómhair an Tiarna, agus deinidh seirbhís do féin amháin, agus fuasclóidh sé sibh amach a láimh na bhFilistíneach. 4 Ansan do chuir clann Israél uathu Baalim agus Astarot agus d'fhriotháladar an Tiarna amháin.

1 Caib. 6. véar. 19. "*Gur fhéachadar*". 'Sé sin go rabhadar ag féachaint ar an airc gan an urraim cheart acu dhi, ná aon eagla acu roimis an dTiarna. Deirtear gur shrois an phláig sin na tíortha go léir mórthimpall, chómh maith le cathair Bhetsames. Bhí peaca sa bhféachaint, agus mura mbeadh go raibh ní thioctadh an t-ár.

2 Caib. 7. véar. 1. "*I nGhabaa*", .i. ar an gcnuic, mar ciallaíonn "Ghabaa" cnuic.



## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

5 Agus duairt Samuél: Cruinnídh Israel uile go dtí Masphat, go ndeinead guí chun an Tiarna oraibh. 6 Agus do chruinníodar i dteannta ' chéile go Masphat, agus bhíodar ag tarrac uisce agus dhá dhortadh amach os cómhair an Tiarna, agus dheineadar troscadh an lá san agus dúradar: Tá peaca déanta againn in aghaidh an Tiarna. Agus bhí Samuel ag breithniú clainne Israel i Masphat.

7 Agus d'airigh na Philistínigh clann Israel a bheith cruinnithe i dteannta ' chéile i Masphat agus chuaigh tiarnaí na bhFilistíneach suas in aghaidh Israel. Agus nuair ' airigh clann Israel an ní sin bhí eagla na bhFilistíneach orthu; 8 agus dúradar le Samuél: Ná stad de bheith ag glaoch ar ár dTiarna Dia ar ár son ionas go saorfadh sé sinn a láimh na bhFilistíneach. 9 Agus do thóg Samuél uan a bhí ag deól a mháthar agus d'íbir sé é go hiomlán 'na *holocaust* chun an Tiarna agus do ghlaeigh Samuél ar an dTiarna ar son Israel agus d'éist an Tiarna leis. 10 Agus do thárla, le linn Samuél a bheith ag íbirt an *holocaust*, gur thosnaigh na Philistínigh an cath in aghaidh Israel. Ach do chuir an Tiarna cnagarnach uathásach tóirtní ar na Philistínigh agus do scannraíodh iad agus chuaigh an cath orthu an lá san agus do treascradh iad os cómhair Israel. 11 Agus do ghluais fir Israel amach a Masphat, ar thóir na bhFilistíneach agus chuireadar ár orthu go dtí go dtánadar go Betchar. 12 Agus do thóg Samuél cloch agus chuir sé an chloch idir Mhasphat agus Sen agus thug sé mar ainm ar an áit Cloch na cabhartha, agus duairt sé: Go dtí so atá cabhraithe ag an dTiarna linn.

13 Agus do húmhláíodh na Philistínigh agus níor thánadar a thuilleadh isteach i gcríochaibh Israel. Agus bhí lámh an Tiarna in aghaidh na bhFilistíneach i gcaitheamh laethanta uile Shamuél. 14 Agus na cathracha a bhí tógtha ag na Philistínigh ó Israel, do tugadh thar n-ais d'Israel iad, ó Accaron go dtí Get, agus a gcríocha, agus d'fhuascaíl sé Israel ó lámh na bhFilistíneach, agus bhí síocháin idir Israel agus na hAmorrhítigh. 15 Agus bhí Samuél 'na bhreithiún ar Israel i gcaitheamh laethanta a bheatha: 16 agus théadh sé timpall gach aon bhliain go dtí Betel agus go dtí Galgal, agus go dtí Masphat, agus é ag breithniú Israel in sna háiteannaibh, 17 agus thagadh sé thar n-ais go Ramata mar san áit sin a bhí a thigh agus do bhreithníodh sé Israel ann: agus do chuir sé suas ann, leis, altóir chun an Tiarna.

### Caib. a hOcht

*Samuél ag dul in aois. A chlann mhac gan bheith ag siúl mar é. Na daoine ag lorg rí.*

1 Agus do thárla, nuair a bhí Samuél aosta, gur dhein sé breithiúin ar Israel dá chlaínn mhac. 2 Ach Ióel ab ainm don mhac ba shine aige, agus Abia dob ainm don tarna mac, agus bhíodar 'na mbreithiúnaibh i mBersabee. 3 Agus níor shiúlaigh a mhaca 'na shlitibh sin, ach iompáil i leataoibh i ndiaidh sochair, agus bheith ag glacadh breabanna, agus ag claonadh breithe.

4 Ansan tháinig<sup>1</sup> seanóirí Israel go léir ag triall ar Shamuél i Ramata 5 agus dúradar leis: Féach, taoise aosta agus ní hid shlitibhse atáid do chlann mhac ag siúl. Dein rí dhúinn, chun sinn do bhreithniú, mar atá ag na náisiúnaibh go léir. 6 Agus ní raibh an chainnt sin taitheamhach i súilibh Shamuél, iad a bheith dhá rá: Tabhair rí dhúinn chun sinn a bhreithniú. Agus chuir Samuél a ghuí chun an Tiarna. 7 Agus duairt an Tiarna le Samuél: Éist le guth na ndaoine ins gach ní dá n-abraid siad leat, mar ní dhuitse atáid siad ag diúltú<sup>1</sup> ach dómhsa, chun gan me ' bheith im rí os a gcionn. 8 De réir na n-oibrecha go léir atá déanta acu ón lá a thugas amach as an Éigipt iad, go dtí

1 Caib. 8. véar. 7. "Ag diúltú". Rialtas diaga ab ea an rialtas a bhí ar chlaínn Israel go dtí san. Is é Dia féin a bhí 'na rialtóir orthu, dhá rialú de réir dlíthe a bhí ceapaithe aige féin, agus trí lámhaibh breithiún a thoghadh sé féin ar shlitibh neamhchoitianta. Dá bhrí sin, gearánann sé gur dhiúltaigh a phobal féin do nuair a bhíodar ag lorg rialtais eile.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

an lá so: mar a thréigeadar mise agus do dheineadar seirbhís do dhéithibh iasachta, sin mar atá acu á dhéanamh leatsa, leis. 9 Dá bhrí sin éist lena nguth anois: ach amháin seo cuir ar a súilibh dóibh, agus inis roim ré dhóibh, cad iad na dualgaisí a bheidh ag dul don rí a bheidh os a gcionn. 10 Ansan d'inis Samuél focail uile an Tiarna do sna daoine a bhí tar éis rí a d'iarraigh air, 11 agus duairt sé: Sid é ceart a bheith ag dul don rí a bheidh i gcómhacht os úr gcionn: Tógfaidh sé úr gclann mhac agus cuirfidh sé 'na charbataibh iad, agus déanfaidh sé dhíobh do féin marcra, agus troitheacha reatha, chun bheith ag rith roimena charbataibh. 12 \* 13 Agus tógfaidh sé chuige, leis, úr n-iníonacha chun bheith ag déanamh úngtha dho, agus chun bheith 'na gcócairibh do, agus 'na mbáicéiribh. 14 Agus tógfaidh sé úr bpáirceanna, agus úr bhfionghuirt, agus na holaghuirt is fearr agaibh, agus tabharfaidh sé dá sheirbhíseachaibh féinig iad. 15 'Na theannta san, tógfaidh sé deachú úr n-arbhair agus deachú sochair úr bhfíonghort chun é ' thabhairt dá *iúnúchaibh* agus dá seirbhíseachaibh. 16 Agus 'na theannta san, tógfaidh sé úr seirbhísigh agus úr gcailíní aimsire, agus na fir óga is áille ' bheidh agaibh agus úr n-asail, agus cuirfidh sé ag déanamh a ghnóthaí féinig iad. 17 Bainfidh sé, 'na theannta san, deachú dúr dtréadaibh, agus beidh sibh 'núr seirbhíseachaibh aige. 18 Agus beidh sibh ag éamh amach an lá san ó aghaidh an rí sin a bheidh ceapaithe agaibh díbh féin, agus ní éistfidh an Tiarna libh an lá san, mar is sibh féin a dh'iarr rí dhíbh féin.

19 Ach ní éistfeadh na daoine le cainnt Shamuél agus dúradar: Ní hea ach beidh rí os ár gcionn 20 agus beimid ar nós na náisiún go léir: agus breithneoidh ár rí sinn, agus beidh sé ag gabháil rómhainn amach agus ag troid ár gcathanna dhúinn. 21 Agus d'airigh Samuél cainnteanna uile na ndaoine agus d'inis sé iad i gcluais an Tiarna. 22 Agus duairt an Tiarna le Samuél: Tabhair cluas dá nglór agus cuir rí os a gcionn. Ansan duairt Samuél le fearaibh Israél: Téadh gach fear chun a chathrach féin.

### Caib. a Naoi

*Saul ag lorg asal a athar, agus é ag teacht ag triall ar Shamuél, agus Samuél dhá úngadh\*.*

1 Ach bhí fear i mBeniamín agus Cis ab ainm do, mac d'Abiel mhac Shorer, mhic Bechorait, mhic Aphia, mhic fir de Iéminí, fear cróga láidir. 2 Agus bhí mac aige gurbh ainm do Saul, fear breá cumasach, agus ní raibh ar chlaínn Israél fear ba bhreátha ná é. Bhí sé, óna ghuailibh suas, níb' aoirde ná an pobal go léir. 3 Agus bhí asail Chis, athair Shaul, imithe amú. Agus duairt Cis lena mhac Saul: Tóg leat duine de sna seirbhísigh agus éirigh agus imigh ar lorg na n-asal. Agus do chuadar trí chnuc Ephraim 4 agus trí thír Salisa agus ní bhfuadarad iad. Ansan chuadar trí thalamh Salim agus ní rabhadar san áit sin. Agus chuadar trí thalamh Iéminí agus ní bhfuadarad iad. 5 Agus nuair a bhíodar tagaithe go dtír Suph, duairt Saul leis an seirbhíseach a bhí lena chois: Téanam, caaimís thar n-ais le heagla go mb'fhéidir go gcuirfeadh m'athair na hasail as a cheann agus gur sinne ' bheadh ag déanamh buartha dho feasta. 6 Agus duairt seisean: Féach tá duine le Dia sa chathair seo, fear oirirc. Tagann gan ní dá ndeir sé chun cinn gan teip: téimis ag triall air, dá bhrí sin, agus b'fhéidir go neósfadh sé dhúinn mar gheall ar an dtoisc a thug ann sinn. 7 Agus duairt Saul leis an seirbhíseach: Féach, raighimid ann ach cad a bhéarfaimid ag triall ar dhuine Dé? Tá an t-arán ídithe 'nár málaibh agus níl aon bhronntanas againn a thabharfaimís do dhuine Dé, ná aon rud in aon chor. 8 Agus d'fhreagair an seirbhíseach Saul arís agus duairt sé: Féach, tá fáлта im láimhse an ceathrú cuid de *shicil* airgid. Tugaimís do dhuine Dé é, i dtreó go neósfaidh sé dhúinn ár slí.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

9 San aimsir atá imithe, in Israél, nuair a théadh duine i gcómairle le Dia, do labhradh sé ar an gcuma so: Téanam agus téimis ag triall ar an bhfisí<sup>1</sup>. Óir an té ar a dtugtar fáidh anois is fisí a tugtí air san aimsir atá imithe.

10 Agus duairt Saul lena sheirbhíseach: Is rómhaith í do chainnt, téimis ann. Agus chuadar isteach sa chathair mar a raibh an duine le Dia. 11 Agus nuair a bhíodar ag dul suas an cnuc chun na cathrach fuaradar cailíní ag teacht amach a d'iarraidh uisce, agus dúradar leó: An bhfuil an fisí anso? 12 Agus dúradar san: Tá. Féach, tá sé rómhaibh amach. Brostaídh anois, óir tháinig sé chun na cathrach inniu, mar tá íbirt<sup>2</sup> phoiblí le bheith inniu san áit árd. 13 Chómh luath agus a raghaidh sibh isteach sa chathair, gheóbhaidh sibh é láithreach, sara raghaidh sé suas an áit árd chun bídh a dh'ithe. Mar ní íosfaid na daoine bia chun go dtagaidh sé, óir beannaíonn sé an *victim* agus ansan caithid na daoine a fuair cuireadh bia. Dá bhrí sin imídh suas, mar is inniu a gheóbhaidh sibh é.

14 Ansan chuadar suas isteach sa chathair. Agus nuair a bhíodar ag siúl trí lár na cathrach, féach, bhí Samuél ag teacht 'na gcoinnibh amach chun dul suas go dtí an áit árd. 15 Ach bhí an Tiarna tar éis a dh'insint do chluais Shamuél an lá sara dtáinig Saul, dhá rá: 16 Amáireach, timpall na huairé céanna so, cuirfeadsa ag triall ort fear ó thír Bheniamín agus úngfair é chun bheith 'na rí ar mo phobal Israél: agus saorfaidh sé mo phobal a láimh na bhFilistéeach. Óir tá féachta síos agam ar mo phobal, toisc a n-éamh a bheith tagaithe chúm. 17 Agus nuair a chonaic Samuél Saul, duairt an Tiarna leis, féach an fear ar ar labhras leat. Sin é an fear a bheidh 'na rí ar mo phobal. 18 Agus tháinig Saul ag triall ar Shamuél i lár an gheata agus duairt sé: Inis dom, aicim ort, ca bhfuil tigh an fhisí? 19 Agus d'fhreagair Samuél agus duairt sé: Mise an fisí. Imigh suas rómham go dtí an áit árd go n-ithir bia im fhochair inniu, agus leogfad chun siúil thu ar maidin, agus neósfad duit an ní atá id chroí. 20 Agus i dtaobh na n-asal úd a dh'imigh amú trí lá ó shin, ná bíodh aon cheist ort 'na dtaobh, mar do fuaradh iad. Agus cé aige go mbeidh gach ní dá fheabhas in Israél? Nách agatsa agus ag teaghlach t'athar? 21 Agus duairt Saul dhá fhreagairt: Nách mac mise do Iéiminí an treibh is lú in Israél, agus gurb í mo chine an chine is lú de chineachaibh treibhe Bheniamín? Cad chuige, dá bhrí [sin] gur labhrais an focal san liomsa?

22 Ansan do thóg Samuél Saul agus a sheirbhíseach isteach sa tseómra agus thug sé dhóibh inead ag ceann na ndaoine a bhí glaeite. Agus bhí timpall deich feara fichid ann. 23 Agus duairt Samuél leis an gcócaire: Tabhair chúm an chuid úd a thugas duit agus go nduart leat é ' chimeád i leataoibh agat. 24 Agus do thóg an cócaire an ghuala agus chuir sé os cómhair Shaul í. Agus duairt Samuél: Féach an ní a fágadh, cuir rómhat é agus ith, óir do cimeádadh é d'aon ghnó id chómhair, nuair a thugas cuireadh do sna daoine. Agus do chaith Saul bia i bhfochair Shamuél an lá san. 25 Agus chuadar síos ón áit árd isteach sa chathair, agus do labhair sé le Saul ar bhárr an tí: agus

- 1 Caib. 9. véar. 9. “*Fisí*”, “*videns*”, toisc fios a bheith aige, nú radharc a bheith aige, ar nithibh folaithe, nú ar nithibh le teacht.
- 2 Véar. 12. “*Íbirt*”. Níor cheadaigh an dlí íbirt do dhéanamh in aon áit eile ach amháin ag an dtaibearnacal, nú ag an dteampall, mar a raibh airc na connartha dá cimeád, ach d'íbreadh Samuél, le cead ón dTiarna, in áiteannaibh eile. Bhí cúis leis an gcead san. Bhí an airc imithe ó thigh Dé i Síló agus dá bhrí sin, bhí an bheannaitheacht imithe ón áit sin. Agus figiúir ab ea an imeacht san na beannaitheachta, ón áit sin, ar an séanadh a bhí i gcómhair na nLúdach. Ps. 77: 60, 67. Agus i gCariatíaraim, mar a raibh an airc, ní raibh taibearnacal ná altóir. —*Ibid.* “*An áit árd*”, “*excelsa*”, áiteanna chun Dia d'adhradh ab ea na háiteanna árda san ar a bhfuil trácht chómh minic sa Bhíobla. Áiteanna chun íbeartha ab ea iad. Do deintí úsáid díobh go minic chun seirbhíse an fhíor-Dhia, mar a deineadh san áit ar a bhfuil trácht anso. Ach ba mhinicí go mór a deintí íodaladhradh iontu. Do tugtí “*excelsa*” orthu, focal a mínítear “*áiteanna árda*”, ach ní cruínn an míniú é. Ní bhídís go léir ar chnucánaibh. Thíos i mbun gleanna a bhí an ceann ba mheasa dhíobh go léir, .i. Tophet, nú Geennom (Ier. 19). Mar gheall ar na haltóreacha árda, agus na pollaí árda, a bhíodh iontu a dtugtí *excelsa* orthu. In áirde ar na pollaibh agus ar na haltóreachaibh a bhíodh na hídail.

d'ollmhaigh sé leaba do Shaul ar bhárr an tí agus do chodail sé. 26 Agus nuair ' éiríodar ar maidin agus thosnaigh an solas ar bheith ann cheana féin, do ghlaeigh Samuél ar Shaul ar bhárr an tí agus duairt sé leis: Éirigh go leogad chun siúil thu. Agus d'éirigh Saul agus chuadar araon amach, .i. é féin agus Samuél. 27 Agus nuair a bhíodar ag dul síos go dtí íochtar na cathrach duairt Samuél le Saul: Abair leis an ngiolla imeacht rómhainn agus gluaiseacht air, ach seasaimh féin tamall beag go n-ínsead briathar an Tiarna dhuit.

## Caib. a Deich

*Úngtar Saul. Deineann sé fáidheadóireacht agus athraítear é i dtreó go ndeineann fear eile dhe. Glaonn Samuél na daoine i bhfochair a chéile chun rí do thoghadh. Titeann an crann ar Shaul.*

1 Ansan do thóg Samuél ártach beag ola agus dhoirt sé an ola ar cheann Shaul agus bheannaigh sé é agus phóg sé é agus duairt sé: Féach tá an Tiarna tar éis thusa d'úngadh chun bheith id phriúnsa, os cionn a oidhreachta, agus fuasclóir a phobal a lámhaibh a namhad atá mórthimpall orthu. Agus beidh so mar chómhartha agat air go bhfuil an Tiarna tar éis thu ' dh'úngadh id phriúnsa. 2 Nuair a scarfair liomsa inniu gheóbhair beirt fhear in aice le leacht Rachel i gcríochaibh Bheniamín theas, agus déarfaid siad leat: Do fuaradh na hasail úd go ndeighis ar a lorg, agus ní har na hasalaibh atá t'athair ag cuímhneamh níos mó ach oraibhse, agus : Cad a dhéanfad gan mo mhac? adeir sé. 3 Agus nuair ' imeóir as an áit sin agus do raghair ar aghaidh níos sia, agus a thiocfair go dtí dair Thaboir, buailfid triúr fear umat agus iad ag dul suas chun Dé, go dtí Betel<sup>1</sup>, agus trí meannáin dá n-iompar ag duine acu, agus trí bollóga aráin ag duine eile acu, agus buidéal fiona ag duine eile. 4 Beannóid siad duit agus tabharfaid siad duit dhá bhollóig agus glacfair as a láimh iad. 5 Agus tiocfair go dtí cnuc Dé<sup>2</sup> mar a bhfuil gairisiún na bhFilistíneach. Agus nuair a thiocfair isteach sa chathair san áit sin, buailfidh cuallacht fáidhí umat agus iad ag teacht anus ón áit árd, agus sáltaire acu, agus tíompán, agus píb, agus cruit rómpu amach, agus iad ag fáidheadóireacht. 6 Agus tiocfaidh sprid an Tiarna ortsa agus beir ag fáidheadóireacht leó agus tu athraithe i t'fhear eile.

7 Dá bhrí sin, nuair a thiocfaid na cómharthaí sin chút, dein pé ní a gheóbhaidh do lámh, mar tá sprid an Tiarna leat. 8 Agus raghaidh tú síos rómhamsa go Galgal<sup>3</sup> (óir raghad síos ag triall ort) ionas go n-ofrálfair íbirt, agus go n-íbreóir *victimí* síochána. Ar feadh seacht lá is ea ' dhéanfair feitheamh go dtagad chút agus taispeánfad duit cad a bheidh le déanamh agat.

9 Ansan, nuair ' iompaigh sé a dhrom chun gluaste thug Dia dho croí eile, agus tháinig na nithe sin go léir chun cinn an lá san. 10 Agus chuadar go dtí an cnuc úd adúradh, agus féach do bhuaile cuallacht fáidhí uime: agus tháinig sprid an Tiarna air agus bhí sé ag fáidheadóireacht 'na lár. 11 Agus na daoine go raibh aithne acu air inné agus an lá roimis sin, nuair a chonacadar é i measc na bhfáidhí agus é ag fáidheadóireacht, dúradar lena chéile: Cad é seo atá imithe ar mhac Chis? An amhlaidh atá Saul, leis, i measc na bhfáidhí? 12 Agus d'fhreagair duine duine eile dhá rá: Agus

1 Caib. 10. véar. 3. “Betel”, mar a raibh an uair sin altóir chun Dé, óir áit ab ea é de sna háiteannaibh 'na mbreithníodh Samuél Israél.

2 Véar. 5. “Cnuc Dé”, .i. Gabaa, áit 'na raibh “áit árd” nú altóir eile. —“Fáidhí”. Fir ab ea iad san gurbh é a ngnó bheith ag moladh Dé le cantainn. “Fáidhí” a tugtar orthu sa Bhíobla, agus “fáidheadóireacht” a tugtar ar an gcantainn a bhíodh ar siúl acu. Agus bhíodh in sna laethibh sin scoileanna chun na bhfáidhí sin do theagasc agus do mhúineadh. Meastar go raibh scoil acu san ar an “gcnuc Dé” sin adeirtear, agus scoil eile i Naiot i Ramata. Feic, 1 Ríthe 19, 2,0 21, &c.

3 Véar. 8. “Galgal”, bhí altóir san áit sin leis, le cead.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

cé hé is athair<sup>1</sup> dóibh? Dá bhrí sin, do dhein seanfhocal den rá: An amhlaidh atá Saul, leis, i measc na bhfáidhí?

13 Agus nuair a bhí an fháidheadóireacht críochnaithe aige, tháinig sé go dtí an áit árd. 14 Agus duairt a úncail le Saul agus lean sheirbhíseach: Cár chuabhair? Agus d'fhreagadar san: Ag lorg na n-asal, agus nuair ná fuaramair iad, chuamair ag triall ar Shamuél. 15 Agus duairt a úncail leis: Inis dom cad 'duairt Samuél leat? 16 Agus duairt Saul len' úncail: Duairt sé linn gur fuaradh na hasail. Ach an ní úd i dtaobh na ríochta aduairt Samuél leis, níor inis sé dho é.

17 Agus do ghlaeigh Samuél na daoine i bhfochair a chéile, chun an Tiarna, i Maspha: 18 agus duairt sé le claínn Israél: Seo mar adeir Tiarna Dia Israél: Thugas Israél aníos liom as an Éigipt, agus d'fhuasclas sibh a láimh na nÉigipteach, agus a láimh gach rí dá raibh ag úr gcrá. 19 Ach táthaoise inniu tar éis úr nDé do chur uaibh, agus gurb é amháin a dh'fhuascaíl sibh as úr n-olcaibh go léir agus as úr dtrioblóidíbh go léir: agus tá ráite agaibh: Ní hea: ach curtar rí os ár gcionn. Anois, dá bhrí sin, seasáidh os cómhair an Tiarna lenúr dtreabhaibh agus lenúr muíntiribh. 20 Agus chuir Samuél (fé chrannaibh) treibh uile Israél agus thit an crann ar threibh Bheniamín. 21 Agus chuir sé (fé chrannaibh) treabh Bheniamín agus a chineacha, agus thit an crann ar chine Metri, agus tháinig sé go dtí Saul mac Chis. Agus chuardaíodar é agus ní raibh sé le fáil. 22 Ansan chuadar i gcómhairle an Tiarna féachaint an dtiocfadh sé ann. Agus d'fhreagair an Tiarna: Féach tá sé i bhfolach sa bhaile. 23 Agus do ritheadar agus thugadar leó as san é. Agus bhí sé 'na sheasamh i lár na ndaoine agus bhí sé an dá ghuala agus as san suas níbh' aoirde ná éinne den phobal. 24 Agus duairt Samuél leis an bpobal go léir: Gan amhras chionn sibh os úr gcómhair an fear atá tofa ag an dTiarna, ná fuil éinne mar é i measc na ndaoine go léir. Ansan do liúigh an pobal: Go mairidh an rí!

25 Ansan d'inis Samuél do sna daoine dlí na ríochta, agus do scríbh sé dlí i leabhar agus chuir sé i gcimeád é os cómhair an Tiarna. Agus chuir Samuél na daoine go léir chun siúil uaidh, gach éinne chun a thí féin. 26 Agus d'imigh Saul, leis, chun a thí féin i nGabaa; agus d'imigh in éineacht leis cuid den armáil gur sprioc Dia a gcroíthe. 27 Ach duairt clann Bheliail: An bhféadfaidh sé sin sinn a shábháil? Agus bhí drochmheas acu air, agus níor thugadar aon bhronntanaisí chuige. Ach níor leog seisean air gur airigh sé an chainnt.

### Caib. a hAondéag

*Saul ag briseadh catha ar na hAmmoníteachaibh, agus ag fuascailt Iábes Galaaid.*

1 Agus do thárla, tímpall mí 'na dhiaidh san, go dtáinig Naas, an tAmmoníteach, aníos agus gur chrom sé ar chómhac in aghaidh Iábes Galaaid. Agus duairt fir Ghalaaid go léir le Naas: Dein connradh linn agus déanfaimid seirbhís duit. 2 Agus d'fhreagair Naas an tAmmoníteach iad agus duairt sé: Ar an gcoinnill seo is ea ' dhéanfadsa connradh libhse, 'sé sin, go leogfar dom an tsúil dheas a bhaint amach as gach fear agaibh agus masla in Israél go léir a dhéanamh díbh. 3 Agus duairt seanóirí Iábes leis: Tabhair seacht lá dhúinn i dtreó go gcuirfimid teachtairí go críochaibh uile Israél, agus mura mbeidh éinne chun teacht agus sinn a chosaint, tiocfaimid amach ag triall ort.

1 Véar. 12. "A n-athair", .i. an múinteóir, nú an stiúrthóir a bhí orthu. Chómh maith lena rá: Cé ' bhí ábalta ar a leithéid de ghníomh a dhéanamh? Fáidh a dhéanamh de Shaul?

4 Tháinig na teachtairí, dá bhrí sin, go dtí Gabaa Shaul: agus do labhradar an chainnt sin i láthair na ndaoine go léir. Agus bhí na daoine go léir, ag gol go hárd. 5 Agus féach tháinig Saul, agus é ag leanúint damh amach as an bpáirc, agus duairt sé: Cad 'tá ar na daoine, go bhfuilid siad ag gol? Agus d'inseadar do an chainnt aduairt fir Iábes. 6 Agus tháinig sprid an Tiarna ar Shaul, nuair ' airigh sé an chainnt sin agus do las fearg air go mór. 7 Agus tháinig sé ar an dá dhamh agus gheárr sé 'na gcodaibh iad, agus chuir sé go críochaibh uile Israél iad le teachtairíbh, dhá rá: Aon duine ná tiocfaidh amach ag leanúint Shaul, sin mar a déanfar lena dhamhraidh é. Agus do thit eagla an Tiarna ar na daoine, agus do ghluaiseadar amach mar ' ghluaiseódh aon fhear amháin. 8 Agus d'áirimh sé iad i mBesec, agus bhí ann, de chlaínn Israél trí chéad míle fear, agus d'fhearaihbh Iúda tríochad míle fear. 9 Agus dúradar leis na teachtairíbh a tháinig: Seo mar adéarfaidh sibh le fearaibh Iábes Galaaid: Amáireach, nuair a bheidh an ghrian te, beidh furtacht agaibh. Agus tháinig na teachtairí agus d'inseadar d'fhearaihbh Ghalaaid é, agus bhí áthas orthu. 10 Agus dúradar: Tiocfaimid chúibh amach amáireach, agus déanfaidh sibh linn mar is toil libh. 11 Agus do thárla, nuair a bhí an mhaidean amáireach ann gur dhein Saul trí cuallachta dá dhaoine, agus tháinig sé isteach i lár an longphuirt i bhfaire na maidine agus bhí sé ag marú na nAmmoníteach go dtí go dtáinig brothall an lae, agus do scaipeadh an chuid eile i dtreó nár fágadh aon bheirt acu i dteannta ' chéile. 12 Ansan duairt na daoine le Samuél: Ca bhfuil an fear úd aduairt: An amhlaidh a bheidh Saul 'na rí os ár gcionn? Tugtar anso na fir úd agus cuirfimid chun báis iad. 13 Agus duairt Saul: Ní curfar éinne chun báis an lá so, óir tá anTiarn tar éis slánaithe do dhéanamh in Israél an lá so. 14 Agus duairt Samuél leis na daoine: Téanaidh agus téimís go Galgal agus deinimís an ríocht d'athnuachaint ann. 15 Agus chuaigh na daoine go léir go Galgal agus do ríodar Saul i nGalgal os cómhair an Tiarna, agus d'ofráladar san áit sin *victimí* síochána os cómhair an Tiarna, agus do dhein Saul agus fir Israél go léir áthas ana-mhór san áit sin.

## Caib. a Dódhéag

*Admhaítear ionnracas Shamuél. Dia dhá thaispeáint le cómhartha ó neamh gur drochní a dhein na daoine nuair ' iarradar go gcurfí rí os a gcionn.*

1 Agus duairt Samuél le hIsraél go léir: Féach, d'éistean lenúr nglór ins gach ní dá ndúrabhair liom, agus tá rí curtha agam os úr gcionn. 2 Agus anois tá an rí ag gluaiseacht rómhaibh amach: ach táimse aosta agus mo cheann liath: agus táid mo chlann mhac agaibh. Tá aitheantas idir me agus sibh ó m'óige go dtí an lá so, agus féach, táim anso. 3 Labhraidh orm i láthair an Tiarna, agus i láthair úngtha an Tiarna, má thógas damh aon duine ná asal aon duine: má dheineas éagóir ar aon fhear, má luíos trom ar aon fhear: má ghlacas breab a láimh aon fhir, agus tarcaisneód an lá so é agus tabharfad thar n-ais díbh é. 4 Agus dúradar san: Níor dheinis éagóir orainn ná níor luís go trom orainn ná níor ghlacais ní a láimh aon fhir. 5 Agus duairt seisean léo: Is finné an Tiarna 'núr gcoinnibh, agus is finné úngtha an Tiarna 'núr gcoinnibh an lá so, ná fuarabhair aon ní im láimh. Agus dúradar san: Is finné. 6 Agus duairt Samuél léo: An Tiarna do dhein Maois agus Aaron agus a thug ár n-aithreacha amach a talamh na hÉigipte. 7 \* 8 \* Agus a chuir 'na gcónaí san áit seo iad. 9 Agus dhearúdar a dTiarna Dia, agus thug sé suas iad i láimh Shisara, captaein sló Hasoir, agus i láimh na bhFílistíneach; agus i láimh rí Mhoib, agus do throideadar 'na n-aghaidh. 10 Ach 'na dhiaidh san do ghlaodar ar an dTiarna agus dúradar: Tá peaca déanta againn, mar do thréigeamair an Tiarna, agus d'fhriothálamair Balaam agus Astarot; ach fuascaíl sinn anois a láimh ár namhad agus déanfaimid seirbhís duitse. 11 Agus do chuir an Tiarna uaidh Iérobaal agus Badan<sup>1</sup> agus

1 Caib. 12. véar. 11. "Iérobaal agus Badan", .i. Gedeon agus Samson. Tugtar "Badan" ar Shamson, toisc gur de threibh Dain gurbh ea é.

Iephte agus Samuél, agus d'fhuascail sé sibh a láimh úr namhad mórthímpall, agus bhíobhair 'núr gcónaí gan bhaol. 12 Ach nuair a chonacabhair go raibh Naas, rí clainne Ammoin, tagaithe amach 'núr gcoinnibh, dúrabhair liomsa: Ní hea ach beidh rí i bhfórlámhas orainn; bíodh go raibh úr d'Tiarna Dia 'na rí os úr gcionn. 13 Ach anois tá úr rí anso, an rí a bhí uaibh agus atá tofa agaibh. Féach, sin rí tabhartha ag an d'Tiarna dhíbh. 14 Má bhíonn eagla an Tiarna oraibh agus má dheineann sibh a réir, agus má éisteann sibh lena ghuth agus gan béal an Tiarna do ghríosadh, ansan is ea ' bheidh sibh féin agus an rí atá os úr gcionn 'núr lucht leanúna ag úr d'Tiarna Dia. 15 Ach mura n-éistidh sibh le guth an Tiarna, ach bheith ag éirí i gcoinnibh a bhriathar, beidh lámh an Tiarna oraibh féin agus ar úr n-aithreachaibh.

16 Ach seasaídh anois, agus féachaidh ar an ní mór so a dhéanfaidh an Tiarna os cómhair úr súl. 17 Nách é seo fómhar na crithneachtan<sup>1</sup> inniu againn? Glaofadsa ar an d'Tiarna agus cuirfidh sé tóirthneach agus fearthainn uaidh, agus beidh ' fhios agaibh agus chífidh sibh gur dheineabhair olc i radharc an Tiarna nuair a loirgeabhair rí ' bheith os úr gcionn. 18 Ansan do ghlaeigh Samuél ar an d'Tiarna agus do chuir an Tiarna uaidh tóirthneach agus fearthainn an lá san. 19 Agus tháinig eagla ana-mhór ag na daoine roimis an d'Tiarna agus roim Shamuél. Agus duairt na daoine go léir le Samuél: Guigh ar do sheirbhísigh chun do Thiarna Dia, i dtreo ná faighimis bás, óir tá curtha lenár bpeacaibh go léir againn an t-olc so, gur iarramair rí. 20 Agus duairt Samuél leis an daoine: Ná bíodh eagla oraibh. Tá an t-olc san\* déanta agaibh, ach ná cuiridh suas den Tiarna do leanúint ach bídh ag déanamh seirbhíse an Tiarna lenúr groí go léir. 21 Ná bídh ag iompáil i leataoibh i ndiaidh nithe gan ghus ná déanfaidh aon tairbhe dhíbh choíche ná aon fhuascailt, mar ná fuil iontu ach folús. 22 Agus ní thréigfidh an Tiarna a dhaoine, ar son a mhórainme féin. Óir do dhearbhaigh an Tiarna go ndéanfadh sé pobal do féin díbh. 23 Agus i bhfad uaimse an peaca san in aghaidh an Tiarna, go stadfaínn de bheith ag guí oraibhse, agus múinfeadh díbh an tslí is cóir agus is ceart. 24 Dá bhrí sin, bíodh eagal an Tiarna oraibh, agus deinidh a réir i bhfírinne agus lenúr groí go léir, óir do chonacabhair na hoibreacha móra a dhein sé 'núr measc. 25 Ach má leanann sibh ag déanamh na mallaitheachta, tiocfaidh íde oraibh féin agus ar úr rí in éineacht.

## Caib. a Trídéag

*An cogadh idir Shaul agus na Philistínigh. Cruatan na nIsraélíteach. Saul ag déanamh na híbirte roimh theacht Shamuél. A imdheargadh mar gheall air sin.*

1 Leanbh aon bhliana<sup>2</sup> ab ea Saul nuair a thosnaigh sé ar bheith 'na rí, agus bhí sé dhá bhliain 'na rí ar Israél. 2 Agus do thoibh Saul chuige trí mhíle fear d'fhearaibh Israél, agus bhí dhá mhíle fear acu in éineacht le Saul i Machmas, i gcnuc Bhetel, agus míle fear i bhfochair Ionatain i nGabaa Bheniamín, agus chuir sé uaidh thar n-ais an chuid eile den phobal, gach fear chun a thí féinig.

3 Agus do bhuail Ionatan an gairisiún leis na Philistínigh a bhí i nGabaa. Agus nuair ' airigh na Philistínigh an ní sin do shéid Saul an trúmpa ar fuaid na tíre, agus duairt sé: Cloiseadh na hÉabhraigh. 4 Agus d'airigh Israél go léir an ráfla so: Tá gairisiún na bhFilistíneach buailte ag Saul. Agus do ghlac Israél misneach in aghaidh na bhFilistíneach. Agus do glaodh na daoine i dteannta ' chéile i ndiaidh Shaul i nGalgal. 5 Bhí na Philistínigh, leis, cruinnithe chun troda in aghaidh Israél, tríochad míle carbat agus sé mhíle marcach, agus suaitheantas daoine dá n-éaghmais sin, mar ghainimh ar an dtraigh le líonmhaire. Agus d'imíodar suas agus do

1 Véar. 17. "Fómhar na crithneachtan". Ní bhíonn tóirthneach ná fearthainn choíche in sna dúthaibh sin san am san den bhliain.

2 Caib. 13. véar. 1. "Leanbh bliana". .i. Bhí sé chómh macánta, chómh neamhchiontach, le leanbh bliana. Do lean sé mar sin ar feadh dhá bhlian.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

champaíodar i Machmas, ar an dtaobh thoir de Bhetaven. 6 Agus nuair a chonaic clann Israél go rabhadar i dteannta (óir bhí na daoine i nguais) do chuadar i bhfolach i bpluaisibh agus i ndoiribh agus i gcarraigibh agus i bpollaibh agus i gclasaibh. 7 Agus d'imigh cuid de sna hÉabhraigh anonn thar Iórdan isteach i dtír Ghaid agus i dtír Ghalaaid. Agus nuair a bhí Saul fós i nGalgal, bhí árdeagla ar an daoine go léir a bhí dhá leanúint. 8 Agus d'fhan sé ar feadh seacht lá de réir mar a bhí socair ag Samuél. Agus ní raibh Samuél ag teacht, agus bhí na daoine ag sleamnú uaidh. 9 Agus duairt Saul: Tugtar chúm an *holocaust* agus na hofrálacha síochána. Agus d'íbir sé an *holocaust*. 10 Agus nuair a bhí íbirt an *holocaust* críochnaithe aige, siúd Samuél ag teacht agus d'imigh Saul amach 'na choinnibh ag beannú dho. 11 Agus duairt Samuél leis: Cad é seo déanta agat? D'fhreagair Saul: Nuair a chonaic go raibh na daoine ag sleamhnú uaim, agus gan tusa tagaithe de réir na laethanta a ceapadh, agus na Philistínigh cruinnithe i dteannta ' chéile i Machmas, 12 duart: Tiocfaid na Philistínigh anuas orm anois, go dtí Galgal agus níl aghaidh an Tiarna ceannsaithé agam. D'íbreas an holocaust mar dob éigean dom é ' dhéanamh. 13 Agus duairt Samuél le Saul: Dheinis beart gan chiall, agus níor chimeádaís aitheanta an Tiarna Dia, na haitheanta a thug sé dhuit le cimeád. Agus [mura]\* ndeintá san, bheadh an Tiarna anois tar éis do ríochta ar Israél do chur 'na seasamh go deó. 14 Ach ní leanfaidh do ríocht. Tá fear de réir a chroí féin loirgthe ag an dTiarna, agus tá órdaithe ag an dTiarna an fear san a bheith 'na phríúnsa ar a phobal, toisc nár dheinis-se an rud a dh'órdaigh an Tiarna dhuit. 15 Agus d'éirigh Samuél agus d'imigh sé suas ó Ghalgal go dtí Gabaa Bheniamín. Agus d'imigh an chuid eile de sna daoine suas i ndiaidh Shaul, i gcoinnibh na ndaoine a bhí ag troid leó, ag dul ó Ghalgal go Gabaa, i gcnuic Bheniamín. Agus do chómhairimh Saul na daoine agus do fuaradh tímpall sé chéad fear aige. 16 Agus bhí Saul agus a mhac Ionatan, agus na daoine a bhí in' fhochair, bhíodar i nGabaa Bheniamín. Agus bhí na Philistínigh campaithe i Machmas. 17 Agus d'imigh amach a longphort na bhFilistíneach trí buíona chun foghla. Chuaigh buíon díobh i dtreó slí Ephra, go talamh Shaul. 18 Chuaigh buíon eile fan slí Bhet-horoin, agus d'iompaigh an tríú buíon chun slí an imill, lastuas de ghleann Seboim i dtreó an uaignis.

19 Ach ní raibh aon ghabha le fáil an uair sin i dtír Israél. D'fhéach na Philistínigh chuige sin, i dtreó ná déanfadh na hÉabhraigh claimhte ná gathanna dhóibh féin. 20 Agus do théadh Israél go léir síos chun na bhFilistíneach chun go gcuirfeadh gach duine faobhar ar shoc a chéachta, nú ar a rámhainn, nú ar a thuaigh, nú ar a raca, 21 i dtreó go raibh a socanna maol, agus a rámhainní, agus a bhforcanna, agus a dtuanna, agus dá mb'iad a bpriocairí féin iad a bhíodh le deisiú. 22 Agus nuair a tháinig lá an chatha, ní raibh claiómh ná sleagh le fáil i láimh éinne de sna daoine a bhí i bhfochair Shaul agus Ionatán, ach amháin i láimh Shaul agus a mhic Ionatan. 23 \*

### Caib. a Ceathairdéag

*Fogha ag Ionatan á thabhairt fé sna Philistínigh. Bua míorúlteach. An dearbhú a dhein Saul. Ionatan i mbaol bháis mar gheall ar an ndearbhú san. Na daoine dhá fhuascailt.*

1 Ach do thárla, lá, go nduairt Ionatan, mac Shaul, len' armghiolla: Téanam agus téimis anonn go dtí an gairisiún san na bhFilistíneach atá ar an dtaobh eile den áit úd thall. Ach níor inis sé an ní sin dá athair. 2 Agus bhí Saul 'na chónaí in iarthar Ghabaa, fén gcrann gránúll a bhí i Magron, agus na daoine a bhí in' fhochair tímpall sé chéad fear a bhí ann díobh. 3 Agus bhí an t-*ephod* ar Achias mac Achitoib, driotháir d'Ichabod mac Phinees mhic Héilí, sagart an Tiarna i Siló. Agus ní raibh ' fhios ag na daoine cá raibh Ionatan imithe.

4 Ach, idir na cnucánaibh trínar mheas Ionatan dul anonn chun gairisiúin na bhFilistíneach, bhí carraigreacha 'na seasamh ar gach taobh, agus failte árd mar ' bheadh fiacla ar thaobh agus ar



an dtaobh eile. Boses an ainm a bhí ar fhaill acu agus Sene an ainm ar bhí ar an bhfaill eile. 5 Bhí aon charraig amháin 'na seasamh amach i dtreó an taoibh thuaidh ar aghaidh Mhachmais anonn, agus an charraig eile ar an dtaobh theas ar aghaidh Ghabaa anonn. 6 Agus duairt Ionatan leis an óigfhear a bhí ag iompar an airm do: Téanam agus téimis anonn chun gairisiúin na neamhthimpallghearrtha so. B'fhéidir go ndéanfaidh an Tiarna ní dhúinn, óir ní deocair don Tiarna fuascailt a dhéanamh le mórán nú le beagán. 7 Agus duairt an t-armghiolla leis: Dein gach ní is toil le t'aighe: Éirigh in aon áit is toil leat agus beadsa leat ins gach áit 'nar mian leat. 8 Agus duairt Ionatan: Féach, raighimid anonn chúthu súd, agus nuair a chífid siad sinn, 9 má labhraid siad mar seo linn: Fanaidh go dtéimid ag triall oraibh, stadaimis mar a mbeidh againn agus ná téimis suas chúthu. 10 Ach má deirid siad: Tagaidh aníos chúinn, téimis suas chúthu, óir tá an Tiarna tar éis iad a thabhairt isteach 'nár láimh dúinn. Sin é a bheidh mar chómhartha<sup>1</sup> againn. 11 Ansan do thaispeánadar araon iad féin do ghairisiún na bhFilistíneach. Agus duairt na bhFilistinigh: Féach, táid na hÉabhraigh ag teacht amach as na pollaibh mar a rabhadar i bhfolach. 12 Agus do labhair fir an ghairisiúin le Ionatan agus lena ghiolla agus dúradar: Tagaidh aníos chúinn agus taispeánfaimid ní dhíbh. Agus duairt Ionatan lena ghiolla: Téimis suas. Lean me: óir tá an Tiarna tar éis iad a thabhairt isteach i lámhaibh Israél. 13 Agus d'imigh Ionatan suas ag lámhacán ar a lámhaibh agus ar a chosaibh agus a ghiolla 'na dhiaidh, agus do thit cuid acu roime Ionatan agus bhí an giolla ag marú agus é dhá leanúint. 14 Agus timpall fiche fear ab ea an chéad éirleach a [dhein]<sup>\*</sup> Ionatan agus a ghiolla, laistigh de leathacra tailimh, oiread agus is gnáth le seisreach damh do threabhadh in aon lá amháin. 15 Agus bhí míorúilt sa longphort, ar fuaid na bpáirceanna, agus bhí alltacht ar an méid dá ngairisiún a bhí imithe amach chun foghla, agus bhí an talamh ar crith, agus tharla sé mar mhíorúilt ó Dhia. 16 Agus d'fhéach an lucht faire a bhí ag Saul i nGabaa Bheniamín, agus féach, mórshlua dá dtreascairt agus iad ag teitheadh, anonn 's anall. 17 Agus duairt Saul leis an muintir a bhí in' fhochair. Féachaidh cé atá imithe uainn. Agus nuair ' fhéachadar, do fuaradh ná raibh Ionatan ná a ghiolla ann. 18 Agus duairt Saul le hAchas: Tabhair leat airc an Tiarna (óir do bhí airc Dé san áit an lá san i bhfochair chlainne Israél). 19 Agus an fhaid a bhí Saul ag cainnt leis an sagart d'éirigh uallthartach árd i longphort na bhFilistíneach, agus do neartaigh ar an uallthartach i ndiaidh ar ndiaidh agus do hairíodh níos soiléire í. Agus duairt Saul leis an sagart: Tarraig do lámh isteach. 20 Ansan do liúigh Saul agus na daoine in' fhochair in éineacht agus thánadar go háit an chómhraic, agus féach, bhí claíomh gach fir iompaithe ar a chómharsain aige agus éirleach ana-mhór á dhéanamh. 21 'Na theannta san, na hÉabhraigh a bhí i bhfochair na bhFilistíneach inné agus arú 'nné roimis sin, agus a bhí imithe suas leo sa longphort, do thánadar thar n-ais chun bheith i bhfochair na nIsraélíteach a bhí i dteannta Shaul agus Ionatain. 22 Agus na hIsraélítigh go léir a bhí tar éis dul i bhfolach i gcnuc Ephraim, nuair ' airíodar go raibh an teitheadh ar na Philistinigh, thánadar i dteannta a ndaoine féin sa chómhraic. Ansan bhí timpall deich míle fear ag Saul. 23 Agus do shábháil an Tiarna Israél an lá san. Agus do ghluais an cómhraic chómh fada le Betaven. 24 Agus do cuireadh fir Israél le chéile an lá san. Agus do chuir Saul brí na mionn ar an bpobal agus duairt sé: Mallacht ar an bhfear a dh'íosfaidh bia go dtí tráthnóna, go mbeidh díoltas déanta agam ar mo namhaid. Agus níor bhlaís éinne den phobal bia. 25 Agus tháinig an choitiantacht go léir isteach i gcoill mar a raibh mil ar an dtalamh. 26 Agus nuair a tháinig na daoine isteach sa choill, féach bhí an mhil ag titim, ach níor chuir aon fhear lámh chun a bhéil óir dob eagal leis an bpobal dearbhú an rí. 27 Ach ní raibh Ionatan ag éisteacht len' athair, nuair a chuir sé na mionna ar an bpobal. Agus do shín sé amach ceann na slaite a bhí 'na lámh aige agus do thúm sé i gcriathar den mhil é, agus do rug sé a lámh chun a bhéil, agus tháinig an solas 'na shúilibh. 28 Agus d'fhreagair duine den phobal agus duairt sé: Chuir t'athair na daoine fé dhearbhú, agus duairt sé: Mallacht ar an bhfear

1 Caib. 14. véar. 10. "Mar chómhartha". Gan amhras do chuir an Tiarna i gcroí Ionatain úsáid a dhéanamh den chómartha san. Mura mbeadh gur dhein bheadh deismireacht pheacúil ann.

a dh'íosfaidh aon bhia inniu (agus bhí na daoine lag). 29 Agus duairt Ionatan: Tá an tír fé bhuaireamh ag m'athair. Do chonacabhair féin go bhfuil an solas tagaithe im shúilibh, toisc gur bhlaies roinnt bheag den mhil seo. 30 Nár mhó ná san go mór dá n-itheadh na daoine ní de chreachaibh a namhad atá fáлта acu? Ná beadh ár níba mhó curtha acu ar na Philistínigh? 31 Ach do chuireadar ár ar na Philistínigh an lá san ó Mhachmas go hAilon, agus bhí ana-thuirse ar an daoine; 32 agus d'iompaíodar ar na creachaibh agus do thógadar caoire agus daimh agus gamhna agus mharaíodar iad ar an dtalamh agus bhí na daoine dhá n-ithe in éineacht leis an bhfuil. 33 Agus do hínseadh do Shaul go raibh peaca déanta ag an bpobal in aghaidh an Tiarna, toisc gur itheadar an fhuil leis an bhfeóil. Agus duairt Saul: Tá iomarbhas déanta agaibh. Iompaítear anso chúm anois cloch mhór. 34 Agus duairt Saul: Scaipidh sibh féin i measc na ndaoine agus abraidh leó, gach fear do thabhairt a dhaimh féin, agus a reithe féin agus iad do mharú ar an gcloich seo agus ithe, agus ní bheidh sibh ag déanamh an pheaca in aghaidh an Tiarna, ag ithe in éineacht leis an bhfuil. Agus bhí na daoine ag tabhairt na ndamh leó, gach fear a dhamh féin, go dtí an oíche, agus dhá marú. 35 Agus do chuir Saul altóir suas chun an Tiarna, agus b'in é an chéad uair aige ag cur altórach suas chun an Tiarna.

36 Agus duairt Saul: Rithimís chun na bhFilistíneach san oíche agus bímís dhá n-ídiú go dtagaidh solas na maidine agus ná fágaimís aon fhear acu (beó). Agus duairt na daoine: Aon ní is maith id shúilibh dein é. Agus duairt an sagart: Tagaimís i bhfogas don Tiarna anso. 37 Agus chuaigh Saul i gcómhairle leis an dTiarna: An leanfad ar thóir na bhFilistíneach? An dtabharfair iad isteach i láimh Israél? Agus níor thug sé aon fhreagra air an lá san. 38 Agus duairt Saul: Tugtar anso cúinní uile an phobail agus tuigtear agus feictear cé thríd gur thárla an peaca so inniu. 39 Mar is beó an Tiarna is slánaitheóir ar Israél, más é mo mhac Ionatan a dhein é, gheóbhaidh sé bás go deimhin. Níor labhair éinne den phobal 'na choinnibh sa méid sin. 40 Agus duairt sé le pobal Israél uile: Bídhse ar thaobh agus beadsa agus mo mhac Ionatan ar an dtaobh eile: agus d'fhreagair an pobal Saul: Dein an ní a chítear is maith id shúilibh. 41 Agus duairt Saul leis an Tiarna: Ó a Thiarna Dia Israél, tabhair cómhártha trína mbeidh ' fhios againn cad é an brí atá le gan tu ' thabhairt aon fhreagra ar do sheirbhíseach inniu. Más ionamsa nú im mhac Ionatan atá an mhallaitheacht so, tabhair deimhne. Nú más id phobal atá an mhallaitheacht so, tabhair naofacht. Agus do tógadh Ionatan agus Saul agus chuaigh na daoine saor. 42 Agus duairt Saul: Deintear an crannchur idir mise agus mo mhac Ionatan. Agus do tógadh Ionatan<sup>1</sup>. 43 Agus duairt Saul le Ionatan: Inis dom cad a dheinis. Agus d'inis Ionatan do agus duairt sé: Níor dheineas ach roinnt bheag meala do bhlaiseadh de bharr na slaite a bhí im láimh agam agus féach caithfeadh bás d'fháil. 44 Agus duairt Saul: Go ndeinidh Di9a so agus súd liomsa, agus tuilleadh leis: ach is bás a chaithfir a dh'fháil, a Ionatain. 45 Agus duairt na daoine le Saul: Agus an amhlaidh a chaithfidh Ionatan, an fear a dhein an slánú mór so in Israél, bás d'fháil? Ní chaithfidh san a bheith. Mar is beó an Tiarna, ní chaithfidh ribe dá ghruaig titim chun tailimh, mar do dhein sé obair in éineacht le Dia inniu. Agus ar an gcuma san do thug an pobal Ionatan saor ó bhás d'fháil. 46 Agus chuaigh Saul thar n-ais agus níor lean sé ar thóir na bhFilistíneach, agus chuaigh na Philistínigh chun a n-áiteanna féinig.

47 Nuair a bhí a ríocht daingean ag Saul os cionn clainne Israél, do chuir sé cogadh ar a namhaid go léir mórthímpall ar Mhoab, agus ar chlaínn Ammoin, agus ar EDOM agus ar ríthibh Soba agus

1 Véar. 42. "Do tógadh Ionatan". Bíodh nár dhein Ionatan peaca nuair a bhlaies sé an mhil tiosc gan a fhios a bheith aige gur choisc a athair bia ' dh'ithe, do cheadaigh Dia an crann do thitim air chun a thaispeáint go bhfuil ceangailte ar dhuine rud a dhéanamh ar ríthibh agus ar thuismitheóiribh. (Ní thaitheann an nóta san liomsa. Conas ' fhéadfadh aon "cheangal" a bheith ar Ionatan i dtaobh ruda ná raibh aon fhios aige air? Ní hea, ach do cheadaigh Dia an crann do thitim ar Ionatan chun a thaispeáint do Shaul go raibh breallántacht déanta aige leis na geasaibh. "Ach", adéarfaidh duine b'fhéidir, "nár mhór an éagóir ar Ionatan é sin?" Do choisc Dia an díobháil ó Ionatan. Cá raibh an éagóir ansan?)

## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

ar na Philistínigh, agus pé treó 'na dtugadh sé aghaidh do bheireadh sé bua. 48 Agus do chruinnigh sé slua i dteannta ' chéile agus do bhris sé cath ar Amalec agus d'fhuascail sé Israél ó láimh na ndaoine sin a bhíodh a' déanamh foghla orthu. 49 Agus b'iad clann mhac Shaul, Ionatan agus Iéssuí agus Melchisua, agus ainmneacha a bheirt iníon Merob, an iníon ba shine, agus Michol, an iníon ab óige. 50 Ainm na mná a bhí ag Saul Achinoam iníon Achimaais. Agus Abner, mac Ner, ainm an chaptaein airm a bhí aige, agus gaol a dó is a dó dho féin ab ea é (nú, col ceathar), 51 óir b'é Cis athair Shaul, agus mac d'Abiel ab ea Ner, athair Abner. 52 Agus bhí cogadh mór in aghaidh na bhFilistíneach i gcaitheamh laethanta uile Shaul. Óir gach aon fhear a chíodh Saul cróga agus oiriúnach chun cogadh thógadh sé chuige féin é.

### Caib. a Cúigdéag

*Curtar Saul chun Amalec do dhísciú. Spáralann sé an rí agus an cuid is féarr den eallach. Tugann an Tiarna druím lámha leis, mar gheall ar an easúmhláiocht san.*

1 Agus duairt Samuél le Saul: Do chuir an Tiarna mise uaidh chun tusa d'úngadh id rí ar a phobal Israél. Éistse anois, dá bhrí sin, le guth an Tiarna. 2 Seo mar adeir Tiarna na sló. Tá léirmheas déanta agam ar ar dhein Amalec in aghaidh Israél, conas mar ' chuir sé orthu sa tslí nuair a bhíodar ag teacht aníos as an Éigipt. 3 Imigh anois, dá bhrí sin, agus buail Amalec agus ídigh, amu' 's amach, gach ní dá bhfuil aige. Ná spáráil é, agus ná sanntaigh aon ní is leis, ach mairbh idir fhear agus bean agus leanbh<sup>1</sup> agus naíon ag deól, damh agus caíora, camall agus asal.

4 Agus d'áirimh Saul na daoine ar nós na n-uan, dhá chéad míle troitheach agus deich míle d'fhearaibh Iúda. 5 Agus tháinig Saul go cathair Amalec agus chuir sé fir 'na luí i bhfolach sa chaidhséar. 6 Agus duairt Saul leis an gCíníteach: Imigh leat agus tar anuas ó Amalec, sara n-ídeóinn thusa in éineacht leis, mar do bhís-se ceannsa do chlaínn Israél uile nuair a bhíodar ag teacht aníos as an Éigipt.

Agus d'imigh an Cíníteach amach a lár Amalec. 7 Ansan do bhuail Saul Amalec, ó Hevila go dtagair go dtí Sur, áit atá ar aghaidh na hÉigipte anonn. 8 Agus thóg sé 'na bheathaidh Agag, rí Amalec, ach do chuir sé an choitiantacht go léir fé ghoin claímh. 9 Agus do shábháil Saul agus an pobal Agag agus an chuid ab fheárr de sna tréadaibh caeireach agus den stoc, agus na héadaí, agus na reithí, agus gach aon rud a bhí álainn, agus ní ideóidís iad, ach gach aon rud a bhí gránna, neamthhairbheach, d'ídíodar é.

10 Agus tháinig briathar an Tiarna go dtí Samuél agus duairt sé: 11 Is doiligh me mar gur dheineas rí de Shaul: óir tá cúl tabhartha aige liom agus níor chóimhlíon sé m'aitheanta. Agus bhí Samuél buartha agus bhí sé ag glooch ar an dTiarna an oíche go léir. 12 Agus d'éirigh Samuél go moch ar maidin chun dul go dtí Saul, agus do hínseadh do Shamuél go raibh Saul tagaithe go dtí Carmel agus stua caithréime curtha suas aige dho féin ann, agus go dtáinig sé thar n-ais agus gur imigh sé air agus gur chuaigh sé síos go dtí Galgal. Agus do tháinig Samuél ag triall ar Shaul, agus bhí *holocaust* ag Saul dá íbirt chun an Tiarna as an chuid ab fheárr de sna creachaibh a bhí tabhartha leis aige ó Amalec. 13 Agus nuair a bhí Samuél tagaithe go dtí Saul duairt Saul leis. Is beannaithe thusa don Tiarna. Tá focal an Tiarna cóimhlíonta agamsa. 14 Agus duairt Samuél: Más ea cad a chiallaíonn an mhéileach caeireach so atá ag labhairt im chluasuibh, agus an ghéimreach

1 Caib. 15. véar. 3. "*Leanbh*". Is i láimh Dé atá bas agus beatha. Beireann sé leath na cine daonna as an saol agus iad 'na leanaibh. Is é a thoil naofa, uaireanta, go gcurfí leanaí óga fé ghoin claímh mar gheall ar pheacaibh a n-athar agus a máthar, agus i dtreo ná mairfidís chun na bpeacaí gcéanna do dhéanamh. Ach san am gcéanna ní dleathach choíche, gan órdú ó Dhia féin, leanaí ' chur chun báis i gcogadh, pé dleathach andleathach é an cogadh.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

beithíoch so a dh'airím? 15 Agus duairt Saul: Thugadar leó ó Amalec iad, mar do shábháil an pobal an chuid ab fheárr de sna caoiribh agus den stoc chun go n-íbreófi iad chun do Thiarna Dia, ach do mharaíodar<sup>\*</sup> an chuid eile dhíobh. 16 Agus duairt Samuél: Tabhair cead dom agus neósfad duit an ní aduairt an Tiarna liom san oíche. Agus duairt seisean: Labhair. 17 Agus duairt Samuél: Nuair a bhís id leanbh beag id shúilibh féin nár cuireadh id cheann thu ar threabhaibh Israél? Agus d'úng an Tiarna thu chun bheith id rí os cionn Israél. 18 Agus do chuir an Tiarna chun siúil thu agus duairt sé leat: Imigh agus mairbh peacacha Amalec, agus beidh tú ag troid 'na gcoinnibh go n-ídír ar fad iad. 19 Cad 'na thaobh, dá bhrí sin, nár éistis le guth an Tiarna, ach iompáil chun na foghla agus olc a dhéanamh i súilibh an Tiarna? 20 Agus duairt Saul le Samuél: 'Sea ach d'éistead le guth an Tiarna, agus do shiúlaíos sa tslí 'nar chuir an Tiarna uaidh me, agus thugas Agag rí Amalec liom, agus chuireas Amalec chun báis. 21 Ach do thóg na daoine caoire agus daimh as na creachaibh, céadtorthaí na nithe a maraíodh, chun íbirte d'ofráil dá dTiarna Dia i nGalgal. 22 Agus duairt Samuél: An *holocauistí* agus *victimí* a theastaíonn ón dTiarna? Nách mór a theastaíonn uaidh go mbeifí úmhal do ghuth an Tiarna? Is feárr úmhlaíocht ná íbirtí, agus éisteach (lena ghuth) ná saill reithí d'ofráil. 23 Óir is cuma nú diablaíocht easúmhláíocht, agus is cosmhail le híodaladhradh diúltú do réir a dhéanamh. Dá bhrí sin, ó tá diúltaithe agatsa do bhriathar an Tiarna, tá diúltaithe ag an dTiarna do thusa ' bheith id rí. 24 Agus duairt Saul le Samuél: Tá peaca déanta agam, mar tá aithne an Tiarna briste agam, agus do bhriatharsa, trí m'eagla roimis na daoine agus trí mar a ghéilleas dá nglór. 25 Ach anois, fuilig, aicim ort, lem peaca agus tar liom thar n-ais go n-adhrad an Tiarna. 26 Agus duairt Samuél le Saul: Ní raghad thar n-ais leat mar taoise tar éis briathar an Tiarna do chur uait agus tá an Tiarna tar éis thusa do chur ó bheith id rí os cionn Israél. 27 Agus d'iompaigh Samuél chun imithe, ach do rug seisean greim ar íochtar a bhrait agus do strac an brat. 28 Agus duairt Samuél: Tá an Tiarna tar éis ríochta Israél do stracadh uait inniu agus í ' thabhairt do chómharsain duit atá níos feárr ná thusa. 29 Ach ní dhéanfaidh an caithréimeach in Israél spáráil, ná ní spriocfair é chun aithreachais: mar ní duine é go ndéanfadh sé aithrí. 30 Ansan duairt seisean: Tá peaca déanta agam. Ach tabhair onóir dom anois i láthair seanóirí mo phobail agus i láthair Israél agus tar thar n-ais liom go n-adhrad do Thiarna Dia. 31 Ansan chuaigh Samuél thar n-ais i ndiaidh Shaul, agus do adhar Saul an Tiarna.

32 Ansan duairt Samuél: Tugtar anso chúm Agag rí Amalec. Agus to tugadh chuige Agag agus é go beathaithe agus é ag crith. Agus duairt Agag: An mar seo a dheineann bás doirbh scarúint? 33 Agus duairt Samuél: Mar a dhein do chlaíomhsa mná ' bheith ar díth clainne is ea ' bheidh do mháthairse ar díth clainne i measc ban. Agus do gheárr Samuél 'na bhloghaibh é os cómhair an Tiarna i nGalgal.

34 Ansan d'imigh Samuél go Ramata: ach chuaigh Saul suas chun a thí féin i nGabaa. 35 Agus ní fheacaigh Samuél Saul a thuilleadh go dtí lá a bháis<sup>1</sup>. Ach bhí Samuél ag cáí mar gheall ar Shaul, toisc gur dhoiligh leis an dTiarna gur dhein sé rí dhe ar Israél.

### Caib. a Sédéag

*Curtar Samuél go Betlehem mar a n-úngann sé Dáivid. Tógtar Dáivid isteach i dteaghlach Shaul.*

1 Agus duairt an Tiarna le Samuél: An fada a bheirse ag cáí mar gheall ar Shaul, an fear atá caite amach agamsa ó bheith 'na rí ar Israél? Líon t'adharc d'ola agus tar go gcuiread uaim thu ag triall ar Isaí an Betlemíteach, óir tá rí ceapaithe agam dom féin i measc a mhac san. 2 Agus duairt

1 Véar. 35. "Go dtí lá a bháis". 'Sé sin, níor chuaigh sé dhá fhéachaint a thuilleadh.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

Samuél: Conas is féidir dom dul. Aireóidh Saul é agus cuirfidh sé chun báis me. Agus duairt an Tiarna: Béarfair leat gamhain as an stoc agus déarfair: Do thánag chun íbirte ' dhéanamh chun an Tiarna. 3 Agus glaofair Isaí chun na híbirte, agus taispeánfadsa dhuit cad a bheidh le déanamh agat, agus úngfair an té a thaispeánfad duit. 4 Ansan do dhein Samuél an rud aduairt an Tiarna leis. Ansan tháinig sé go Betlehem, agus bhí iúnadh ar sheanóiribh na cathrach nuair a chonacadar é\*, agus dúradar: An i síocháin atá do theacht? 5 Agus duairt seisean: Is i síocháin. Do thánag chun íbirte d'ofráil don Tiarna. Naomhaídh sibh féin agus tagaidh chun na híbirte in éineacht liom. Agus do naomhaigh sé Isaí agus a chlann mhac agus ghlaeigh sé chun na híbirte iad. 6 Agus nuair a bhíodar tagaithe isteach chonaic sé Eliab agus duairt sé: An bhfuil úngtha an Tiarna os a chómhair? 7 Agus duairt an Tiarna le Samuél: Ná féach chun a ghnúise ná chun aoirde a phearsan, óir tá sé curtha uaim agam, agus ní de réir cló duine a dheinimse breithniú. Óir chionn an duine na nithe a chítear, ach bíonn an Tiarnar ag féachaint ar an gcroí. 8 Agus do ghlaeigh Isaí Abinadab agus thug sé i láthair Samuél é, agus duairt sé: Níor thoibh an Tiarna é sin ach chómh beag. 9 Agus thug Isaí leis Samma. Agus duairt sé 'na thaobh san: Ná níor thoibh an Tiarna é sin. 10 Mar sin do thug Isaí a mhórsheisear mac i láthair Shamuél: agus duairt Samuél le hIsaí: Ní héinne acu san atá tofa ag an dTiarna. 11 Agus duairt Samuél le hIsaí: An bhfuilid do chlann mhac go léir anso agat? Agus d'fhreagair seisean: Tá aon mhac amháin eile ann, mac óg atá i mbun na gcaireach. Agus duairt Samuél le hIsaí: Cuir fios air agus tabhair anso é, mar ní shuífimid go dtagaidh sé. 12 Chuir sé fios air, dá bhrí sin, agus thug sé leis é. Agus bhí sé fionnarua, agus go breá le féachaint air, agus álainn 'na ghnúis. Agus duairt an Tiarna: Éirigh agus úng é sin mar sin é é. 13 Ansan do thóg Samuél an adharc ola agus d'úng sé é i lár a bhráthar, agus tháinig sprid an Tiarna ar Dháivid ón lá san amach. Agus d'éirigh Samuél agus chuaigh sé go Ramata. 14 Agus d'imigh sprid an Tiarna ó Shaul, agus bhí drochsprid ón dTiarna<sup>1</sup> ag cur buairimh air. 15 Agus duairt seirbhísigh Shaul leis: Féach, tá drochsprid ó Dhia ag cur buairimh ort. 16 Tugadh ár dtiarna órdú dhúinn agus cuardóid do sheirbhísigh atá os do chómhair fear oilte ar sheinnim ar chruit, i dtreo nuair a bheidh an drochsprid ón dTiarna ort go seinnfidh seisean lena láimh agus go bhféadfair é ' dh'fhulag níos saoráidí. 17 Agus duairt Saul lena sheirbhísigh: Más ea soláthraídh dom fear éigin a dh'fhéadfaidh seinnt go maith agus tugaidh chúm é. 18 Agus d'fhreagair duine de sna seirbhísigh agus duairt sé: Féach, do chonacsá mac d'Isaí an Betlemíteach, seinnteóir oilte, agus fear ana-láidir, fear oiriúnach chun cogaidh, gasta 'na chainnt, agus dea-chúmtha 'na phearsain, agus tá an Tiarna leis. 19 Ansan do chuir Saul teachtairí chun Isaí dhá rá: Cuir chúm do mhac Dáivid atá in sna fosaíochtaibh. 20 Agus do thóg Isaí asal agus ualach aráin air, agus buidéal fiona, agus meannán as an dtréad, agus chuir sé iad, i láimh a mhic Dáivid, ag triall ar Shaul. 21 Agus tháinig Dáivid go dtí Saul agus do sheasaimh sé os a chómhair: agus tháinig grá ana-mhór aige dho agus dhein sé a ghiolla airm de. 22 Agus chuir Saul scéala chun Isaí, dhá rá: Leog do Dháivid bheith 'na sheasamh os mo chómhair, mar tá fabhar fálda aige im radharc. 23 I gcás, gach aon uair a bhíodh an drochsprid ón dTiarna ar Shaul go dtógadh Dáivid a chruit agus go seinneadh sé lena láimh agus go bhfaigheadh Saul fuarthan agus go dtagadh feabhas air agus go n-imíodh an drochsprid uaidh<sup>2</sup>.

### Caib. a Seachtdeag

*Cogadh leis na Philistínigh. Golait ag fógairt cómhraic ar Israél. A thitim le Dáivid.*

1 Ach do chruinnigh na Philistínigh a slóite\* chun catha agus ghlacadar longphort idir Socho agus Aseca, i gcricheabha Dommin. 2 Agus do chruinnigh Saul agus clann Israél i bhfochair a chéile

1 Caib. 16. véar. 14. "Ón dTiarna". Le cead ó Dhia, mar phionós air, bhí drochsprid éigin ag cur air, nú i seilbh ann.

2 Véar. 23. "Go n-imíodh an drochsprid uaidh". Do dhíbreadh naofacht Dháivid an drochsprid.

agus thánadar go dtí gleann na terebinte, agus chuireadar a slua i gcóir chun troda in aghaidh na bhFilistíneach. 3 Agus bhí na Philistínigh 'na seasamh ar chnuc ar thaobh agus bhí Israél 'na seasamh ar chnuc ar an dtaobh eile: agus bhí an gleann eatarthu. 4 Agus tháinig amach a longphort na bhFilistíneach mac tabhartha dárbh ainm Goliat, de Ghet, agus sé cúbait agus réise a bhí sé ar aoirde, 5 agus bhí clogad práis ar a cheann agus lúireach gainneach uime, agus bhí chúig mhíle *sicil* práis de mheáchaint 'na lúireach, 6 agus bhí osáin práis ar a luirgnibh aige agus sciath práis ar a ghuailibh. 7 Agus ba chuma crann a shleithe nú garma fiodóra, agus bhí meáchaint sé chéad *sicil* iarainn sa cheann a bhí ar a shleagh. Agus bhíodh a ghiolla airm roimis amach. 8 Agus do sheasaíodh sé agus do labhradh sé amach le buinibh Israél agus deireadh sé leó: Cad chuige go bhfuilí tagaithe amach ollamh chun troda? Nách Philistíneach mise agus nách seirbhísigh do Shaul sibhse. Deinidh fear agaibh do thoghadh amach agus tagadh sé anuas agus troideadh sé lámh le lámh. 9 Má fhéadann sé cómharc liomsa agus me ' mharú beimidne 'nár seirbhíseachaibh agaibhse. Ach má bhuaimse air agus má mharaím é, beidh sibhse 'núr seirbhíseachaibh, ag déanamh seirbhíse dhúinne. 10 Agus deireadh an Philistíneach: Mo shlánas fé bhuinibh Israél inniu! Tugtar fear dom agus deineadh sé cómharc liom lámh le lámh. 11 Agus nuair ' airíodh Saul agus na hIsraélítigh go léir an chainnt sin ón bhFilistíneach thagadh uathás orthu agus eagla anamhór.

12 Ach mac ab ea Dáivid don Ephratíteach úd ó Bhetlehem Iúda, adúradh, gurbh ainm do Isaí, agus go raibh ochtar mac aige, agus go raibh sé 'na sheandúine in aimsir Shaul, agus aos mór aige i measc na bhfear. 13 Agus bhí an triúr ba shine dá mhacaibh imithe le Saul chun an chatha. Agus sid iad ainmneacha an trí mac leis a bhí imithe chun an chatha, Eliab an sínsear, agus Abinadab an tarna mac, agus Samma an tríú mac. 14 Ach b'é Dáivid an mac ab óige, agus ó bhí an triúr ba shine imithe le Saul 15 d'imigh Dáivid agus tháinig sé thar n-ais ó Shaul chun tréad a athar do chothú i mBetlehem. 16 Ach do thagadh an Philistíneach úd amach gach aon mhaidean agus gach aon tráthnóna, dhá thaispeáint féin, ar feadh daichead lá. 17 Agus duairt Isaí lena mhac Dáivid: Tóg leat chun do bhráthar *ephí* gráinseacháin agus na deich mbollóga so agus rith chun an longphuirt ag triall ar do bhráithribh. 18 Agus beir leat na deich gcáiseanna beaga so go dtí an *tribún*, agus éirigh agus feic do bhráithre, an bhfuil siad go maith, agus faigh amach cé leó go bhfuilid siad riartha.

19 Ach bhí Saul agus iad san, agus clann Israél go léir, i ngleann na Terebinte agus iad ag troid in aghaidh na bhFilistíneach. 20 D'éirigh Dáivid, dá bhrí sin, ar maidin, agus chuir sé cúram na dtréad ar an gcimeádaí, agus do ghluais sé agus an t-ualach aige mar a dh'órdaigh Isaí dho, agus tháinig sé go háit Mhagala, agus chun an tsló, agus bhí an tslua ag dul amach cun cómhraic agus iad ag liúirigh chun an chatha. 21 Óir bhí Israél tar éis iad féin do chur in íonaibh agus bhí na Philistínigh 'na seasamh agus iad ollamh. 22 D'fhág Dáivid na háirthe a thug sé leis fé chúram chimeádaí an lóin agus do rith sé go dtí áit an chatha agus d'fhiafraigh sé a' raibh gach ní go maith ag á bhráithribh. 23 Ach an fhaid a bhí sé ag cainnt leó do thaispeáin an mac tabhartha úd dárbh ainm Goliat é féin, an Philistíneach ó Ghet. Tháinig sé aníos ó longphort na bhFilistíneach agus do labhair sé an chainnt chéanna úd agus Dáivid ag éisteacht leis. 24 Agus nuair a chonaic na hIsraélítigh go léir é do bhíodar ag teitheadh óna ghnúis, mar bhí scannradh orthu roimis. 25 Agus duairt duine éigin d'Israél: An bhfeacaís an fear san a tháinig aníos, óir is ag cur a shlána faoi Israél atá sé tagaithe. Agus an té a mharóidh é saibhreóidh an rí é le saibhreas mór, agus tabharfaidh sé a iníon do, agus déanfaidh sé teaghlach a athar saor ó cháin in Israél.

26 Agus do labhair Dáivid leis na fearaibh a bhí 'na seasamh in' aice, agus duairt sé: Cad a tabharfar don fhear a mharóidh an Philistíneach san agus a thógfaidh an masla d'Israél? Óir cé hé an Philistíneach so gan timpallghearradh chun a rá go dtabharfaidh sé dúshlán fé shlóitibh Dé atá

beó! 27 Agus d'fhreagair na daoine é in sna foclaibh céanna úd, agus dúradar: Tabharfar na nithe úd don fhear a mharóidh é. 28 Ach nuair ' airigh Eliab, a dhriotháir críonna, an ní sin, nuair a bhí sé ag cainnt le daoineibh eile, bhí fearg air chun Dáivid, agus duairt sé: Cad a thug anso thusa? Agus cad chuige dhuit an tréad beag caorach úd d'fhágaint san uaigneas? Is eól dómhsa t' uabhar agus mallaitheacht do chroí, gur ag feiscint an chatha do tháinís. 29 Agus duairt Dáivid: Cad 'tá déanta agam? Ná fuil cúis le cainnt? 30 Agus d'iompaigh sé i leataoibh beagán chun duine eile agus duairt sé an focal céanna, agus thug na daoine an freagra céanna air. 31 Agus do hairíodh an chainnt aduairt Dáivid agus do hínseadh an chainnt os cómhair Shaul. 32 Agus do tugadh 'na láthair é agus duairt sé: Ná bíodh lagspridí ar chroí aon fhir. Raghadsa, do sheirbhíseach, agus troidfead leis an bhFilistíneach san. 33 Agus duairt Saul le Dáivid: Nílirse ábalta ar sheasamh in aghaidh an Philistínigh sin ná ar chómhrac leis, óir níl ionat ach buachaill agus fear cogaidh is ea é sin ón' óige. 34 Agus duairt Dáivid le Saul: Bhíodh do sheirbhíseach ag cimeád caireach a athar agus do thagadh león, nú beithir, agus bheiridís leó reithe a lár an tréada, 35 agus do rithinnse 'na ndiaidh agus do bhuailinn iad agus do bhaininn amach as a mbéal é, agus d'éiridís im choinnibh agus do bheirinn ar scórnaigh orthu agus do thachtainn iad agus do mharaínn iad. 36 Féach, do mharaíos-sa, do sheirbhíseach, león agus beithir, agus beidh an Philistíneach so gan tímpallghearradh mar cheann acu san. Imeód anois agus tógfad an masla den phobal, óir cé hé an Philistíneach so gan tímpallghearradh gur leómhaigh sé eascaine ' dhéanamh ar shlua Dé atá beó! 37 Agus duairt Dáivid: An Tiarna a thug saor me ó lapa an leóin agus ó lapa an bheithir, tabharfaidh sé saor me ó lámh an Philistínigh seo. Agus duairt Saul le Dáivid: Imigh leat agus do raibh an Tiarna leat. 38 Ansan do chlúdaigh Saul Dáivid len' éadaibh féin agus chuir sé clogad práis ar a cheann agus chuir sé lúireach uime. 39 Agus do chuir Dáivid a chlaíomh fan chuím air féin agus chrom sé ar a thriail an bhféadfadh sé siúl sa trealamh gaisce; mar ní raibh taithí aige air. Agus duairt Dáivid le Saul: Ní féidir dom imeacht ar an gcuma so, toisc gan taithí ' bheith agam air. Agus chuir sé uaidh iad. 40 Agus thóg sé a chleith a bhíodh i gcónaí aige 'na lámh, agus do thoibh sé chúig clocha sleamhaine as an sruth agus chuir sé chuige iad sa sparán aeire a bhí aige, agus do thóg sé a chrann tabhaill agus d'imigh sé amach i gcoinnibh an Philistínigh. 41 Agus tháinig an Philistíneach i ngar in aghaidh Dháivid, agus a ghiolla airm roimis amach. 42 Agus nuair ' fhéach an Philistíneach agus nuair a chonaic sé Dáivid do tharcaisnigh sé é, mar fear óg fionnarua ab ea é agus gnúis álainn air. 43 Agus duairt an Philistíneach le Dáivid: An gadhar me go bhfuil ag teacht im choinnibh agus cleith agat? Agus bhí an Philistíneach ag eascaimí lena dhéithibh, ar Dháivid. 44 Agus duairt sé le Dáivid: Tar anso chúm go dtugad do chuid feóla d'éanlaithibh an aeir agus do bheithigh na talún. 45 Agus duairt Dáivid leis an bhFilistíneach: Taoise ag teacht chúmsa agus claíomh agat agus sleagh agus sciath, ach táimse ag dul chútsa in ainm Tiarna na sló, Dia armála Israél gur thugais dúshlán fúthu. 46 Tabharfaidh an Tiarna isteach im lámh dom inniu thu agus maród thu agus bainfead do cheann díot: agus tabharfadsa cnublacha armála na bhFilistíneach inniu d'éanlaithibh an aeir agus do bheithíochaibh na talún i dtreó go mbeidh ' fhios ag an ndomhan go léir go bhfuil Dia in Israél. 47 Agus bheidh ' fhios ag an gcruinniú go léir nách le claíomh ná le sleagh a dheineann an Tiarna slánú, óir is é cath an Tiarna é agus tabharfaidh sé sibhse isteach 'nár lámhaibhne dhúinn. 48 Agus nuair a dh'éirigh an Philistíneach agus bhí sé ag teacht, agus do tháinig sé i ngar i gcoinnibh Dháivid do bhrostaigh Dáivid agus do rith sé chun an chómhraic i gcoinnibh an Philistínigh. 49 Agus chuir sé a lámh isteach 'na sparán agus thóg sé cloch agus chaith sé í lena chrann tabhaill agus chas sé tímpall í agus do bhuail sé an Philistíneach san éadan agus chuaigh an chloch go daingean in' éadan agus do thit sé ar a aghaidh ar an dtalamh. 50 Agus bhí buaite ag Dáivid ar an bhFilistíneach le crann tabhaill agus le cloich, agus bhí an Philistíneach buailte marbh aige, agus ó ná raibh aon chlaíomh ag Dáivid 'na lámh 51 do rith sé agus sheasaimh os cionn an Philistínigh agus thóg sé claíomh an Philistínigh agus tharraig sé amach as a thruaill é, agus do mhairbh sé an Philistíneach agus bhain sé an ceann de. Agus nuair a chonaic na Philistínigh a ngaiscíoch ar lár do theitheadar. 52 Agus

d'eirigh fir Israél agus fir Iúda agus ghluaiseadar ar a dtóir ag liúirigh go dtánadar go dtí gleann agus go geataí Accaroin, agus bhí na Philistínigh ag titim, agus iad gunta ar shlí Saraim, agus chómh fada le Get agus chómh fada le hAccaron. 53 Agus nuair a tháinig clann Israél thar n-ais ó thóir na bhFilistíneach do thógadar longphort na bhFilistíneach. 54 Agus thóg Dáivid ceann an Philistínigh agus thug sé leis é go dtí Ierúsalem ach chuir se a threamh 'na chábán.

55 Ach nuair a chonaic Saul Dáivid ag dul amach i gcoinnibh an Philistínigh duairt sé le hAbner, captaein a airm\*: Cad é an teaghlach ar ar shíolraigh an fear óg san, a Abner? Agus duairt Abner: Mar is beó t'anam, a rí, ní fheadar: 56 agus duairt an rí: Fiafraighse céra mac an fear san. 57 Agus nuair a bhí Dáivid tagaithe thar n-ais tar éis an Philistínigh a bheith marbh, do thóg Abner é agus thug sé i láthair Shaul é agus ceann an Philistínigh 'na láimh aige. 58 Agus duairt Saul leis: A óigfhir, cé hiad an teaghlach gur díobh thu? Agus duairt Dáivid: Mac dod sheirbhíseach Isaí an Betlemíteach is ea me.

### Caib. a hOchtdéag

*An caradas idir Ionatan agus Dáivid. Formad Shaul agus a bheartúchán chun Dáivid do chur chun báis. É dhá phósadh len' inín Michol.*

1 Agus do thárla nuair a bhí deireadh ráite ag Dáivid le Saul gur dlúthaíodh anam Ionatain le hanam Dháivid, agus gur thug Ionatan grá dho mar a bhí aige dá anam féinig. 2 Agus do thóg Saul é an lá san agus ní leogfadh sé thar n-ais go tigh a athar é. 3 Agus do dhein Dáivid agus Ionatan connradh mar bhí grá aige dho mar a anam féin\*. 4 Agus bhain Ionatan de an brat lena raibh sé clúdaithe agus thug sé an brat do Dháivid, agus an chuid eile dá chuid éadaigh agus a chlaíomh agus a bhogha agus a chríos. 5 Agus bhíodh Dáivid ag imeacht amach chun pé gnótha ar a gcuireadh Saul uaidh é, agus d'iompradh sé é féin go ciallmhar. Agus chuir Saul os cionn na saighdiúirí é agus do thaithn sé go mór leis na daoine go léir, go mór mór le seirbhísigh Shaul.

6 Ach nuair a bhí Dáivid ag teacht thar n-ais tar éis an Philistínigh do mharú, tháinig na mná amach a cathrachaibh Israél go léir i gcoinnibh an rí Saul agus iad ag cantainn agus ag rínce agus tíompáin áthais acu agus buabhaill, 7 agus bhídís\* ag seinnt agus do chanaidís na focail seo:

Do mhairbh Saul míle;  
agus Dáivid deich míle.

8 Agus tháinig fearg ana-mhór ar Shaul agus níor thaithn an chainnt sin leis, agus duairt sé: Tá deich míle tabhartha acu do Dháivid, agus míle dhómhsa. Cad eile atá in easnamh air ach amháin an ríocht? 9 Agus ní le súil fhónta a dh'fhéach Saul ar Dháivid ón lá san amach. 10 Agus an lá 'na dhiaidh san tháinig an drochsprid ó Dhia ar Shaul agus bhí sé ag fáidheadóireacht<sup>1</sup> 'na thigh\* féin. Agus bhí Dáivid ag seinnt lena láimh, mar bhíodh sé gach aon lá. Agus bhí sleagh ag Saul 'na láimh. 11 Agus do chaith sé an tsleagh, dhá chuímhneamh go bhféadfadh sé Dáivid do thárnáil leis an bhfalla, agus do léim Dáivid i leataoibh uaidh\*. 12 Agus tháinig eagla ag Saul roime Dháivid, toisc an Tiarna ' bheith le Dáivid agus imithe uaidh féin. 13 Dá bhrí sin do chuir Saul as a láthair féinig é agus dhein sé captaein de ar mhíle fear, agus bhíodh sé ag gabháil amach agus ag teacht isteach os cómhair an phobail. 14 Agus dheineadh Dáivid a ghnóthaí go léir go heagnaí agus bhí an Tiarna leis. 15 Agus chonaic Saul go raibh Dáivid ana-ghasta agus bhí sé dhá sheachaint féin

1 Caib. 18. véar. 10. "Ag fáidheadóireacht". 'Sé sin, ag déanamh na fáidheadóireachta mar a bheadh duine buile.



## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

air. 16 Ach bhí greann ag Israél go léir agus ag Iúda ar Dháivid, mar bhíodh sé ag gabháil rómpu amach agus isteach.

17 Agus duairt Saul le Dáivid: Féach m'iníon chríonna Merob. Tabharfad duit í mar mhnaoi ach bí it fhear chróga agus troid cathanna an Tiarna. Ach duairt Saul in' aigne féin: Ná bíodh mo lámhsa air, ach bíodh lámha na bhFilistíneach air.

18 Agus duairt Dáivid le Saul: Cé hé mise, nú cad í mo bheatha, nú cad é teaghlach m'athar in Israél, chun a rá go mbeinn im chleamhain ag an rí? 19 Agus do tharla san am 'nar cheart Merob, iníon Shaul a thabhairt do Dháivid gur tugadh í do Hadriel an Molatíteach mar mhnaoi. 20 Ach bhí grá do Dháivid ag Michol, an iníon eile a bhí ag Saul. Agus do hínseadh san do Shaul agu do thaithn sé leis. 21 Agus duairt Saul: Tabharfad do í i dtreó go mbeidh sí 'na ceap tuisle dho, agus i dtreó go beidh lámh na bhFilistíneach air. Agus duairt Saul le Dáivid: Beidh tú id chleamhain agam inniu i dhá ní. 22 Agus d'órdaigh Saul dá sheirbhíseachaibh labhairt go príobháideach le Dáivid agus a rá leis: Féach, taithneann tú leis an rí, agus tá grá ag seirbhísigh an rí dhuit. Dá bhrí sin, bí id chleamhain ag an rí. 23 Agus do labhair seirbhísigh Shaul na focail sin go léir le Dáivid. Agus duairt Dáivid: An dó' libhse gur rud suarach do dhuine bheith 'na chleamhain ag an rí? Ach duine bocht dealbh gan puínn cumais is ea mise. 24 Agus d'inis seirbhísigh Shaul do agus dúradar: Sid í an chainnt aduairt Dáivid. 25 Agus duairt Saul: Labhraid mar seo le Dáivid: Ní theastaíonn aon spré ón rí, ach amháin céad forchroiceann de sna Philistíneachaibh, mar dhíoltas ar namhdaibh an rí. Ach is amhlaidh a mheas Saul Dáivid do thabhairt isteach i lámhaibh na bhFilistíneach. 26 Agus nuair a dh'inis na seirbhísigh do Dháivid an focal aduairt Saul do bhí an chainnt taithneamhach i súilibh Dháivid go mbeadh sé 'na chleamhain ag an rí. 27 Agus tar éis beagán leathanta d'éirigh Dáivid agus na fir a bhí faoi agus d'imigh sé agus mhairbh sé dhá chéad fear de sna Philistíneachaibh agus thug sé leis a bhforchroicne agus do chómhairimh sé amach iad chun an rí, ionas go mbeadh sé 'na chleamhain aige. Dá bhrí sin, do thug Saul do Michol, a iníon, mar mhnaoi. 28 Ansan do chonaic Saul agus do thuig sé, go raibh an Tiarna le Dáivid. Agus thug Michol, iníon Shaul, grá dho. 29 Agus do thosnaigh breis eagla ar bheith ag Saul roime Dháivid. Agus bhí Saul 'na namhaid do Dháivid coitianta. 30 Agus tháinig priúnsaí na bhFilistíneach amach, agus ó thosnaíodar ar theacht amach do dhein Dáivid a ghnó níba ghasta ná a raibh de sheirbhíseachaibh eile ar fad ag an rí, agus tháinig árdcháil ar a ainm.

### Caib. a Naoidéag

*Tuilleadh iarrachtaí ag Saul á thabhairt fé anam Dháivid. Tagann sé go dtí Samuél. Teachtairí Shaul agus Saul féin ag fáidheadóireacht.*

1 Agus do labhair Saul lena mhac Ionatan, agus lena sheirbhíseachaibh go léir, chun go maróidís Dáivid. Ach bhí grá thar bhárr ag Ionatan, mac Shaul, do Dháivid. 2 Agus d'inis Ionatan do Dháivid, agus duairt sé leis: Tá Saul, m'athair, ar tí do mharaithe; dá bhrí sin, tabhair aire dhuit féin, aicim ort, ar maidin, agus fanfair in áit fé cheilt i bhfolach, 3 agus raghadsa amach agus beidh mé im sheasamh in aice le m'athair sa pháirc 'na mbeidh tú, agus beidh mé ag cainnt le m'athair it thaobh, agus pé rud a chífed neósfad duit é.

4 Agus do labhair Ionatan nithe fóna len' athair Saul i dtaobh Dháivid. Agus duairt sé leis: Ná dein peaca, a rí, in aghaidh do sheirbhísigh, Dáivid, mar níor dhein sé aon pheaca id choinnibhse, agus is gníomhartha fóna atá déanta aige dhuit. 5 Do thóg sé a anam 'na láimh, agus do mhairbh sé an Philistíneach úd, agus do dhein an Tiarna slánú mór in Israél. Chonaicís féin é agus dheinis gáirdeachas. Cad 'na thaobh, dá bhrí sin, go ndéanfá peaca in aghaidh fola atá neamhchiontach

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

agus go marófá Dáivid atá gan locht? 6 Agus nuair ' airigh Saul an chainnt sin do chuir cómhra Ionatan suaimhneas air, agus do dhearbhaigh sé: Mar is beó an Tiarna ní marófar é. 7 Agus do ghláigh Ionatan ar Dháivid agus d'inis sé an chainnt sin go léir do. Agus thug Ionatan Dáivid ag triall ar Shaul agus bhí sé os a chómhair mar bhíodh sé inné agus arú 'nné roimis sin.

8 Agus do thosnaigh an cogadh arís agus chuaigh Dáivid amach agus do throid sé in aghaidh na bhFilistíneach agus do bhuaidh sé orthu agus chuir sé ár ana-mhór orthu agus do theitheadar óna ghnúis. 9 Agus tháinig an drochsprid ón dTiarna ar Shaul agus bhí sé 'na shuí istigh 'na thigh féin agus a shleagh 'na láimh aige agus bhí Dáivid ag seinnt lena láimh, 10 agus thug Saul iarracht ar Dháivid do thárnáil ar an bhfalla lena shleagh\*, ach do theip an iarracht agus chuaigh an tsleagh sa bhfalla 'na seasamh, agus do theith Dáivid agus chuaigh sé saor an oíche sin. 11 Ansan do chuir Saul a lucht airm chun tí Dháivid ag faire air chun go marófi ar maidin é. Ach d'inis Michol, bean Dháivid, an ní sin do, agus duairt sí leis: Mura sábhálair thu féin anocht curfar chun báis amáireach thu. 12 Agus do leog sí síos trí fhinneóig é agus d'imigh sé agus do theith sé agus chuaigh sé as. 13 Agus do thóg Michol íomhá agus chuir sí sa leabaidh an íomhá agus chuir sí croiceann gabhair, agus an clúmh air, ag an ceann, agus do chlúdaigh sí an íomhá le héadach. 14 Agus chuir Saul oificeacha chun bertha ar Dháivid; agus do freagraidh go raibh Dáivid breóite. 15 Agus chuir Saul fios arís ar Dháivid go bhfeicfeadh sé é, agus duairt sé: Tugtar chúm 'na leabhaidh é, go gcurfar chun báis é. 16 Agus nuair a tháinig na teachtairí fuaradar an íomhá sa leabaidh agus croiceann an ghabhair ag á ceann. 17 Agus duairt Saul le Michol: Cad chuige dhuit an feall san do dhéanamh orm agus leogaint dom namhaid imeacht agus teitheadh uaim. Agus d'fhreagair Michol: Mar duairt sé liom: Leog dom imeacht nú maród thu. 18 Ach do theith Dáivid agus chuaigh sé as agus tháinig sé ag triall ar Shamuél i Ramata agus d'inis sé dho a raibh déanta ag Saul leis. Agus d'imigh sé féin agus Samuél agus chónaíodar i Naiot<sup>1</sup>. 19 Agus d'inis daoine éigin do Shaul agus dúradar: Féach, tá Dáivid i Naiot i Ramata. 20 Ach do chuir Saul lucht airm chun bertha ar Dháivid, agus nuair a chonacadar cuallacht fáidhí ag fáidheadóireacht<sup>2</sup> agus Samuél os a gcionn tháinig sprid an Tiarna orthu san, leis, agus chromadar ar an bhfáidheadóireacht 'na dteannta. 21 Agus do hínseadh san do Shaul, agus chuir sé teachtairí eile uaidh. Ach chromadar san, leis, ar fháidheadóireacht. Ach do chuir Saul teachtairí uaidh an tríú huair, agus chuadar san, leis, ag fáidheadóireacht. Ansan tháinig árdfhearg ar Shaul 22 agus do ghluais sé féin chun dul go Ramata, agus tháinig sé go dtí an t-umar mór uisce atá i Socho, agus chuir sé ceist agus duairt sé: Cad é an áit 'na bhfuil Samuél agus Dáivid? Agus do hínseadh do: Féach, táid siad i Naiot i Ramata. 23 Agus chuaigh sé go Naiot i Ramata agus tháinig sprid an Tiarna air féin\*, agus chomáin sé leis ag fáidheadóireacht go dtí go dtáinig sé go Naiot i Ramata. 24 Agus do chaith sé dhe, leis, a chuid éadaigh agus bhí sé ag fáidheadóireacht os chómhair Shamuél, agus bhí sé 'na luí gan éadach an lá san go léir agus an oíche. As san a tháinig an seanfhocal: “Éimh! An bhfuil Saul féin i measc na bhfáidhí?”

### Caib. a Fiche

*Ó bhí Saul ceapaithe chómh daingean ar Dháivid do chur chun báis, cuireann Ionatan Dáivid chun siúil as an áit.*

- 1 Caib. 19. véar. 18. “*Naiot*”. Meastar gur choláiste beannaithe fáidhí é i Ramat nú in aice na háite, agus é fé stiúru Shamuél.
- 2 Véar. 20. “*Ag fáidheadóireacht*”, 'sé sin ag moladh an Tiarna le cantainn, agus spriocadh ó Dhia dhá gcur chun ha hoibre sin. B'é toil Dé, ar an ócáid adeirtear, an spriocadh san do dhéanamh an uair sin ar theachtairíbh Shaul agus ar Shaul féin, chun a chur in úil do Shaul, leis an spriocadh san ó chómhacht Dé, gur baoh iad iarrachtaí aon duine i gcoinnibh an té go mbíonn Dia dhá chosaint.

1 Ach do theith Dáivid a Naiot, áit atá i Ramata, agus tháinig sé agus duairt sé le Ionatan: Cad 'tá déanta agam? Cad í mo mhallaitheacht? Cad í mo choir in aghaidh t'athar go bhfuil sé ar tí m'anama? 2 Agus duairt seisean leis: Nár leogaidh Dia san! Ní chaithfir bás a dh'fháil: óir ní dhéanfaidh m'athair aon ní beag ná mór gan é ' dh'insint dómhsa ar dtúis, an amhlaidh a cheil m'athair an focal san 'orm, dá bhrí sin? Ní hea in aon chor, ní déanfar san. 3 Agus do dhearbhaigh sé arís do Dháivid. Agus duairt Dáivid: Gan amhrais is eól do t'athair go bhfuil fabhar fálda agam id shúilibhse agus déarfaidh sé: Ná bíodh a fhios so ag Ionatan sara gcurfí gruaim air. Ach go deimhin, mar is beó an Tiarna, agus mar is beó t'anamsa, níl ach (mar adéarfainn) aon chiscéim amháin idir mise agus an bás.

4 Agus duairt Ionatan le Dáivid: Pé ní adéarfaidh t'anam liom, déanfad duit é. 5 Agus duairt Dáivid le Ionatan: Féach, tá an ré nua<sup>1</sup> ann amáireach agus is gnáth liomsa, de réir nóis, suí in aice an rí chun bídh. Leog dom imeacht mar sin, agus bheith i bhfolach sa pháirc go dtí tráthnóna an tríú lae. 6 Má fhéachann t'athair agus má fhiafraíonn sé im thaobh freagróirse é: D'iarr Dáivid go leogfí dho rith sios go dtí Betlehem, a chathair féin: mar go bhfuil íbirtí solmanta ann dá threibh go léir. 7 Má deir sé: Tá go maith: beidh síocháin ageat sheirbhíseach. Ach má thagann fearg air, bíodh ' fhios agat go bhfuil a mhallaitheacht críochnaithe. 8 Deinse go hatruach led sheirbhíseach dá bhrí sin; óir táimse, do sheirbhíseach, tabhartha agat isteach i gconradh chun an Tiarna leat féi. Ach má tá ciontacht ionam mairbh féin me, ach ná beir ag triall ar t'athair me. 9 Agus duairt Ionatan: I bhfad uaimse<sup>2</sup> sin! Óir dá mbeadh deimhne ar olc a bheith ceapaithe ag m'athair id choinnibh, do neósfainn duit é, mar níorbh fhéidir dom a mhalairt a dhéanamh. 10 Agus d'fhreagair Dáivid Ionatan: Cé ' thabharfaidh scéala chúm, má thugann t'athair freagra garg ort im thabh? 11 Agus duairt Ionatan le Dáivid: Téanam amach sa pháirc. Agus nuair a bhíodar araon amu' sa pháirc, 12 duairt Ionatan le Dáivid: A Thiarna Dia Israél, má gheibhimse amach íntinn mh'athar amáireach nú an lá 'na dhiaidh, agus má bhíonn aon ní fóna ann do Dháivid agus ná neósfad duitse láithreach é agus é ' chur in úil duit, 13 go ndeindh an Tiarna so agus súd le Ionatan agus go gcuiridh sé tuilleadh leis. Ach má leanann m'athair drochaigeanta dhuitse, nochtfadsa dod chluais é, agus cuirfead chun siúil thu, i dtreo go n-imeóir i síocháin, agus go raibh an Tiarna leat mar a bhí sé le m'athair. 14 Agus má mhairim, taispeánfaíse dhom ceannsacht an Tiarna. Ach má gheibhim bás 15 ní thógfair do cheannsacht féin óm theaghlach go deó, nuair a bheidh an Tiarna tar éis namhad Dháivid do ghearradh amach ó phréimh, an uile dhuine acu ó thalamh, go dtógaidh sé Ionatan<sup>2</sup> óna theaghlach agus an Tiarna dhá éileamh san ó lámhaibh namhad Dháivid.

16 Ansan do dhein Ionatan conradh le teaghlach Dháivid: agus d'éilimh an Tiarna é ó lámhaibh namhad Dháivid. 17 Agus do dhearbhaigh Ionatan arís do Dháivid, toisc grá ' bheith aige do Dháivid, óir bhí grá aige dho mar a anam féin. 18 Agus duairt Ionatan leis: Amáireach an ré nua agus beirse ar iarraidh, 19 óir beidh do chathaoir folamh go dtí amanarthar. Raghair síos dá bhrí sin, go luath, agus tiocfair chun na háite sin 'na gcaithfir bheith i bhfolach an lá 'nar dleathach obair a dhéanamh, agus fanfair in aice na cloiche ar a dtugtar Esel, 20 agus lámhfadsa trí saigheada 'na haice, agus lámhfad fé mar a bheinn ag déanamh taithe de chaitheamh le mairc. 21 Agus cuirfead buachaill uaim agus déarfad leis na saigheada do thabhairt thar n-ais chúm. 22 Agus má deirim leis an mbuachaill: Féach, táid na saigheada ar an dtaobh abhus díot, tóg chút iad: tarsa chúm mar tá síocháin ann duit, agus níl aon olc ann duit, mar is beó an Tiarna. Ach má labhram leis an mbuachaill ar an gcuma so: Féach, táid na saigheada lasmu' dhíot, imigh leat i

1 Caib. 20. véar. 5. "An ré nua". An *néoméniá*, nú an chéad lá den ré, lá a cimeádtí in' fhéile, de réir na dlí. Dheineadh Saul féasta an lá san agus níorbh fholáir leis a theaghlach a bheith in' fhochair.

2 Véar. 15. "Go dtógaidh sé Ionatan", eascaine air féin is ea é, dá mba ná mbeadh sé dílis dá gheallúint.

—*Ibid.* "Éileamh". .i. é ' agairt ar namhaid Dháivid, agus ormsa má chaillim air sa gheallúint atá tabhartha agam do.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

síocháin mar is é an Tiarna do chuir chun siúil thu. 23 Agus i dtaobh an fhocail seo atá labhartha agatsa agus agamsa, bíodh an Tiarna idir thusa agus mise go deó.

24 Ach bhí Dáivid i bhfolach sa pháirc agus tháinig an ré nua, agus do shuigh an rí chun bídh a dh'ithe. 25 Agus nuair a shuigh an rí 'na chathaoir (de réir nós) in aice an fhalla, d'éirigh Ionatan, agus do shuigh Abner in aice Shaul, agus do chonacthas áit Dháivid folamh. 26 Agus ní duairt Saul aon rud an lá san, óir do mheas sé go mb'fhéidir gurbh amhlaidh a tharla dho gan bheith glan, nú bheith gan ainiciú. 27 Agus nuair a tháinig an tarna lá tar éis na ré nua agus do chonacthas inead Dháivid folamh arís, duairt Saul lena mhac Ionatan: Cad 'na thaobh nár tháinig mac Isaí chun bídh inné ná inniu? 28 Agus d'fhreagair Ionatan Saul: D'iarr sé go cruaidh ormsa cead a thabhairt do chun dul go dtí Betlehem, 29 agus duairt sé: Leog dom imeacht mar tá íbirt sholmanta sa chathair. Chuir duine dem bráithribh fios orm: agus anois má tá fabhar fálda agam id shúilbh imeód gan ríghneas agus chífhead mo bhráithre. Mar gheall air sin is ea nár tháinig sé go bórd an rí. 30 Agus bhí fearg ar Shaul chun Ionatain agus duairt sé: A mhic na mná a dhein éigean ar an bhfear, ná fuil ' fhios agamsa cad é an cion atá agat ar mhac Isaí chun do tháire féin agus chun táire do mháthar gan náire? 31 Mar an fhaid a bheidh mac Isaí beó ar an dtalamh, ní bheirse daingean, ná do ríocht. Dá bhrí sin, cuir fios air láithreach agus tabhair chúm é, óir is mac báis<sup>1</sup> é.

32 Agus d'fhreagair Ionatan a athair Saul agus duairt sé: Cad 'na thaobh go gcurfar chun báis é? Cad 'tá déanta aige? 33 Ach do rug Saul ar shleagh chun é ' bhualadh. Ansan do thuig Ionatan go raibh a athair ceapaithe ar Dháivid do mharú. 34 Agus d'éirigh Ionatan ón mbórd agus fearg anamhór air, agus níor ith sé aon bhia an tarna lá tar éis na ré nua. Mar bhí buairt air ar son Dháivid, toisc gur thug a athair tarcaisne dho.

35 Agus nuair a tháinig an mhaidean chuaigh Ionatan amach sa pháirc, mar a bhí socair aige le Dáivid, agus buachaill beag lena chois aige. 36 Agus duairt sé lena bhuachaill: Imigh agus tabhair chúm na saigheada atá agam á chaitheamh. Agus nuair a rith an buachaill do chaith sé saighead eile thar an mbuachaill amach. 37 Agus tháinig an buachaill chun na saighead a bhí caite ag Ionatan: agus do ghlaeigh Ionatan i ndiaidh an bhuachalla agus duairt sé: Féach, tá an tsaighead ansúd níos sia amach uait. 38 Agus do ghlaeigh Ionatan arís i ndiaidh an bhuachalla, agus duairt sé: Brostaigh ort, ná bí id sheasamh. Agus do bhailigh buachaill Ionatain na saigheada agus thug sé ag triall ar a mháistir iad. 39 Agus ní raibh ' fhios aige in aon chor cad a bhí ar siúl; mar ní raibh a fhios san ach ag Ionatan agus ag Dáivid. 40 Ansan thug Ionatan na hairm don bhuachaill agus duairt sé leis: Imigh agus beir leat isteach sa chathair iad. 41 Agus nuair a bhí an buachaill imithe d'éirigh Dáivid as a inead, a bhí i leith an taoibh theas, agus do leog sé é féin ar a aghaidh ar an dtalamh gus dhein sé adhradh trí huaire. Ansan do phógadar a chéile agus bhíodar ag gol ach is é Dáivid ba mhó do ghoil: 42 agus duairt Ionatan le Dáivid: Imigh leat i síocháin agus seasáidh gach ní dár dhearbhaíomair araon in ainm an Tiarna, nuair adúramair: Go raibh an Tiarna idir mise agus tusa agus idir mo shíolsa agus do shíolsa go deó.

43 Agus d'éirigh Dáivid agus d'imigh sé: agus tháinig Ionatan thar n-ais chun na cathrach.

### Caib. a hAon agus Fiche

*Dáivid ag glacadh an aráin bheannaithe ón sagart Achimelech; agus dhá leogaint air bheith as a mheabhair os cómhair Achis rí Ghet.*

1 Véar. 31. "Mac báis", .i. duine go bhfuil bás tuílte aige, agus atá le cur chun báis go deimhin.

1 Agus tháinig Dáivid go dtí Nobe<sup>1</sup> ag triall ar Achimelech an sagart: agus bhí iúnadh agus allthacht ar Achimelech mar gheall ar Dháivid a theacht. Agus duairt sé leis: Cad a bheir i t'aonar thu, agus gan aon fhear led chois? 2 Agus duairt Dáivid le hAchimelech: D'órdaigh an rí dhom gnó áirithe ' dhéanamh, agus duairt sé liom: Ná bíodh fios an ghnótha ar a bhfuilim 'od chur ag aon duine, ná cad é an saghas an t-órdú atá agam á thabhairt duit: agus tá coinne déanta agam lem sheirbhíseachaibh 'na leithéid seo dh'áit agus 'na leithéid siúd d'áit. 3 Agus anois má tá aon ní ageat láimh agat, dá mb'iad na chúig bhollóga féin iad, tabhair dom iad, nú pé rud a dh'fhéadfair a dh'fháil. 4 Agus d'fhreagair an sagart Dáivid agus duairt sé: Níl aon arán choiteann agam in aice mo lámh, ach amháin an t-arán beannaithe, má táid na fir óga glan<sup>2</sup>, go mór mór ó mhnáibh? 5 Agus thug Dáivid freagra ar an sagart, agus duairt sé leis: go deimhin, i dtaobh na mban, táimid tar éis sinn féin do chimeád uathu ó inné agus arú 'nné nuair a thánamair amach, agus bhí árthaí<sup>3</sup> na bhfear óg naofa. Ach tá an tslí seo truaillithe, ach naomhófar í an lá so in sna hárthaibh. 6 Do thug an sagart do, dá bhrí sin, an t-arán naofa, mar ní raibh aon arán ann ach amháin na bollóga fianaise a tógadh ó bheith ar aghaidh an Tiarna chun go gcurfí bollóga teó 'na n-inead.

7 Ach bhí fear áirithe de sheirbhíseachaibh Shaul san áit an lá san, istigh i dtaibearnacal an Tiarna, agus Doeg ab ainm do agus Edomiteach ab ea é, an ceann a bhí ar aeiríbh Shaul. 8 Agus duairt Dáivid le hAchimelech: An bhfuil sleagh nú claiómh anso ageat láimh agat? Óir níor thugas mo chlaiómh féin liom ná m'airm féin, toisc gnó an rí ' bheith i ngá le dithneas. 9 Agus duairt an sagart: Féach, tá anso claiómh Gholiait, an fear a mharaís féin i ngleann na terebinte, tá sé fillte in' éadach laistiar den *ephod*. Má thógann tú é bíodh sé agat, mar níl aon chlaiómh eile anso ach é. Agus Dáivid: Níl claiómh eile mar é sin. Tabhair dom é.

10 Agus d'éirigh Dáivid agus do theith sé an lá san ó aghaidh Shaul agus chuaigh sé go dtí Achis rí Ghet. 11 Agus nuair a chonaic seirbhísigh Achis Dáivid dúradar leis: Nách é seo Dáivid, rí na talún? Ná rabhadar ag cantainn do agus iad ag rince: Do mhairbh Saul a mhílte, ach do mhairbh Dáivid a dheicheanna mílte. 12 Ach do chimeád Dáivid na focail sin 'na chroí agus tháinig eagla ana-mhór aige roim aghaidh Achis rí Ghet. 13 Agus d'athraigh sé a chúntanós os a gcómhair, agus shleamhnaigh sé síos idir a lámha, agus do thit sé i gcoinnibh chómhlan na ngeataí, agus bhí a chuid seilí ag rith síos ar a chuid féasóige. 14 Agus duairt Achis lena sheirbhísigh: Do chonacabhair an duine ' bheith as a mheabhair. Cad chuige dhíbh é ' thabhairt chúmsa? 15 An bhfuil gá le daoinibh buile againn gur thugabhair chúm é sin chun bheith ag mearaíocht os mo chómhair? An dtiocfaidh sé sin isteach im thighse?

## Caib. a Dó agus Fiche

*A lán daoine ag teacht chun Dáivid. Doeg ag daoradh Achimelech le Saul. Órdaíonn sé Achimelech agus an chuid eile de shagartaibh Nobe do mharú. Téann Abiatar as.*

- 1 Caib. 21. véar. 1. "Nobe". Cathair a bhí i dtreibh Bheniamín agus gur rugadh taibearnacal an Tiarna ann a Síló.
- 2 Véar. 4. "Má táid na fir óga glan". Má ba ghá an ghlaine sin in sna daoine a bhí chun an aráin úd a dh'ithe, arán ná raibh ann ach figiúir d'arán na beatha, a glactar sa naomh-*Shácráimint*, nách fíorghlan is ceart do Chríostaitheibh a bheith nuair a bhíd siad ag glacadh na mistéirí uathásacha atá againne! Agus nách maith an ceart d'eaglais Dé gan éinne do ghlacadh chun bheith 'na shagart, ag coisreacadh agus ag glacadh an *tsácráimint* ghlain seo gach lá, ach amháin duine atá tabhartha suas chun a shaeil go léir do chaitheamh i bhfíorghlaine?
- 3 Véar. 5. "Árthaí", .i. na cuirp, iad a bheith naofa, .i. iad a bheith cimeáda ó neamhghlaine.  
—*Ibid.* "Truaillithe", 'ghár dtabhairt i gcúntúirt neamhghlaine.  
—*Ibid.* "Naomhófari í", .i. tabharfaimíd aire dhúinn féin agus, in ainneóin gach cúntúirt, cimeádfaimíd ár n-árthaí naofa, .i. cimeádfaimíd ár gcuirp ó gach truailliú.

1 Ansan d'imigh Dáivid as an áit sin agus do theith sé síos go dtí uaimh Odollaim, agus nuair ' airigh a bhráithre agus teaghlach uile a athar an ní sin, chuardar síos ag triall air. 2 Agus gach éinne a bhí i nguais, agus múchta i bhfiachaibh, agus i mbuaireamh aigne, do bhailíodar chuige, agus bhí sé 'na thriath os a gcionn, agus bhí timpall cheithre chéad fear in' fhochair. 3 Agus d'imigh Dáivid as san agus chuaigh sé isteach i Maspha Mhoib: agus duairt sé le rí Mhoib: Leog do m'athair agus dom mháthair fanúint agatsa, aicim ort, go dtí go mbeidh ' fhios agam cad a dhéanfaidh Dia dhom. 4 Agus d'fhág sé fé shúilibh rí Mhoib iad agus do chónaíodar aige sin na laethanta go léir an fhaid a bhí Dáivid sa daingean<sup>1</sup>.

5 Agus duairt an fáidh Gad le Dáivid: Ná fan sa daingean. Imigh agus éirigh isteach i dtír Iúda. Agus d'imigh Dáivid agus tháinig sé isteach i gcoill Haret. 6 Agus d'airigh Saul go bhfeacthas Dáivid, agus na fir a bhí in' fhochair. Agus an fhaid a bhí Saul i nGabaa, agus é istigh sa choill a bhí in aice Rama, agus a shleagh 'na lámh aige agus a sheirbhísigh 'na thimpall 'na seasamh, 7 duairt sé lena sheirbhísigh a bhí 'na seasamh mórthimpall air: Éistidh liom anois, a mhaca Léminí, a' dtabharfaidh mac Isaí páirceanna agus fionghuirt do gach duine agaibhse, agus an ndéanfaidh sé *tribúna* agus taoisigh céad díbh, 8 go bhfuilte go léir tar éis cómhcheilge do dhéanamh im choinnibhse agus ná fuil aon duine chun ní a dh'insint dom, go mór mór nuair atá mo mhac féin tar éis dul i gconradh le mac Isaí? Níl aon duine agaibh go bhfuil aon trua aige dom chás, ná tabharfadh aon eólas dom: óir tá mo mhac tar éis mo sheirbhísigh d'árdú suas im choinnibh, ag cealgaireacht i m'aghaidh go dtí an lá so. 9 Agus bhí Doeg, an tEdomíteach 'na sheasamh ann, agus is é ' bhí 'na cheann ar sheirbhíseachaibh Shaul, agus duairt sé: Chonacsá mac Isaí i Nobe, i bhfochair Achimelech<sup>\*</sup> an sagart, 10 agus do labhair sé leis an dTiarna dho, agus thug sé bia dho, agus do thug sé dho claíomh Gholiait an Philistíneach. 11 Ansan do chuir an rí fios ar Achimelech an sagart, mac Achitoib, agus ar theaghlach uile a athar, na sagairt a bhí i Nobe, agus thánadar go léir ag triall ar an rí.

12 Agus duairt Saul le hAchimelech: Éist liom, a mhic Achitoib. Agus d'fhreagair Achimelech: Táim anso, a thiarna. 13 Agus duairt Saul leis: Cad chuige dhuit ceilg a dhéanamh im aghaidhse, tu féin agus mac Isaí? Agus thugais bia dho, agus claíomh, agus do labhrais leis an dTiarna dho, chun go n-éireódh sé im choinnibh, 'na chealgaire, mar atá sé, go dtí an lá so.

14 Agus d'fhreagair Achimelech an rí agus duairt sé: Agus cé hé an fear i measc do sheirbhíseach go léir atá chómh dílis duit agus at á Dáivid? Is é cleamhain an rí é, agus téann sé amach nuair adeirir leis é, agus tá sé oirirc id theaghlach. 15 Ar thosnaíos-sa an lá so ar labhairt leis an dTiarna dho? I bhfad uaimse sin. Ná measadh an rí a leithéid sin in aghaidh a sheirbhísigh, ná in aghaidh éinne i dteaghlach uile m'athar, óir ní raibh aon fhios ageat sheirbhíseach ar an ngnó so, a bheag ná a mhór. 16 Agus duairt an rí: Le bás a básófar thu, a Achimelech, thu féin agus teaghlach uile t'athar. 17 Agus duairt an rí leis na teachtairíbh a bhí 'na seasamh 'na thimpall: Iompaídh agus maraídh sagairt an Tiarna, mar tá a lámh le Dáivid, óir bhí ' fhios acu é ' bheith ar a theitheadh agus níor inseadar dom é. Agus ní shínfeadh seirbhísigh an rí a lámha in aghaidh sagart an Tiarna. 18 Agus duairt an rí le Doeg: Iompaighse agus mairbh na sagairt. Agus d'iompaigh Doeg an tEdomíteach agus do rith sé chun na sagart agus mhairbh sé an lá san cúigear agus cheithre fichid ar a raibh an t-*ephod* línéadaigh. 19 Agus chuir sé fá ghoin claímh Nobe, cathair na sagart, fir agus mná agus leanaí agus naíonna ag deól, agus damh agus asal agus caíora, chuir sé fá ghoin claímh iad.

1 Caib. 22. véar. 4. "An daingean", .i. dún Mhaspha.

20 Ach éinne amháin de mhacaibh Achimelech mhic Achitoib, gurbh ainm do Abiatar, chuaigh sé as agus do theith sé ag triall ar Dháivid, 21 agus d'inis sé do Dháivid conas mar a mhairbh Saul sagairt an Tiarna. 22 Agus duairt Dáivid le hAbiatar: Bhí ' fhios agamsa an lá úd nuair a bhí Doeg an tEdomíteach ann, go neósfadh sé do Shaul gan amhras: Is mise fé ndéar bás lucht teaghlaigh t'athar go léir. 23 Ach fansa agamsa agus ná bíodh eagal ort: mar an té atá ar tí mh'anamasa is é atá ar tí t'anamasa, leis, agus im fhochairse is ea do sábhálfar thu.

### Caib. a Trí agus Fiche

*Na Philistínigh ag imdhruidim Chélia, Dáivid dhá furtacht. Dáivid ag teitheadh go huaigneas Siph. Ionatan agus Dáivid ag daingniú a gconradh arís. Na Siphítigh ag scéith ar Dháivid le Saul. Saul ar thóir Dháivid go géar. Saul dá ghlaoch abhaile mar gheall ar theacht Philistíneach isteach 'na thír féin.*

1 Agus d'inseadar do Dháivid, agus dúradar: Féach, táid na Philistínigh ag troid in aghaidh Chélia agus ag robáil na scioból. 2 Agus d'iarr Dáivid cómhairle an Tiarna agus duairt sé: An raghad agus an mbuailfead na Philistínigh? Agus duairt an Tiarna le Dáivid: Éirigh, agus buafair ar na Philistínigh, agus sábhálfair Célia. 3 Agus na fir a bhí i bhfochair Dháivid dúradar leis: Féach, tá eagal orainn anso in Iúdea. Nách mó go mór má théimid go Célia i gcoinnibh buíon na bhFilistíneach? 4 Dá bhrí sin do chuaigh Dáivid i gcómhairle an Tiarna arís, agus duairt an Tiarna leis: Éirigh agus imigh go dtí Célia: mar tabharfadsa na Philistínigh isteach id lámh duit.

5 Dá bhrí sin, chuaigh Dáivid, agus a fheara go Célia agus do throid sé in aghaidh na bhFilistíneach agus thug sé leis a gcreacha agus chuir sé ár ana-mhór orthu: agus do shábháil Dáivid muintir Chélia.

6 Ach san am san, nuair a theith Abiatar mac Achimelech ag triall ar Dháivid go Célia do tháinig sé anuas agus *ephod*<sup>1</sup> aige. 7 Agus do hínseadh do Shaul Dáivid a bheith i gCélia, agus duairt Saul: Tá an Tiarna tar éis é ' thabhairt isteach im lámhaibh dom, agus tá sé dúnta suas, tagaithe isteach i gcathair go bhfuil geataí uirthi agus sabhanna. 8 Agus d'órdaigh Saul do sna daoine go léir dul síos agus troid in aghaidh Chélia agus Dáivid agus a chuallacht fear d'indhruidim. 9 Agus bhí ' fhios ag Dáivid go raibh Saul ag beartú uile 'na choinnibh i ganfhios, agus duairt sé le hAbiatar an sagart: Tabhair anso an t-*ephod*. 10 Agus duairt Dáivid: A Thiarna Dia Israél, d'airigh do sheirbhíseach ráfla, go bhfuil beartaithe ag Saul teacht go Célia agus an chathair do réabadh mar gheall ormsa: 11 An dtabharfad muintir Chélia suas mise isteach 'na lámhaibh do Shaul, agus an dtiocfaidh Saul anuas fé mar a dh'airigh do sheirbhíseach? A Thiarna Dia Israél, inis dod sheirbhíseach. Agus duairt an Tiarna: Tiochfaidh Saul anuas. 12 Agus duairt Dáivid: An dtabharfaid fir Chélia me féin agus mo chuallacht fear isteach i lámhaibh Shaul? Agus duairt an Tiarna: Tabharfaidh. 13 Ansan d'éirigh Dáivid agus a chuallacht fear, bhí sé chéad fear acu ann, agus d'imíodar a Célia agus bhíodar ag fánaíocht síos agus suas gan a fhios acu cár mhaith dhóibh stad. Agus do hínseadh do Shaul go raibh Dáivid tar éis teitheadh a Célia agus go raibh sé imithe. Dá bhrí sin, níor bhac sé dul amach. 14 Ach d'fhan Dáivid san uaigneas i ndaingeanaibh, agus chónaigh sé i sliabh in uaigneas Siph, i gcnucán coille. Agus bhí Saul ar a lorg i gcónaí, ach níor thug an Tiarna isteach 'na láimh do é.

1 Caib. 23. véar. 6. "Ephod". 'Sé sin éide an árdshagairt, mar aon leis an "urim" agus an "tummim", trína dtugadh an Tiarna a fhreagraí uaidh.

## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

15 Agus chonaic Dáivid go raibh Saul tagaithe amach ar tí a anama. Agus bhí Dáivid in uaigneas Siph i gcoill. 16 Agus d'éirigh Ionatan mac Shaul, agus chuaigh sé ag triall ar Dháivid sa choill, agus do neartaigh sé a lámha i nDia, agus duairt sé leis: 17 Ná bíodh eagal ort, óir ní bhfaighidh lámh m'athar Saul greim ort, agus beirse id rí in Israél\*, agus beadsa ar an bhfear is giorra dhuit. 'Sea agus tá a fhios san ag m'athair. 18 Agus dhein an bheirt connradh i láthair an Tiarna, agus d'fhan Dáivid sa choill agus tháinig Ionatan thar n-ais chun a thí féin.

19 Agus chuaigh na Sephítigh suas go dtí Saul i nGabaa, agus dúradar: Féach, ná fuil Dáivid i bhfolach againne i ndaingeanabh na coille, i gcnoc Hachila, atá ar láimh dheis an uaignis? 20 Anois, dá bhrí sin, tar anuas, mar is mian le t'anam teacht anuas, agus beidh mar chúram orainne é ' thabhairt isteach 'na lámh don rí. 21 Agus duairt Saul: Beannacht ón dTiarna oraibhse, toisc gur trua libh mo chás. 22 Imídh, dá bhrí sin, aicim oraibh, agus deinidh aireachas thar bárr, agus cuiridh a thuairisc go cruinn, agus tugaidh fé ndeara an áit 'na bhfuil a chos, agus cé hé do chonaic ann é, óir tá sé ag cuímhneamh ormsa, go bhfuilim im luí i gceilg go gasta ag faire air. 23 Tugaidh fé ndeara na poill go léir 'na mbíonn sé i bhfolach, agus nuair a bheidh deimhne agaibh ar an scéal tagaidh chúm go dtéad libh. Agus dá dtéadh sé síos sa talamh i bhfolach, cuardósa é i measc mílte uile Iúda.

24 Agus d'éiríodar agus chuadar go dtí Siph roime Shaul, agus bhí Dáivid agus a chuallacht in uaigneas Mhaoín, ar an machaire ar láimh dheis Iesimoin. 25 Agus chuaigh Saul agus a chuallacht dhá chuardach. Do hínseadh san do Dháivid agus d'imigh sé síos láithreach chun na carraige, agus do chónaigh sé i bhfiantas Mhaoín. Agus d'airigh Saul an méid sin agus do lean sé é isteach i bhfiantas Mhaoín. 26 Agus bhí Saul ag gluaiseacht ar an dtaobh so den chnuc: agus bhí Dáivid agus a chuallacht ar an dtaobh eile den chnuc. Agus bhí Dáivid dhá chuímhneamh ná féadfadh sé dul as ó aghaidh Shaul, agus bhí Saul agus a chuallacht mórthimpall ar Dháivid agus ar a chuallacht chun iad a thógaint. 27 Agus tháinig teachtaire ag triall ar Shaul agus duairt sé: Brostaigh agus tar liom, óir táid na Philistínigh tar éis líonadh isteach sa tír. 28 Dá bhrí sin, chuaigh Saul thar n-ais chun dul i gcoinnibh na bhFilistíneach agus do stad sé de bheith ag leanúint Dháivid. Mar gheall air sin do tugadh cloch an dealaithe mar ainm ar an áit sin.

### **Caib. a Ceathair agus Fiche**

*Saul ag cuardach Dháivid i bhfiantas Engaddí. Téann sé isteach san uaimh, ar chumas Dháivid.*

1 Ansan d'imigh Dáivid suas as an áit sin agus chónaigh sé i ndaingeanabh Engaddí. 2 Agus nuair a tháinig Saul thar n-ais ó bheith ag leanúint na bhFilistíneach do hínseadh do, agus dúradh: Féach, tá Dáivid in uaigneas Engaddí. 3 Ansan do thóg Saul trí mhíle d'fhearaibh tofa as Israél go léir agus do ghluais sé amach ar thóir Dháivid agus a chuallachta, suas ar na carraigreachaibh ba mhíchothromaí, ná féadfadh aon rud gabháil tríothu ach an gabhar fiain. 4 Agus tháinig sé go dtí cróite na gcaeireach a bhí ar an slí roimis. Agus bhí uaimh ann agus chuaigh Saul isteach san uaimh dhá fholmhú féin. Agus do tharla Dáivid agus a chuallacht a bheith i bhfolach sa cheann istigh den uaimh chéanna san. 5 Agus duairt seirbhísigh Dháivid leis: Féach an lá ar a nduairt an Tiarna leat: Tabharfad do namhaid chút ionas go ndéanfair leis mar a chífid do shúile is maith. Ansan d'éirigh Dáivid agus do gheárr sé an t-íochtar de bhrat Shaul i ganfhios do Shaul. 6 Ansan do phrioc croí<sup>1</sup> Dháivid é, toisc gur gheárr sé an fabhra de bhrat Shaul, 7 agus duairt sé len' fhearaibh: Go ndeinidh an Tiarna trócaire orm i dtreó ná déanfad aon ní den tsórd san lem mháistir, úngtha an Tiarna, [agus]\* go gcuirfinn mo lámh air, mar is é úngtha an Tiarna é. 8 Agus

1 Caib. 24. véar. 6. "A chroí". Tháinig aithreachas air le heagla go raibh drochghníomh déanta aige.



do chois Dáivid na fir lena bhréithribh agus níor leog sé dhóibh éirí in aghaidh Shaul. Ach d'éirigh Saul as an uaimh agus d'imigh sé. 9 Agus d'éirigh Dáivid agus d'imigh sé 'na dhiaidh, agus chuaigh sé amach as an uaimh agus do ghlac sé air: A thiarna, a rí!, ar seisean. Agus d'fhéach Saul laistiar de: agus do shléacht Dáivid go talamh dhá onórú. 10 Agus duairt sé le Saul: Cad 'na thaobh go n-éisteann tú le cainnt daoine adeir: Tá Dáivid ar tí do ghortaithe? 11 Féach, chionn do shúile féin an lá so gur thug an Tiarna isteach im lámh dom thu san uaimh, agus mhachnaíos thu ' mharú<sup>1</sup>, ach do spáráil mo shúil tu. Mar duart: Ní chuirfead amach mo lámh in aghaidh mo thiarna, mar is é úngtha an Tiarna é. 12 'Na theannta san, a athair liom, féach agus tabhair aithne ar fhabhra do bhrait atá im lámh agam, agus bíodh ' fhios agat nuair a ghearras an fabhra ded bhrat ná cuirfinn amach mo lámh id choinnibh féin. Breithnigh agus feic ná fuil aon olc im lámh ná aon mhallaitheacht, agus níl peaca déanta agam id choinnibh. Ach taoise id luí i gceilg in aghaidh mh'anamasa chun an anama ' bhaint asam. 13 An Tiarna go mbreithnídh idir me agus tu, agus an Tiarna go ndeinidh agairt dom ort<sup>2</sup>: ach ní bheidh mo lámh féin ort. 14 Mar adeirtear sa tseanfocal, leis: "As an mallaithe a thiochfaidh an mhallaitheacht amach". Dá bhrí sin, ní bheidh mo lámhsa ort. Ach cé 'na dhiaidh go bhfuil do theacht, a rí Israel? 15 Cé ar a thóir go bhfuilir? Ar thóir mhadra mhairbh. Ar thóir dearnaite. 16 Bíodh an Tiarna 'na bhreitheamh, agus tugadh sé breith idir mise agus tusa, agus feiceadh sé agus breithníodh sé mo chúis, agus fuascladh sé me as do lámh.

17 Agus nuair a bhí deireadh na cainnte sin ráite ag Dáivid le Saul, duairt Saul: An é seo glór mo mhic Dáivid? Agus d'árdaigh Saul a ghlór agus bhí sé ag gol. 18 Agus duairt sé le Dáivid: Is fíoraonta thusa ná mise: óir tá an mhaith déanta agatsa dhómhsa agus is é an t-olc a thugas-sa mar dhíolaíocht duit. 19 Agus tá taispeánta agat an lá so cad iad na nithe fóna atá déanta agat dom, conas mar a chuir an Tiarna isteach id lámh me agus nár mharaís me. 20 Óir ca bhfuil an té, nuair a gheibheann sé greim ar a namhaid, do leogann uaidh slán é? Ach go gcúitídh an Tiarna leat an dea-ghníomh atá déanta agat ormsa inniu. 21 Agus anois, ós eól dom go mbeir id rí go deimhin agus go mbeidh ríocht Israel id lámh agat, 22 dearbhaigh dómhsa, dar an Tiarna, ná déanfair íde ar mo shliocht im dhiaidh, agus ná tógfair m'ainm ó theaghlach m'athar.

23 Agus dhein Dáivid an dearbhú<sup>3</sup>. Ansan do chuaigh Saul abhaile, agus d'imigh Dáivid agus a chuallacht suas chun áiteanna a bhí níba shábhálta.

1 Véar. 11. "Thu ' mharú". Mhachnaíos air ach níor thugas toil don mhachnamh.

2 Véar. 13. "Agairt dom ort", nú mar atá sé san Éabhras, "a dhéanfaidh me ' dhíogailt". Is é brí na cainnte ná go bhfágann sé a chás ar fad fé Dhia, le breithniú agus le pianadh de réir a chirt féin: ach san am gcéanna gur chimeád sé a chroí féin gan fuath do phearsain Shaul ná rún díoltais. Ní hea, ach nuair a bhí Saul marbh in inead **áthais a bheith** is amhlaidh a bhí buairt air.

## Caib. a Cúig agus Fiche

*Bás Samuél. fearg curtha ar Dháivid ag Nabal agus Dáivid ceapaithe ar Nabal a dh'ídiú. Ach Abigail dhá mhaolú.*

1 Agus fuair Samuél bás, agus do cruinníodh Israél go léir i dteannta ' chéile agus do chaoineadar é. Agus d'adhlacadar é 'na thigh féin i Ramata. Agus d'éirigh Dáivid agus chuaigh sé síos go dtí uaigneas Pharain. 2 Ach bhí fear áirithe i bhfiantas Mhaoin agus bhí a shealús i gCarmel, agus duine ana-mhór ab ea é, agus bhí trí mhíle cáiora aige agus míle gabhar. Agus do thárla go raibh sé ag bearradh a chaeireach i gCarmel. 3 Agus Nabal ab ainm don fhear san. Agus Abigail ab ainm dá mhnaoi. Agus bhí sí 'na mnaoi chiallmhar, agus bean ana-bhreá ab ea í. Ach bodach ab ea a fear, agus é go holc agus go neamaitheach. Agus de theaghlach Chaleb ab ea é.

4 Agus nuair ' airigh Dáivid, san uaigneas, Nabal a bheith ag bearradh a chaeireach, 5 chuir sé deichniúr fear óg uaidh agus duairt sé leo: Imídh suas go Carmel ag triall ar Nabal, agus beannaídh do, i síocháin, im ainmse. 6 Agus déarfaidh sibh leis: Síocháin dom bráithribh, agus duitse, agus síocháin dod theaghlach, agus síocháin dá bhfuil agat. 7 D'airíos t'aeirí a bhí 'nár bhfochairne san uaigneas, a bheith ag bearradh. Níor chuireamair orthu riamh, ná níor cailleadh aon chuid dá dtréad orthu aon uair, i gcaitheamh na haimsire 'na rabhadar 'nár bhfochair san uaigneas'. 8 Fiafraigh ded sheirbhísigh agus neósfaid siad duit é. Anois, dá bhrí sin, faigheadh do sheirbhísigh fabhar id shúilibh: óir is lá fóna do thánamair chút, aon rud a gheóbhaidh do lámh tabhair dod sheirbhísigh é agus dod mhac Dáivid. 9 Agus do tháinig seirbhísigh Dháivid agus do labhradar na focail sin<sup>\*</sup> le Nabal, in ainm Dháivid, agus ansan d'éisteadar. 10 Agus d'fhreagair Nabal seirbhísigh Dháivid, agus duairt sé: Cé hé Dáivid? Agus cé hé mac Isaí? Is líonmhar in sna laethibh seo seirbhísigh a bhíonn ag teitheadh óna máistríbh. 11 An amhlaidh a thógfadsa mo chuid aráin agus uisce agus feoil mo bheithíoch a mharaíos dom bearbóiríbh, agus thabharfad iad do dhaoibh ná feadar cad as iad? 12 Agus chuaigh seirbhísigh Dháivid thar n-ais a mbóthar féin agus d'inseadar do Dháivid an uile fhocal dá nduairt Nabal. 13 Agus duairt Dáivid<sup>\*</sup>: Criosadh gach fear a chlaíomh uime, agus do chrois Dáivid a chlaíomh uime, leis. Agus do ghluais ag leanúint Dháivid tímpall cheithre chéad fear agus d'fhan dhá chéad fear i bhfeighil a gcuid stóir.

14 Ach d'inis duine de na seirbhísigh d'Abigail, do mhnaoi Nabail, agus duairt sé: Do chuir Dáivid teachtairí amach as an uaigneas ag beannú dár máistir agus d'eitigh an máistir iad. 15 Bhí na fir sin go maith dhúinne, agus níor dheineadar aon cheataí dhúinn, ná níor chailleamair aon rud i gcaitheamh na haimsire go léir an fhaid a bhíomair 'na gcómhluadar san uaigneas. 16 Falla cosanta dhúinn ab ea iad de ló agus d'oíche i gcaitheamh na haimsire go léir a bhíomair 'na bhfochair ag cimeád na gcaorach. 17 Dá bhrí sin cúimhnigh<sup>\*</sup> cad a dhéanfair, mar tá olc beartaithe i gconnibh t'fhir<sup>\*</sup>, oir is mac Bheliail é, agus ní féidir d'aon fhear labhairt leis.

18 Agus do bhrostaigh Abigail agus thóg sí dhá chéad bollóg aráin agus dhá ártach fiona agus chúig cinn de chaoiribh agus iad ollmhaithe, agus chúig tómhais d'arbhar loiscithe, agus céad crobhaing *résíní*, agus dhá chéad ciste d'fhigíbh triomaithe agus chuir sí ar asalaibh iad. 19 Agus duairt sí lena seirbhíseachaibh: Gluaisídhse rómham agus<sup>\*</sup> leanfad sibh. Ach níor inis sí aon ní da fear, Nabal. 20 Agus nuair a bhí sí ar muin asail agus í ag teacht anuas go dtí bun an chnuic, bhí Dáivid agus a chuallacht ag teacht anuas 'na coinnibh ar a haghaidh anonn agus bhuail sí úmpu.

21 Agus duairt Dáivid: is fíor gur bhaoth é mo ghnó ag cimeád ar bhain leis sin sa bhfiantas agus nár cailleadh aon rud dá chuid, agus is olc in aghaidh an mhaith atá tabhartha aige dhom. 22 Go

ndeinidh Dia so agus súd liomsa, agus go gcuiridh sé breis ar namhdaibh Dáivid, má fhágaim<sup>1</sup> dá mbaineann leis, go dtí an mhaidean, oiread agus aon a mhúnann in aghaidh falla. 23 Agus nuair a chonaic Abigail Dáivid do bhrostaigh sí chun túirleacan den asal agus chaith sí í féin ar a haghaidh os cómhair Dháivid agus d'adhar sí ar an dtalamh, 24 agus chaith sí í féin ag á chosaibh agus duairt sí: Bíodh an mhallaitheacht so ormsa, a thiarna. Leog dod bhanóglach labhairt id chluais, aicim ort, agus éist le cainnt do sheirbhísigh. 25 Ná cuireadh mo thiarna an rí suím sa bhfear neamaitheach san Nabal, mar de réir a ainme<sup>2</sup> amadán is ea é, agus tá an amadántacht in' fhochair. Ach mise do bhanóglach, ní fheaca na teachtairí a chuiris uait. 26 Ach anois, a thiarna, tá an Tiarna beó agus tá t-anam beó, agus do chimeád an Tiarna thu ó theacht chun fola, agus shábháil sé do lámh duit: agus anois bíodh do namhaid ar nós Nabail, agus gach éinne lenar mian olc dom thiarna. 27 Dá bhrí sin glac an bheannacht so a thug do bhanóglach ag triall ort, a thiarna, agus tabhair do sna fearaibh óga atá 'od leanúint í, a thiarna. 28 Maith dod bhanóglach a mallaitheacht, óir déanfaidh an Tiarna gan amhras teaghlach dílis dom thiarna, mar taoise, a thiarna, ag troid cathanna an Tiarna. Dá bhrí sin, ná faghtar olc ionat, i gcaitheamh laethanta uile do bheatha. 29 Óir má éiríonn fear aon uair ag déanamh géarleanúna ort, agus ar tí t'anama, cimeádfar anam mo thiarna amhail i bpunann daoine beó, i bhfochair do Thiarna Dia, ach beidh anamnacha do namhad dá scuabadh timpall amhail le fuinneamh<sup>3</sup> an chraínn tabhail. 30 Agus nuair a bheidh déanta ag an dTiarna dhuitse, a thiarna, gach maith dá bhfuil ráite aige id thaobh, agus nuair a bheidh tú curtha aige id rí ar Israél, 31 ní bheidh an ní seo in' abhar buartha agus aithreachais croí dom thiarna, gur dhortais fuil neamhchiontach, ná gur dheinis díoltas ar do shon féin. Agus nuair a bheidh an Tiarna tar éis déanamh go maith dom thiarna, cuímhneóirse ar do bhanóglach.

32 Agus duairt Dáivid le hAbigail: Moladh le Tiarna Dia Israél a chuir thusa im choinnibhse anso an lá so! Agus moladh dod chainntse! 33 Agus moladh dhuitse féin, mar do chimeádaís me inniu gan teacht chun fola agus gan mo dhíoltas a dhéanamh lem láimh féin. 34 Mura mbeadh san, mar is beó an Tiarna Dia Israél, a chimeád me ó olc a dhéanamh ort; mura mbeadh tu ' theacht chómh tapaidh im choinnibh, ní bheadh fágtha ag Nabal ar theacht solais na maidine, aon ag mún in aghaidh falla.

35 Agus do ghlac Dáivid as a láimh gach ar thug sí chuige, agus duairt sé léi: Imigh i síocháin isteach id thigh féin. Féach, tá éistithe agam led ghlór agus tá onóir tabhartha agam dod ghnúis.

36 Agus tháinig Abigail ag triall ar Nabal agus féach, bhí féasta aige 'na thigh, mar a bheadh ag rí, agus bhí croí Nabail go meadhrach, mar bhí sé ar deargmheisce, agus níor inis sí aon rud do, a bheag ná a mhór, go dtí maidean. 37 Ach go moch ar maidin, nuair a bhí a chuid fíona curtha dhe ag Nabal, d'inis a bhean do an scéal agus d'éag a chroí istigh ann agus bhí sé mar a bheadh cloch. 38 Agus tar éis deich lá ' bheith imithe, do bhuail an Tiarna Nabal agus fuair sé bás. 39 Agus nuair ' airigh Dáivid Nabail a bheith marbh, duairt sé: Moladh leis an dTiarna<sup>3</sup> do thug breith ar mo chúis sa tarcaisne a fuaras ó láimh Nabail, agus do chimeád a sheirbhíseach ó olc a dhéanamh, agus tá mallaitheacht Nabail iompaithe ag an dTiarna ar cheann Nabail féin.

1 Caib. 25. véar. 22. "*Má fhágaim*". Gan amhras do dhein Dáivid peaca leis an mbeartú a bhí déanta aige i gcoinnibh Nabail agus a theaghlai, agus d'admhaigh sé féin san 'na dhiaidh sna, nuair a mhol sé Dia mar gheall ar é ' chimeád ón ndíoltas a bhí beartaithe aige.

2 Véar. 25. "*A ainm*". Ciallaíonn Nabal, san Éabhrais, "amadán".

3 Véar. 39. "*Moladh leis an dTiarna*". Molann Dáivid an Tiarna san áit sin, agus ní le háthas mar gheall ar bhás Nabail é (ní a thaispeánfadh mioscais), ach toisc gur chonaic sé a shoiléire do ghoibh Dia a pháirt, ag cur pionóis ar an dtarcaisne a tugadh do, agus dhá chimeád féin ó pheaca an díoltais.

Agus do chuir Dáivid scéala go dtí Abigail gur mhaith leis í ' ghlacadh chuige féin mar mhnaoi. 40 Agus tháinig seirbhísigh Dháivid go Carmel ag triall ar Abigail, agus do labhradar léi, agus dúradar: Do chuir Dáivid chútsa sinn, chun go nglacfadh sé thu chuige féin mar mhnaoi. 41 Agus d'éirigh sí agus do chrom sí síos agus chuir sí a haghaidh chun na talún, agus duairt sí: Féach, bíodh do sheirbhíseach 'na banóglaiigh chun a gcos do ní do sheirbhíseachaibh mo thiarna. 42 Agus d'éirigh Abigail, agus chuaigh sí ar muin asail, agus cúigear ban óg, a mná cóimhdeachta, lena cois, agus do lean sí teachtairí Dháivid, agus bhí sí 'na mnaoi phosta aige. 43 Agus do thóg Dáivid, leis, Achinoam, ó Iesrahel; agus bhíodar araon 'na mnáibh pósta aige. 44 Agus thug Saul a iníon, Michol, bean Dháivid, do Phalti, mac Lais, fear ó Ghallim.

### Caib. a Sé agus Fiche

*Saul ag imeacht amach arís ar thóir Dháivid. Dáivid ag teacht san oíche mar a raibh Saul agus a lucht airm 'na gcodladh, agus é ag cosaint Shaul. Saul dhá admháil arís go bhfuil an éagóir aige, agus ag geallúint síochána.*

1 Agus tháinig fir Siph ag triall ar Shaul i nGabaa agus dúradar: Féach, tá Dáivid i gnuic Hachila atá ar aghaidh an fhiantais amach. 2 Agus d'éirigh Saul agus chuaigh sé síos go dtí fiantas Siph agus trí mhíle d'fhearaibh tofa d'Israél lena chois aige, chun Dáivid do chuardach i bhfiantas Siph. 3 Agus do champaigh Saul i nGabaa Hachila, áit atá ar aghaidh an fhiantais anonn sa tslí. Agus bhí Dáivid 'na chónaí sa bhfiantas. Agus nuair a thuig sé go raibh Saul ar a thóir sa bhfiantas, 4 chuir sé spairí uaidh agus fuair sé go raibh sé ann gan aon amhras. 5 Agus d'éirigh Dáivid i ganfhios, agus tháinig sé chun na háite 'na raibh Saul, agus chonaic sé an áit, agus Saul ann 'na chodladh, agus Abner mac Ner, captaein an airm, agus Saul 'na chodladh i gcábán, agus an chuid eile den tslua mórthimpall air. 6 Agus do labhair Dáivid le hAchimelech an Hetíteach agus le hAbisai mac Sarvia, driotháir Ioab, agus duairt sé: Cé ' raghaidh síos in éineacht liomsa, go dtí Saul, sa longphort. Agus duairt Abisai: Raghadsa leat. 7 Agus tháinig Dáivid agus Abisai san oíche chun na sló, agus fuadar Saul sínte 'na chodladh sa chábán agus a shleagh 'na seasamh sa talamh ag á cheann, agus Abner agus an tslua 'na gcodladh mórthimpall air. 8 Agus duairt Abisai le Dáivid: Tá Dia tar éis do namhad a thabhairt dúnta isteach id lámh duit inniu. Cuirfead mo shleagh tríd go talamh d'aon iarracht, agus ní bheidh gá leis an tarna hiarracht. 9 Agus duairt Dáivid le hAbisai: Ná mairbh é! Óir cé ' chuirfidh a lámh amach in aghaidh úngtha an Tiarna agus a bheidh gan choir? 10 Agus duairt Dáivid: Mar is beó an Tiarna, mura mbuailidh an Tiarna é, nú mura dtagaidh a lá chun báis a dh'fháil, nú mura dtéidh sé síos chun catha agus go dtitfidh sé, 11 go ndeinidh an Tiarna trócaire ormsa i dtreó ná sínfead mo lámh chun úngtha an Tiarna. Ach tóg an tsleagh atá ag á cheann, agus an cupán uisce, agus imímís. 12 Agus do thóg Dáivid an tsleagh agus an cupán uisce a bhí ag ceann Shaul, agus d'imíodar, agus ní fheacaigh éinne é, ná ní raibh ' fhios ag éinne é, ná níor dhúisigh éinne, mar bhí codladh trom ón dTiarna titithe orthu. 13 Agus nuair a bhí Dáivid imithe anonn go dtí an taobh eile, agus é 'na sheasamh ar chnucán i bhfad uathu, agus spás mór eatarthu, 14 do leog Dáivid glao chun an tsló agus chun Abner mac Ner, agus duairt sé: An amhlaidh ná freagróir, a Abneir? Agus d'fhreagair Abner agus duairt sé: Cé hé thusa atá ag glaoch, ag dúiseacht an rí? 15 Agus duairt Dáivid le hAbner: Nách fear tusa? Cé 'tá mar thu in Israél? Cad 'na thaobh más ea ná fuil cimeád déanta agat ar do thiarna an rí. Óir do tháinig duine den phobal isteach chun do thiarna, an rí, a mharú.

16 Ní maith an ní é sin atá déanta agat. Mar is beó an Tiarna, is maca báis sibh, toisc nár chimeádabhair úr máistir, úngtha an Tiarna. Agus anois ca bhfuil sleagh an rí agus an cupán uisce a bhí ag á cheann.

17 Agus d'aithin an rí glór Dháivid agus duairt sé: An é seo do ghlórsa, a Dháivid, a mhic? Agus duairt Dáivid: Is é mo ghlór é, a rí, a thiarna. 18 Agus duairt sé: Cad 'na thaobh go bhfuil mo thiarna ar thóir a sheirbhísigh? Cad 'tá déanta agam? Nú cad é an t-olc atá im lámh? 19 Ach anois, éist, aicim ort, a thiarna a rí, le cainnt do sheirbhísigh. Má spriocann an Tiarna im choinnibh thu, glacadh sé íbirt: ach más maca daoine, tá mallacht i láthair an Tiarna orthu san a chaith amach me an lá so, chun ná déanfainn cónaí in oidhreacht an Tiarna, agus adeir liom: Imigh agus adhar déithe iasachta. 20 Agus anois ná doirtithear mo chuid fola ar an dtalamh os cómhair an Tiarna, óir tá rí Israél tagaithe amach i ndiaidh dearnaite, mar a leantar an phitrisc in sna cnucaibh. 21 Agus duairt Saul: Tá peaca déanta agam. Imigh thar n-ais, a Dháivid, a mhic. Ní dhéanfad a thuilleadh díobhála dhuit, toisc go mba luachmhar m'anam id shúilibh inniu. Óir chítear gur rud gan chiall atá déanta agam agus go bhfuil mórán mór nithe in ainbhios orm. 22 Agus d'fhreagair Dáivid agus duairt sé: Féach, sleagh an rí. Tagadh duine de sheirbhísigh an rí anall agus beireadh sé leis í. 23 Agus tabharfaidh an Tiarna a thuarastal do gach duine de réir a chirt agus de réir a dhílse: óir do thug an rí<sup>1</sup> thusa isteach im lámhse inniu, agus ní chuirfinn amach mo lámh in aghaidh úngtha an Tiarna. 24 Agus fé mar ba mhór agamsa t'anamsa inniu, gura mór ag an dTiarna m'anamsa agus go dtugadh sé saor as gach guais me. 25 Agus duairt Saul le Dáivid: Moladh dhuit, a Dháivid a mhic, agus gan amhras ag déanamh a dhéanfair, agus ag buachtaint a bhuafair. Agus d'imigh Dáivid a bhóthar féin agus chuaigh Saul thar n-ais chun a áite.

### **Caib. a Seacht agus Fiche**

*Dáivid ag dul arís ag triall ar Achis, rí Ghet, agus ag fáil cathrach Siceleg uaidh.*

1 Agus duairt Dáivid 'na chroí: Titfead isteach i lámhaibh Shaul lá éigin: nách fearra dhom teitheadh agus bheith ar lámh shábhála i dtír na bhFílistíneach, i dtreo ná beidh súil liom a thuilleadh ag Saul agus go gcuirfidh sé suas de bheith 'om lorg i gcríochaibh uile Israél. Teitfead as a lámhaibh. 2 Agus d'éirigh Dáivid agus d'imigh sé é féin agus an sé chéad fear a bhí in' fhochair, gach fear acu<sup>3</sup> agus a lín tí aige, agus Dáivid agus a bheirt bhan aige, Achinoam an bhean Iesrahelíteach, agus Abigail bean Nabail ó Charmel.

4 Agus do hínseadh do Shaul go raibh Dáivid tar éis teitheadh go Get agus níor chuaigh sé dhá chuardach a thuilleadh. 5 Agus duairt Dáivid le hAchis: Má tá fabhar fáлта agam id shúilibh, tugtar áit dom i gceann de chathraibh na tíre seo go gcónaíod ann, óir cad chuige go ndéanfadh do sheirbhíseach cónaí sa chathair ríoga i t'fhochairse? 6 Ansan thug Achis do Siceleg an lá san, agus sin é fé ndeara do Shiceleg ' bheith i seilbh ríthe Iúda go dtí an lá so. 7 Agus ar feadh cheithre mhí is ea ' bhí Dáivid 'na chónaí i dtír na bhFílistíneach. 8 Agus d'imigh Dáivid agus a chuallacht fear suas agus dheineadar argain ar Ghessúrí<sup>1</sup>, agus ar Ghersí, agus ar na hAmalecítigh, óir is iad a bhí ó chian ag áitreabh na dtíortha, mar a dtéitear go dtí Sur agus go dtí Tír na hÉigipte féin. 9 Agus do scrios Dáivid an tír go léir, agus níor fhág sé fear ná bean beó ann, agus do rug sé chun siúil na caoire agus na daimh agus na hasail agus na camail agus an t-éadach, agus tháinig sé thar n-ais go dtí Achis. 10 Agus duairt Achis leis: Cé 'na choinnibh gur chuais inniu? Agus duairt Dáivid: I gcoinnibh an taoibh theas de Iúda, agus i gcoinnibh an taoibh theas de Ierameel agus i gcoinnibh an taoibh theas de Cheni. 11 Agus níor shábháil Dáivid fear ná bean ná níor thug sé éinne acu leis

1 Caib. 27. véar. 8. "Gessúrí". Is dócha gur namhaid do mhúintir Dé gurbh ea iad san, agus gur dhaoine cuid acu, nú iad go léir, go raibh órdaithe ag Dia iad do dhísciú, rud a dhéanfadh ceart gach ar dhein Dáivid leó. Ní foláir a chur síos, áfach, anso, ná fuil orainn gach aon rud a dhein Dáivid do chosaint, mar nuair a dh'inseann an scriptúir rud a deineadh ní deir sé maith ná olc leis, agus dá mb'iad fíorsheirbhísigh Dé féin iad ní ceart aithris a dhéanamh orthu ins gach ní dá ndeind siad.

## Samuél, nú Ríthe: leabhar a haon

go dtí Get, dhá rá: Le heagla go labharfaidís 'nár gcoinnibh. Sin mar a dhein Dáivid é, agus sin mar a lean sé ag déanamh i gcaitheamh na laethanta go léir an fhaid a bhí sé i dtír na bhFilistíneach. 12 Agus do chreid Achis Dáivid agus duairt sé: Tá mórán díobhála déanta aige dá dhaoibh féin Israél: Dá bhrí sin, beidh sé 'na sheirbhíseach agamsa go deó.

### Caib. a hOcht agus Fiche

*Na Philistínigh ag dul amach chun cogaidh le hIsraél. Saul ag dul ag triall ar mhnaoi fheasa, toisc Dia ' bheith imithe uaidh. Taispeánann Samuél é féin do.*

1 Agus do thit amach in sna laethibh sin gur chruinnigh na Philistínigh a slóite i dteannta ' chéile, dhá n-ollmhú féin chun cogadh in aghaidh Israél. Agus duairt Achis le Dáivid: Bíodh ' fhios agat anois go deimhin go gcaithfir dul amach chun an chogaidh in éineacht liomsa, tusa agus do chuallacht fear. 2 Agus duairt Dáivid le hAchis: Anois a bheidh ' fhios agat cad a dhéanfaidh do sheirbhíseach. Agus duairt Achis le Dáivid: Agus ceapfadsa thusa chun m'anama do chosaint go deó.

3 Ach bhí Samuél tar éis bháis, agus do chaoin Israél uile é, agus d'adhacadar é i Ramata, a chathair féin. Agus bhí Saul tar éis lucht draíochta agus lucht feasa do dhíbirt as an dtír. 4 Agus do cruinníodh na Philistínigh i dteannta ' chéile agus do champaíodar i Sunam. Agus do chruinnigh Saul Israél go léir agus tháinig sé go Gelboe. 5 Agus do chonaic Saul slua na Philistíneach, agus tháinig eagal air, agus do scannraigh a chroí go mór. 6 Agus do chuaigh sé i gcómhairle an Tiarna, agus níor thug an Tiarna aon fhreagra air, le haislingíbh, ná le sagartaibh, ná le fáidhíbh. 7 Agus duairt Saul lena sheirbhíseachaibh: Soláthraídh dom bean go bhfuil sprid fáistineach aici, agus raghad ag triall uirthi agus fiafród tríthi. Agus duairt a sheirbhísigh leis: Ta bean in Endor agus tá sprid fáistineach aici. 8 Ansan do chuir sé ceilt air féin, agus chuir sé athrach éadaigh uime, agus d'imigh sé agus beirt fhear in éineacht leis, agus tháinig sé chun na mná san oíche, agus duairt sé léi: Dein fáistineacht dom leis an bpútón, agus tóg chúm an té adéarfad leat. 9 Agus duairt an bhean leis: Féach, is eól duit a bhfuil déanta ag Saul, agus conas mar atáid lucht draíochta agus lucht fáistine scriosta amach as an dtír aige. Cad chuige dhuit, dá bhrí sin, gaiste do chur roim mh'anam, chun me ' chur chun báis? 10 Agus do dhearbhaigh Saul di, dar an Tiarna, agus duairt sé: Mar is beó an Tiarna ní thiochfaidh aon drochní ort mar gheall ar an ngnó so. 11 Agus duairt an bhean leis: Cé ' thabharfad aníos chút? Agus duairt sé: Tabhair Samuél aníos chúm. 12 Agus nuair a chonaic an bhean Samuél, do liúigh sí amach go hárd agus duairt sí le Saul: Cad chuige dhuit me ' mhealladh? Is tu Saul. 13 Agus duairt Saul: Ná bíodh eagal ort. Cad a chonaicis? Agus duairt an bhean le Saul: Do chonac déithe ag teacht aníos as an dtalamh. 14 Agus duairt sé léi: Cad é an cló atá air? Tá seanóir ag teacht aníos agus é clúdaithe le brat. Agus do thuig Saul gurbh é Samuél<sup>1</sup> a bhí ann, agus do chrom sé é féin, agus a aghaidh ar an dtalamh agus d'adhar sé. 15 Agus duairt Samuél le Saul: Cad chuige dhuit mo shuaimhneas do bhuaireamh go dtabharfí aníos me? Agus duairt Saul: Táim i gcruatan ana-mhór, óir táid na Philistínigh ag cur chogaidh orm, agus tá an Tiarna imithe uaim, agus ní éistfeadh sé liom trí láimh fáidh ná trí aislingíbh: dá bhrí sin is ea ' ghlaos ortsa chun go dtaispeánfá dhom cad 'tá le déanamh agam. 16 Agus duairt Samuél: Cad chuige dhuit bheith dhá fhiafraí dhíomsa, ó tá an Tiarna imithe uait, agus tar éis dul anonn chun do thnúthaigh. 17 Óir déanfaidh an Tiarna leat mar aduairt sé liomsa, agus stracfaidh sé do ríocht as do láimh, agus tabharfaidh sé í dod chómharsain, do Dháivid: 18 toisc nár dheinis réir gutha an

1 Caib. 28. véar. 14. "Thuig sé gurbh é Samuél". Deir an chuid is mó de sna haithreachaibh naofa, agus de sna heidirmhíneitheoiríbh gur taispeánadh anam Shamuél gan amhras, agus nách annsprid a tháinig i ríocht Shamuél, mar a mheasaid drong. Ní dhá rá é, áfach, go bhféadfadh cómhacht draíochta na mná san é ' thabhairt ann, ach gurbh é toil Dé, mar phionós ar Shaul Samuél do theacht chun na n-olc a bhí ag teacht air a dh'insint do. Feic Eccli. 46:23.

Tiarna agus nár imris fíoch a fheirge ar Amalec. Uime sin atá déanta ag an dTiarna leat a bhfuil agat dá fhulag inniu. 19 Agus tabharfaidh an Tiarna Israél suas, [leat]<sup>\*</sup>, i lámhaibh na bhFilistíneach, agus amáireach beirse agus do mhaca im fhochairse<sup>1</sup>, agus tabharfaidh an Tiarna suas, leis, slua Israél i lámhaibh na bhFilistíneach. 20 Agus do thit Saul láithreach anuas sínte ar an dtalamh, óir bhí sé scannraithe ó bhréithribh Shamuél, agus ní raibh aon neart ann, mar bhí sé gan aon bhia a dh'ithe an lá san go léir. 21 Agus tháinig an bhean go dtí Saul (óir bhí ana-bhuaireamh air) agus duairt sí leis: Féach, tá do bhanóglach tar éis rud a dhéanamh ar do ghuth, agus tar éis m'anama do chur im láimh chúm, agus d'éistean leis an gcainnt a labhrais liom. 22 Anois, dá bhrí sin, éistse mar an gcéanna le briathar do bhanóglái agus leog dom blúire aráin a chur os do chómhair i dtreó go n-íosfair é agus go dtiocfaidh do neart chút agus go bhféadfair dul chun do bhóthair. 23 Ach do dhiúltaigh sé agus duairt sé: Ní íosfad aon bhia. Ach bhí a sheirbhísigh agus an bhean ag tathant air, agus fé dheireadh<sup>\*</sup> d'éirigh sé ón dtalamh agus do shuigh sé ar an leabaidh. 24 Agus bhí gamhain ramhar ag an mnaoi sa tigh agus bhrostaigh sí agus mhairbh sí an gamhain, agus thóg sí roinnt mine agus d'fhuin sí an mhin agus dhein sí roinnt aráin gan giost, 25 agus chuir sí os cómhair Shaul agus a sheirbhíseach é, agus d'itheadar an bia agus ansan d'éiríodar agus thugadar an oíche sin go léir ag siúl.

### Caib. a Naoi agus Fiche

*Dávid ag dul leis na Philistíneachaibh agus ríogra na bhFilistíneach dhá chur siar.*

1 Ach bhí slóite uile na bhFilistíneach cruinnigthe i dteannta ' chéile go dtí Aphec, agus bhí Israél, mar an gcéanna, campaithe ag an dtobar atá i Iesrahel. 2 Agus bhí ríogra na bhFilistíneach ag gluaiseacht lena gcéadtaibh agus lena mítibh, agus bhí Dávid agus a chuallacht thiar ar deireadh i dteannta Achis. 3 Agus duairt ríogra na bhFilistíneach le hAchis: Cad chuige na hÉabhraigh sin? Agus duairt Achis le ríogra na bhFilistíneach: Ná haithníonn sibh Dávid a bhí 'na sheirbhíseach ag Saul, rí Israél, agus atá agamsa le mórán laethanta, nú blianta, agus ní bhfuaras aon locht ann ón lá do theith sé anall chúm go dtí an lá so? 4 Ach bhí fearg ar ríogra na bhFilistíneach [chuige]<sup>\*</sup> agus dúradar leis: Imíodh an fear san thar n-ais, agus fanadh sé in' áit féin, an áit a cheapais do, agus ná téadh sé síos in éineacht linne chun an chatha, le heagla gur 'na namhaid a bheadh sé againn nuair a thosnóimís an cath: óir conas eile a shásóidh sé a mháistir ach lenár gceannaibhne? 5 Nách é seo Dávid go rabhadar ag cantainn 'na gcóraibh chuige, nuair adeiridís:

“Do mhairbh Saul a mhílte  
agus Dávid a dheicheanna mílte?”

6 Ansan do ghlaeigh Achis chuige Dávid agus duairt sé leis: Mar is beó an Tiarna is fear fóna ionnraic tusa im shúilibhse, agus sin mar atá do dhul amach agus do theacht isteach leis an slua, agus ní bhfuaras aon ní nárbh fhóna ionat ón lá a tháinis chúm, go dtí an lá so. Ach ní thaithneann tú leis na huaislibh. 7 Éirigh thar n-ais, dá bhrí sin, agus imigh i síocháin, i dtreó ná beir ag cur míthaithnimh ar shúilibh priúnsaí na bhFilistíneach. 8 Agus duairt Dávid le hAchis: Ach cad 'tá déanta agam, agus cad 'tá fála agat ionam<sup>\*</sup> ón lá a thánag fét shúilibh go dtí an lá so, chun a rá nách ceadaithe dhom dul agus troid in aghaidh namhad mo thiarna an rí? 9 Agus duairt Achis le Dávid dhá fhreagradh: Is eól dom gur maith thu im radharc, mar aingeal ó Dhia, ach tá ráite ag ríogra na bhFilistíneach: Ní chaithfidh sé dul suas in éineacht linne chun an chatha. 10 Dá bhrí sin éirigh ar maidin, tu féin agus na seirbhísigh sin led thiarna, a tháinig leat, agus nuair a bheir id shuí roim lá agus a bheidh an lóchaint ann imigh do bhóthar. 11 Mar sin d'éirigh Dávid

1 Véar. 19. “Im fhochairse”. 'Sé sin i measc na marbh, agus ar an saol eile, bíodh nách san áit chéanna.

agus a chuallacht san oíche i dtreó go bhféadfaidís gluaiseacht ar maidin, agus chuadar thar n-ais go tír na bhFilistíneach: agus chuaigh na Philistínigh suas go dtí Iesrahel.

## Caib. a Tríochad

*Na hAmalecítigh ag loscadh Shiceleg agus ag breith foghla leó. Dáivid ar a dtóir, agus é ag baint na foghla go léir díobh.*

1 Ach nuair a tháinig Dáivid agus a chuallacht go Siceleg, an tríú lá, bhí na hAmalecítigh tar éis rith isteach ón dtaobh theas ar Shiceleg agus tar éis Siceleg do bhualadh agus do loscadh le tine, 2 agus tar éis na mban a bhí ann do thógaint leó i mbraighdineas, idir bheag agus mór. Ach níor mharaíodar éinne, ach iad do thógaint leó agus imeacht. 3 I dtreó, nuair a tháinig Dáivid agus a chuallacht chun na cathrach go bhfuadarar í loiscithe le tine agus a mná agus a gclann mhac agus a gclann iníon bertha chun siúil i mbraighdineas. 4 Agus d'árdaigh Dáivid agus a chuallacht a nglór agus bhíodar ag gol go dtí ná raibh a thuilleadh deór acu. 5 Óir bhí beirt bhan Dháivid bertha chun siúil i mbraighdineas, Achinoam an Iesrahelíteach agus Abigail, bean Nabail ó Charmel. 6 Agus bhí Dáivid ana-bhuartha, mar bhí fonn ar na daoinibh gabháil de chlochaibh ann, mar bhí buairt theinn ar gach fear mar gheall ar a mhacaibh agus ar a iníonaibh. Ach do ghlac Dáivid misneach 'na Thiarna Dia. 7 Agus duairt sé le hAbiatar an sagart, mac Achimelech: Tabhair anso an t-*ephod*. Agus thug Abiatar an t-*ephod* chun Dáivid. 8 Agus chuaigh Dáivid i gcómhairle an Tiarna, agus duairt sé: An raghad ar thóir na bhfoghlaith, agus an dtiocfad suas leó, nú an dteipfidh orm? Agus duairt an Tiarna leis: Imigh ar a dtóir: mar is deimhin go dtiocfair suas leó agus go mbainfir díobh an fhoghail. 9 Mar sin do ghluais Dáivid, é fein agus an sé chéad fear a bhí in' fhochair, agus thánadar go dtí sruth Bhesoir. Agus bhí cuid den chuallacht cortha agus d'fhanadar san áit sin. 10 Ach do lean Dáivid ar an dtóir, é fein agus cheithre chéad fear, óir d'fhan dhá chéad fear siar, mar bhíodar tuirseach agus níor fhéadar gabháil thar shruth Bhesoir. 11 Agus fuaradar Éigipteach sa pháirc agus thugadar ag triall ar Dháivid é: agus thugadar bia le n-ithe dho agus uisce le n-ól, 12 agus 'na theannta san blúire de chiste figí agus dhá chrobaing *résíní*. Agus nuair a bhíodar san ite aige, tháinig a sprid thar n-ais chuige agus tháinig sé chuige fein: mar bhí sé trí lá agus trí oíche gan bia ' dh'ithe ná uisce ' dh'ól.

13 Agus ansan duairt Dáivid leis: Cé leis tusa? Nú cá dtáinís? Nú ca bhfuilir ag dul? Duairt seisean: óigfhear ón Éigipt is ea me, seirbhíseach le hAmalecíteach, agus d'fhág mo mháistir me, mar do thosnaíos ar bheith breóite trí lá ó shin. 14 Mar do thugamair ruag ar an dtaobh theas de Cherití, agus ar Iúda, agus ar an dtaobh theas de Chaleb, agus do loisceamair Siceleg le tine. 15 Agus duairt Dáivid leis: An bhféadfá me ' thabhairt go dtí an chuallacht san? Agus duairt seisean: Dearbhaigh dómhsa dar Dia ná maróir me, agus ná tabharfair isteach i lámhaibh mo mháistir me, agus tabharfad go dtí an chuallacht san tu. Agus dhein Dáivid an dearbhú dho. 16 Agus thug sé ann é, agus féach, bhíodar 'na luí leata amach ar an dtalamh go léir agus iad ag ithe agus ag ól fé mar a bheadh lá féile acu á chimeád, mar gheall ar na creachaibh go léir agus ar an bhfoghail a bhí tabhartha acu amach a tír na bhFilistíneach agus a talamh Iúda. 17 Agus bhí Dáivid dhá marú ón dtráthnóna san go dtí tráthnóna an lae a bhí chúinn, agus níor chuaigh aon fhear acu as ach amháin cheithre chéad fear óg a chuaigh ar chamallaibh agus do theith. 18 Agus do theasargain Dáivid gach a raibh bertha leó ag na hAmalecíteachaibh, agus do shaor sé a bheirt bhan. 19 Agus ní raibh aon ní ag teastabháil, beag ná mór, clann mhac ná clann iníon ná foghail'. Do fuair Dáivid arís iad go léir.

20 Agus thóg sé na tréadta go léir agus an bhuar agus chuir sé roimis amach iad, agus dúradar: Sid í foghail Dháivid 21 agus tháinig Dáivid go dtí an dá chéad fear a coireadh agus d'fhan siar, agus



## Samuél, nú Rítthe: leabhar a haon

nár fhéad leanúint i ndiaidh Dháivid, agus go nduairt Dáivid leó fanúint ag sruth Bhesoir: agus thánadar amach i gcoinnibh Dháivid agus na bhfear a bhí in éineacht leis. Agus tháinig Dáivid chun na ndaoine agus bheannaigh sé go síochánta dhóibh. 22 Ansan do labhair pé daoine mallaithe éagórtha a bhí tar éis dul le Dáivid, agus dúradar, ag freagairt: Toisc nár chuadar in éineacht linne ní thabharfaimídne dóibh aon chuid den fhoghail a fuaramair. Tógadh gach fear díobh a bhean agus a chlann agus imíodh sé a bhóthar.

23 Ach duairt Dáivid: Ní mar sin a chaithfidh sibh a dhéanamh, a bhráithre, leis na nithibh seo atá tabhartha ag an dTiarna dhúinn. Do chimeád an Tiarna sinn, agus thug sé isteach 'nár lámhaibh dúinn na foghlaithe do dhein an ruag orainn. 24 Agus ní éistfidh aon fhear libhse sa ghnó so. Ach beidh aon fháltas amháin ag an bhfear a chuaigh síos chun an chatha agus ag an bhfear a dh'fhan i bhfeighil an stóir, agus déanfaid siad an roinnt mar a chéile.

25 Agus do deineadh san ón lá san amach, agus ó shin do deineadh reacht agus óirdniú agus dlí dhe in Israél.

26 Agus tháinig Dáivid go Siceleg, agus churi sé bronntanaisí as an bhfoghail chun seanóirí Iúda, a chómharsain, agus duairt sé: Glacaidh beannacht den fhoghail a baineadh de namhaid an Tiarna: 27 agus chun muintire Bhetel, agus chun muintire Ramoit theas, agus chúthu san a bhí i Ieter, 28 agus chúthu san a bhí in Aroer, agus a bhí i Sephamot agus a bhí in Estamo, 29 agus a bhí i Rachal agus a bhí i gcathrachaibh Ierameel, agus a bhí i gcathrachaibh Cheni, 30 agus a bhí in Arama, agus a bhí loch Asain, agus a bhí in Atach, 31 agus a bhí i Hebron, agus chun na cod' eile a bhí in sna háiteannaibh 'na mbíodh Dáivid agus a chuallacht ag cónaí.

### Caib. Tríochad a hAon

*Bua dá bhreith ag na Philistínigh ar Israél. Maraítear Saul agus a thriúr mac.*

1 Agus do throid na Philistínigh in aghaidh Israél, agus do theith fir Israél roimis na Philistínigh agus do thiteadar ar lár marbh ar chnuc Ghelboe. 2 Agus do rith na Philistínigh chun Saul agus chun a mhac agus mharaíodar Ionatan agus Abinadab agus Melchisua, triúr mac Shaul. 3 Agus do hiompaíodh troime<sup>\*</sup> an chatha ar Shaul, agus tháinig na boghdóirí suas leis, agus do ghoineadar na boghdóirí é go léanmhar. 4 Agus duairt sé<sup>\*</sup> lena ghiolla airm: Tarraig do chlaíomh agus mairbh me, sara ndéanfadh an drong neamhthimpallgheárrtha san me ' mharú agus go mbeidís 'om tharcaisniú. Agus ní dhéanfadh an giolla airm é: mar bhí uathás ana-mhór air. Ansan do thóg Saul a chlaíomh féin agus chaith sé é féin anuas ar an gclaíomh. 5 Agus nuair a chonaic an giolla airm an ní sin, eadhon, Saul a bheith marbh, do chaith sé é féin ar a chlaíomh féin, agus fuair sé bás in éineacht leis. 6 Mar sin a fuair Saul bás, agus a thriúr mac, agus a ghiolla airm, agus na fir go léir a bhí aige, an lá céanna san, in éineacht. 7 Agus na fir d'Israél a bhí lastall den ghleann agus thar Iórdan, nuair a chonacadar clann Israél ar teitheadh agus Saul agus a chlann mhac marbh, do theitheadar as a gcathracha agus tháinig na Philistínigh agus chónaíodar iontu. 8 Agus amáireach a bhí chúinn tháinig na Philistínigh chun an éadaigh a bhaint de sna mairbh, agus fuaradar Saul agus a thriúr mac sínte ar chnuc Ghelboe, 9 agus bhaineadar a cheann de Shaul agus bhaineadar a threalamh gaisce dhe. Agus chuireadar teachtairí trí thír na bhFilistíneach **m**<sup>1</sup>órhímpall, dhá fhógairt i dteampallaibh a n-íodal agus i measc na ndaoine, 10 agus chuireadar a threalamh gaisce isteach i dteampall Astaroit, ach do chrochadar a chorp ar fhalla Bhetsain. 11 Agus d'airigh muintir Iábes Galaid an ní sin, a méid a bhí déanta ag na Philistínigh le Saul, 12 agus d'éirigh na

1 mhórhímpall in the manuscript.

fir ba chróga acu agus thugadar an oíche go léir ag siúl agus thógadar corp Shaul agus cuirp a mhac d'fhalla Bhetsain: agus thánadar go Iábes Galaaid agus do loisceadar ann iad. 13 Agus thógadar a gcnámha agus d'adhacadar iad i gcóill Iábes, agus do throisceadar seacht lá.\*

## Nótaí

- 1 *Tar éis bídh agus dí do chaitheamh*: a later hand completes the translation by adding here *i Síló*.
- 1 *Agus í ag iomadú a guíonna*: a later hand completes the translation by adding here *os cómhair an Tiarna*.
- 3 *Go dtugaidh an Tiarna síol duit ón mnaoi seo thar cheann na hiasachta atá tabhartha agat don Tiarna*: a later hand completes the translation by adding here *agus d'imíodar abhaile*.
- 4 *Níor aithin Samuél [fós] an Tiarna*: the word *fós* is added by a later hand and retained here to complete the sense.
- 5 *Agus d'fhiafraigh sé*: a later hand here adds *dhe*.
- 6 *Tháinig sé chun Héilí*: a later hand corrects the translation to *tháinig sé agus d'inis sé an scéal do Héilí*.
- 7 *An airc*: a later hand corrects the translation to *airc Dé*.
- 8 *Go raibh na tóin óir ann*: a later hand corrects the translation to *go raibh na hárthaí óir ann*.
- 8 *Cé ' fhéadfaidh seasamh i láthair an Tiarna, an Dia naofa so?*: a later hand completes the translation by adding here *agus cé chuige go raghaidh sé suas uainn?*
- 8 *I dtigh Abinadaib Ghabaa*: a later hand corrects the translation to *i dtigh Abinadaib i nGabaa*.
- 9 *Tháinig seanóirí Israél go léir ag triall ar Shamuél*: a later hand attempts the correct the translation here to *chrionnaigh seanóirí Israél go léir i bhfochair a chéile agus thánadar ag triall ar Shamuél*. Presumably the later hand inserting this amendment intended *chruinnigh* and not *chrionnaigh*.
- 10 The translation of 1 Samuél 8:12 is missing and supplied by a later hand on the back of a sheet in the manuscript: *agus ceapfaidh sé cuid acu 'na dtríbúnaibh agus tuilleadh acu 'na dtaoiseachaibh céad, agus tuilleadh<sup>1</sup> acu chun a chod' gort do threabhadh agus chun an arbhair do bhaint agus tuill' acu chun airm agus carbad a dhéanamh do*.
- 10 *Agus Samuél dhá úngadh*: this is a mistranslation, as the heading to 1 Samuél 9 in the Douay Bible reads "... Samuel, by whom he is entertained".
- 11 *Dá bhrí [sin]*: the word *sin* is inserted by a later hand and retained here to complete the sense.
- 14 The translation of 1 Samuél 12:7 is given by a later hand on the back of a sheet in the manuscript: *Anois, dá bhrí sin, éirídh 'núr seasamh go ndéanfad plé i mbreithiúntas os cómhair an Tiarna 'núr gcoinnibhse, i dtaobh ceannsachta uile an Tiarna, an cheannsacht do dhein sé dhíbh agus dúr n-aithreachaibh*.
- 14 *Agus a chuir 'na gcónaí san áit seo iad*: these are only the final words of 1 Samuél 12:8. The missing passage that precedes these words is given by a later hand on the back of a sheet in the manuscript: *Conas mar a chuaigh Iácób síos san Éigipt agus do ghlaeigh úr n-aithreacha ar an dTiarna, agus do chuir an Tiarna Maois agus Aaron uaidh, agus thus sé úr n-aithreacha amach as an Éigipt*.
- 15 *Tá an t-olc san déanta agaibh*: a later hand completes the translation by adjusting it to *tá an t-olc san go léir déanta agaibh*.
- 16 *Mura ndeintá san*: a later hand corrects the translation here from *dá ndeintá san*. *Mara* in the suggested amended text is adjusted here to *mara*, in line with PUL's usage throughout manuscript.

1 Check spelling on back on p1168 in the manuscript.

- 16 The translation of 1 Samuél 13:23 is missing in the manuscript and given in a later hand on the back of a sheet in the manuscript: *agus do ghluais slua na bhFílistíneach amach chun dul níos sia isteach i Machmas.*
- 17 *An chéad éirleach a [dhein] Ionatan:* the word *dhein* was inserted by a later hand and is retained here to complete the sense.
- 20 *Do mharaíodar an chuid eile dhíobh:* a later hand corrects the translation to *do mharaíomair an chuid eile dhíobh.*
- 20 *Agus duairt Samuél:* a later hand completes the translation by adding here *leis.*
- 21 *Bhí iúnadh ar sheanóiríbh na cathrach nuair a chonacadar é:* a later hand completes the translation by adding here *agus do chuadar chuige.*
- 21 *Do chruinnigh na Fílistínigh a slóite:* a later hand completes the translation by adding here *i Socho Iúda.*
- 23 *Ag an gcruinniú go léir:* a later hand completes the translating by adjusting it to *ag an gcruinniú so go léir.*
- 24 *Captaein a airm:* a later hand corrects the translation to *captaein an airm.*
- 24 *Mar bhí grá aige dho mar a anam féin:* a later hand adjusts the translation to *mar bhí grá aige dho mar a bhí aige dá anam féin.* While the expansion is logically correct, the Douay Bible here has “for he loved him as his own soul”. The Latin Vulgate here has *diligebat enim eum quasi animam suam*, where no expansion is required because *animam suam* is accusative and therefore its relation to the verb (*diligebat*) is clear. Arguments that English and Irish should contain logical expansions in such sentences appear influenced by awareness of Latin grammar. A similar amendment is incongruously not made by the later reviser of the manuscript at 1 Samuél 20:17.
- 24 *Bhídís ag seinnt:* a later hand corrects the translation to *bhíodh na mná ag seinnt.*
- 24 *’Na thigh féin:* a later hand corrects the translation to *i lár a thí féin.*
- 24 *Do léim Dáivid i leataoibh uaidh:* a later hand completes the translation by adding here *dhá uair.*
- 26 *Thug Saul iarracht ar Dháivid do thárnáil ar an bhfalla lena shleagh:* a later hand completes the translation by adding here *agus d’éalaigh Dáivid a láthair Shaul.*
- 26 *Tháinig sprid an Tiarna air féin:* a later hand completes the translation by adding here *leis.*
- 27 *An amhlaidh a cheil m’athair an focal san orm?:* the Douay Bible here has “hath then my father hid this word only from me?” A later hand adjusts the translation to *an amhlaid a cheil m’athair an focal san amháin orm?* **The word *amháin* is possibly poorly placed in the suggested amendment (compare *an amhlaidh is orm amháin a cheil m’athair an focal san?*).**
- 27 *I bhfad uaimse sin!:* a later hand corrects the translation here to *i bhfad uaitse sin.* PUL’s form is retained because it makes sense as a sentence in context, although not being an accurate translation.
- 30 *Achimelech an sagart:* this is an incomplete translation, as the Douay Bible here has “Achimelech the son of Achitob the priest”.
- 32 *Beirse id rí in Israél:* the Douay Bible here has “thou shalt reign over Israel”. Consequently, a later hand adjusts this to *beirse id rí ar Israél.*
- 32 *I dtreó ná déanfadh aon ní den tsórd san lem mháistir, úngtha an Tiarna, [agus] go gcuirfinn mo lámh air:* the manuscript had *ná go gcuirfinn mo lámh air*, but it was adjusted by a later hand as shown, and the amendment is accepted here.
- 33 *Agus dhein Dáivid an dearbhú:* a later hand completes the translation by adding here *do Shaul.*
- 34 *I gcaitheamh na haimsire ’na rabhadar ’nár bhfochair san uaigneas:* this is an inaccurate translation, as the Douay Bible has, not “in the wilderness”, but “in Carmel”.
- 34 *Do labhradar na focail sin:* a later hand completes the translation by adding here *go léir.*
- 34 *Agus duairt Dáivid:* a later hand completes the translation by adding here *leis na fearaibh óga.*
- 34 *Dá bhri sin cuímhnich:* a later hand completes the translation by adding here *agus breithnigh.*

- 34 *I gcoinnibh t'fhir*: a later hand completes the translation by adding here *agus i gcoinnibh t'eaghlaigh*, apparently for *agus i gcoinnibh do theaghlaigh*.
- 34 *Gluaisídhse rómham agus leanfad sibh*: a later hand completes the translation by adjusting it to *gluaisídhse rómham agus, féach, leanfad sibh*.
- 35 *Dá scuabadh tímpall amhail le fuinneamh an chraínn tabhaill*: a later hand completes the translation by adjusting it to *dá scuabadh tímpall amhail le fuinneamh agus le casadh an chraínn tabhaill*.
- 36 *Agus d'éirigh Abigail*: a later hand completes the translation by adding here *agus dithneas uirthi*.
- 37 *An rí*: a later hand corrects the translation here to *an Tiarna*.
- 37 *Gach fear acu*: a later hand completes the translation by adding on the back of a sheet in the manuscript *ag triall ar Achis, mac Mhaoch, rí Ghet*.
- 37 *Agus a lín tí aige*: a later hand completes the translation by adding on the back of a sheet in the the manuscript, before these words, *agus bhí Dávid 'na chónaí i dteannta Achis, é féin agus a chuallacht*.
- 38 *Agus duairt Saul*: a later hand corrects the translation to *agus duairt an rí*.
- 39 *Agus tabharfaidh an Tiarna Israél suas, [leat], i lámhaibh na bhFilistíneach*: as the Douay Bible here has “and the Lord also will deliver Israel with thee into the hands of the Philistines”, the correction of *leis* in the manuscript to *leat* is accepted here. However, the correction was incorrectly made in the manuscript, being made in a later clause in this verse where the Douay Bible has “and the Lord will also deliver the army of Israel into the hands of the Philistines”. The manuscript has *i láimh na bhFilistíneach* and then later on *i lámhaibh na bhFilistíneach* in this verse. However, in both cases the Latin Vulgate has *in manus* (accusative plural), and so *i lámhaibh* is used in both instances in this edition.
- 39 *Agus fé dheireadh d'éirigh sé*: a later hand completes the translation by adjusting it to *agus fé dheireadh ag géilleadh dhóibh, d'éirigh sé*.
- 39 *Bhí fearg ar ríogra na bhFilistíneach [chuige]*: the word *chuige* is supplied by a later hand in the manuscript and retained here to complete the sense.
- 39 *Ionam*: this is an incomplete translation as the Douay Bible here has “in me thy servant”.
- 40 *Tabhair anso an t-ephod*: a later hand completes the translation by adjusting it to *tabhair anso chúm an t-ephod*.
- 40 *Clann mhac ná clann iníon ná foghail*: a later hand completes the translation by adding here *ná aon rud a thógadar*.
- 41 *Tógadh gach fear díobh a bhean agus a chlann agus*: a later hand completes the translation by adding here *sásta agus*.<sup>1</sup>
- 41 *Do hiompaíodh troime an chatha ar Shaul*: a later hand completes the translation by adjusting it to *do hiompaíodh troime uile an chatha ar Shaul*.
- 41 *Agus duairt sé*: a later hand corrects the translation here to *agus duairt Saul*.
- 42 A note in the manuscript here says: *Dé hAoine, an t-aonú lá fichid de Bhealltaine, 1915, a críochnaíodh an leabhar so a haon de sna Ríthibh*.

1 This seems incomplete, but I need to check p1297 in the manuscript to see if there is an additional word I can't see.